

Tuarascáil Bhliantúil Bhus Éireann Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021



Athrú á Spreagadh ar mhaithe le Saol Inbhuanaithe

Buaicphointí na bliana 2021



66.4 milliún ciliméadar clúdaithe, agus 130 milliún ciliméadar eile ar an scéim iompair scoile



57.5 milliún aistear paisinéirí



230+ bealach OSP agus Expressway ar fud na hÉireann



17 bpríomhshuíomh ar fud na hÉireann



Ritheadh 99% de na seirbhísí



Breisluch geilleagrach €267 milliún



122,000 leanbh ar sheirbhísí iompair scoile – an líon is airde riamh



9,000 bealach scoile



2,761 fostaí



Daoine de 46 náisiúntacht i measc na bhfostaithe



Éide nua do gach tiománaí, maoirseoir agus fostaí a bhíonn ag déileáil le custaiméirí.




Mná arbh ea duine as gach cúigear fostaithe nua in 2021




Ráta timpistí 14% níos ísle i measc na bpaisinéirí



An chéad straitéis inbhuanaitheachta foilsithe



Rinneadh 6,100 bonn a athúsáid nó a athchúrsáil in 2021



61 bus hibrídeach leictreach seachadta in 2021

Clár na nÁbhar

Buaicphointí		xx	
Maidir le Bus Éireann		xx	
Ceann Scríbe 2023		xx	
1. Ráiteas ón gCathaoirleach	xx	5. Faisnéis faoin gCuideachta	xx
2. Athbhreithniú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	xx	5.1 An Bord Stiúrthóirí	xx
3. Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais	xx	5.2 An Fhoireann Ardcheannaireachta	xx
4. Athbhreithniú ar Oibríochtaí	xx	6. Tuarascáil na Stiúrthóirí	xx
4.1 Sábháilteacht	xx	7. Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	xx
4.2 Eispéireas na gCustaiméirí	xx	8. Tuarascáil an Iniúchára Neamhspleách	xx
4.3 Athbhreithniú ar an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí	xx	9. Ráitis Airgeadais	xx
4.4 Athbhreithniú ar Sheirbhísí Iompair Scoile	xx	9.1 Cuntas Brabúis agus Cailteanais	xx
4.5 Athbhreithniú ar Expressway	xx	9.2 Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach	xx
4.6 Inbhuanaitheacht	xx	9.3 Clár Comhardaithe	xx
4.7 Ceannaireacht agus Daoine	xx	9.4 Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna	xx
4.8 Teicneolaíocht	xx	9.5 Ráiteas um Shreabhadh Airgid	xx
4.9 Saoráidí/Réadmhaoin	xx	9.6 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	xx
4.10 Margaíocht	xx		
4.11 Cumarsáid Chorporáideach	xx		



Is é Bus Éireann cuideachta bus náisiúnta na hÉireann agus tá sé ar cheann de phríomhsholáthraithe seirbhísí iompair na hÉireann. Gach uile sheachtain, déanaímid na milliúin duine a nascadh leis na daoine agus na rudaí is ansa leo

Maidir le Bus Éireann

Is é Bus Éireann cuideachta bus náisiúnta na hÉireann agus tá sé ar cheann de phríomhsholáthraithe seirbhísí iompair na hÉireann. Gach uile sheachtain, déanaimid na milliúin daoine a nascadh leis na daoine agus na rudaí is ansa leo, ar fud ár dtrí réimse gnó: Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP), Expressway agus Iompar Scoile. Cabhraíonn an cuideachta le daoine ar fud na tíre agus roimh an bpaindéim d'éascaigh an cuideachta do bheagnach 90 milliún aistear gach bliain.

Tá Bus Éireann ar a aistear féin chun bheith ar an gcuideachta iompair is dírithe ar chustaiméirí agus is glaise in Éirinn, le glacadh ár bplean straitéisigh *Destination 2023* agus ár Straitéise Inbhuanaitheachta *Driving Change 2021-2030*.

Bunaíodh Bus Éireann in 1987 mar fhochuideachta de chuid CIÉ chun seirbhísí bus a sholáthar ar fud na hÉireann, seachas i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tá Bus Éireann ina dhlúthchuid de bhonneagar iompair na hÉireann ó shin agus tá sé fós ag cur lena thraidisiún i leith seirbhís phoiblí agus saeolas faoin iompar. Táimid meáite ar eispéreas custaiméara den scoth a chur ar fáil i gcónaí a bhfuí le díograis agus scil ár ndaoine, agus é á chinntiú againn an tráth céanna go mbeidh an gnó iomaíoch.

An Cuspóir atá Againn

Tá sé ina chuspóir againn daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, chun feabhas a chur ar an saol.

An Sprioc atá Againn

Tá sé ina sprioc againn a bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn, agus seirbhísí á gcur ar fáil ag daoine a chreideann gur áit oibre iontach é Bus Éireann.

Ár gCuid Luachanna

Tá ár gcuid luachanna bunaithe ar thús áite do na custaiméirí, feidhmíocht a bhaint amach, sábháilteacht a chinntiú, breathnú romhainn, agus cultúr measa agus comhoibrithe a chothú.



Tús áite don chustaiméir



Sábháilteacht



Meas & Comhoibriú



Feidhmíocht



Smaointeoireacht chun cinn

Tús Áite don Chustaiméir

Is mór againn gach paisinéir agus bíonn ár n-iarrachtaí uile dírithe ar na paisinéirí.

Sábháilteacht

Leagaimid béim ollmhór ar an tsábháilteacht i gcónaí. Stopaimid agus smaoinimid, agus muid seasta ag faire amach dá chéile. Bímid ag obair go sábháilte agus cinntimid go n-éireoidh le gach duine, ár gcomhghleacaithe agus ár gcustaiméirí araon, dul abhaile slán sábháilte gach uile lá.

Comhoibriú agus Meas

Tá muinín againn as a chéile, tá meas againn ar a chéile agus tugaimid aire dá chéile. Bainimid amach torthaí den scoth trí bheith ag obair as lámha a chéile. Féachaimid chuige go mbímid ag caint le chéile agus go spreagaimid ár gcomhghleacaithe go léir is go dtugaimid tacaíocht dóibh. Cuirimid "muid" roimh "mise" i gcónaí.

Feidhmíocht

Gach lá déanaimid ár ndícheall barr ár gcumais a bhaint amach, mar gur breá linn an obair a dhéanaimid. Dírimid ar na caighdeáin is airde a leagan síos chun seirbhís fíorghairmiúil a sholáthar, ár ngealltanais a chomhlíonadh, úinéireacht a ghlacadh ar ár gcuid oibre agus a bheith seasta ag lorg bealaí chun feabhas a chur ar an méid a dhéanaimid.

Smaointeoireacht Chun Cinn

Tá a fhios againn gurb iad ár gcustaiméirí ár dtodhchaí, mar sin dírimid ar lá is faide anonn ná an lá inniu. Gníomhaímid go tapa agus bímid nuálach – ag pleanáil chun cinn go díoghbháilte mísiúil. Breathnaímid lasmuigh dár dtionscal féin agus bímid ag foghlaim go gníomhach ó dhaoine eile. Fáiltímid roimh athrú agus táimid ullmhaithe don am atá le teacht, chun seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar ar bhealach ceannródaíoch ar fud na hÉireann.



Cuspóirí Straitéiseacha faoi Destination 2023

Sásamh Custaiméirí

Eispéireas custaiméirí den chéad scoth a bhaint amach ag gach pointe tadhaill.

Rannpháirtíocht Fostaithe

Ceannaireacht a fhorbairt ar gach leibhéal agus cultúr feidhmíochta a chothú ionas gur ionad oibre iontach é Bus Éireann.

Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de

A chinntiú go ndéantar cistiú iomlán ar Bhus Éireann anois agus feasta, lena gclúdófar riachtanais oibriúcháin agus riachtanais ó thaobh caiteachas caipitiúil, agus lena gcuirfear ar ár gcumas dúinn brabús a dhéanamh ag teacht leis na spriocanna atá leagtha síos i leith gach ceann dár réimsí gnó.

Soláthar Seirbhíse

Sármhaitheas oibríochta a bhunú ar fud na bpróiseas gnó go léir chun feidhmíocht shábháilte, iontaofa, thráthúil a bhaint amach i leith na seirbhísí go léir.

Inbhuanaitheacht ó thaobh an Chomhshaoil de

Inbhuanaitheacht atá chun tosaigh sa mhargadh a bhaint amach ionas go mbeimid ar cheann de na cuideachtaí iompair phoiblí náisiúnta is glaise san Eoraip.

1. Ráiteas ón gCathaoirleach



“Tiomantas agus feidhmíocht den chéad scoth atá léirithe ag fostaithe Bhus Éireann, go háirithe iad siúd a bhfuil róil tuslíne acu. Aistear fada a bhí romhainn, aistear a bhí deacair scaití, agus molaim na fostaithe arís as a n-eiteas seirbhíse poiblí, an méid a rannchuidigh siad lena bpobail agus a sholúbtha is a bhí siad agus muid seasta á gcur féin in oiriúint do chora agus lúba na paidéime.”

Tá an-áthas orm mo chéad tuarascáil bhliantúil a chur i láthair i mo ról mar Chathaoirleach Bhus Éireann.

Táim ag tnúth le cuidiú leis an gcéad chéim spreagúil eile d’fhás na cuideachta seo a bhaint amach agus lena chinntiú go gcuideoidimid leis an dul chun cinn go dtí ré nua nuálaíochta i dtaobh iompair phoiblí inbhuanaithe agus soláthar seirbhísí d’Éirinn.

Ar dtús, áfach, ba mhaith liom buíochas a ghabháil go foirmiúil leis an Uasal Aidan Murphy as a sheirbhís dhílis agus é ina Chathaoirleach ó 2014 go 2021. Bhí sé i gceannas ar an gcuideachta i rith an ama sin inar baineadh athrú ó bhonn amach agus bhí an deis agam féin a bheith i mo stiúirtheoir ar an gcuideachta taobh le Aidan ar feadh beagnach trí bliana. Táimid an-bhuíoch as a thiomantas agus as an méid mór a rinne sé don ghnó.

Le linn 2021, bhí Bus Éireann seasta ag díriú ar an gcuideachta a ullmhú le fillleadh ar ghnáthdhálaí oibre. Bhí tionchar mór ag COVID-19 ar an ngnó agus ar líon na bpaísinéirí agus ar an ioncam. Cé gur tháinig laghdú 36% ar líon na bpaísinéirí i leith na bliana ina hiomláine i gcomparáid le leibhéal 2019, táthar ag fillleadh anois ar na leibhéil a bhíodh i gceist roimh an bpaidéim, go háirithe sna cathracha agus sna bailte réigiúnacha. Tá ár bpaísinéirí ag fillleadh ar eispéireas níos dearfaí agus níos mó feithiclí nua againn ná riamh agus seirbhísí ar fearr is féidir brath orthu, agus tá feabhas curtha ar an bhfaisnéis do chustaiméirí agus ar bhonneagar na stadanna bus.

A bhúí leis an tacaíocht gan staonadh ón Roinn Iompair, ón Roinn Oideachais agus ón Údarás Náisiúnta Iompair, bhíomar in ann leanúint ar aghaidh ag soláthar ár gcuid seirbhísí agus, rud is tábhachtaí fós, dul chun cinn a dhéanamh maidir le riachtanais straitéiseacha.

Tiomantas agus feidhmíocht den chéad scoth atá léirithe ag fostaithe Bhus Éireann, go háirithe iad siúd a bhfuil róil tuslíne acu. Aistear fada a bhí romhainn, aistear a bhí deacair scaití, agus molaim na fostaithe arís as a n-eiteas seirbhíse poiblí, an méid a rannchuidigh siad lena bpobail agus a sholúbtha is a bhí siad agus muid seasta á gcur féin in oiriúint do chora agus lúba na paidéime agus do na treoirlínte sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm mar gheall uirthi. Is fiú a shonrú go háirithe gur baineadh amach méadú acmhainneachta 50% ar na bealaí scoile i gcaitheamh cúpla mí chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí do leanaí iar-bhunscoile. Ina theannta sin, chuidigh Bus Éireann leis an gclár náisiúnta vacsaínithe nuair a chuir sé busanna tointeála ar an mbóthar chuig ionaid vacsaínithe i bPort Láirge agus i Luimneach do FSS, le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair.

Na tréithe sin a léirigh an chuideachta le linn COVID-19, is maith an fhianaise iad go n-éireoidh léi athrú ó bhonn a bhaint amach san am atá le teacht. Tá mé spreagtha ag meon na hathléimneachta agus ag an gcaoi a bhfuiltear seasta ag díriú ar fhás a bhaint amach agus ar fhreastal ar riachtanais na nglún atá le teacht, rud a léirítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta nua agus sa Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) a foilsíodh in 2021.

Réidh i gcomhair an Bhóthair Úir atá Romhainn

Ní fhéadfadh am níos spreagúla a bheith ann le bheith ag plé le hiompar poiblí. Tá athrú chun feabhais romhainn ina lán réimsí agus is réiteach é an t-iompar poiblí ar chuid de na tosaíochtaí is práinní agus is tábhachtaí sa tsochaí. Áirítear orthu sin oibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cuspóir an Phlean Forbartha Náisiúnta a bhaint amach lena n-áirítear fás dlúth, inrochtaineacht réigiúnach a fheabhsú, geilleagair agus pobail tuaithe a neartú, soghluaisteacht inbhuanaithe, an t-aistriú go sochaí ísealcharbóin a bhfuil teacht aniar inti ó thaobh na haeráide de, agus fáil a bheith ar chúram leanaí, oideachas agus cúram sláinte ar ardchaighdeán. Anois agus an tsochaí ag díriú ar an tábhacht a bhaineann le sláinte agus folláine, in 2021 chonaiceamar seirbhísí iompair phoiblí ag dul i dtreo flít feithiclí astaíochtaí ísle agus cinn atá saor ó astaíochtaí, agus caighdeán an aeir ag feabhsú an tráth céanna sna cathracha agus sna bailte, rud a chuidíonn le folláine agus le caighdeán na beatha ar fud na tíre.

Tá sé ina sprioc ag Bus Éireann a bheith ar an gcuideachta iompair phoiblí is inbhuanaithe agus is dírithe ar chustaiméirí in Éirinn. Tá athrú ó bhonn ar siúl i ngach cuid den eagraíocht, agus is athrú tréan atá i gceist leis.

I mo ról mar Chathaoirleach ar Bhus Éireann, díreoidh mé ar thrí mhórtosaíocht.

1. **Cobhsaíocht airgeadais** a bhaint amach lena chinntiú gur féidir leis an gcuideachta pleanáil chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh don am atá le teacht. Is eagraíocht í Bus Éireann atá dírithe den chuid is mó ar chuspóirí, ach chun eispéireas custaiméirí den scoth a bhaint amach ní mór infheistíocht leanúnach a dhéanamh sa tsábháilteacht agus san inbhuanaitheacht agus breathnú níos faide chun cinn ionas gur féidir acmhainní a phleanáil agus infheistiú sna feithiclí agus sna saoráidí.
2. Tacaíocht a thabhairt do phleananna uailmhianacha an Údaráis Náisiúnta Iompair i leith **BusConnects** i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge, chomh maith le hiompar poiblí tuaithe a athrú ó bhonn trí Éire Á Nascadh [Connecting Ireland]. Is mórathruithe iad sin ó thaobh an iompair phoiblí agus ní mór do Bhus Éireann a bheith réidh leis na daoine, leis an teicneolaíocht agus leis na córais chun iad a chur i bhfeidhm chomh réidh agus chomh tapa agus is féidir.
3. Cloí le **spriocanna inbhuanaitheachta** 2030 Bhus Éireann, ar cinn leathana iad amhail gníomhaíocht ar son na haeráide agus a bheith seasta ag díriú ar bheith ina áit iontach oibre, díriú go tréan ar

chustaiméirí, éagsúlacht agus cuimsiú a fheabhsú, agus cur le hinrochtaineacht ár seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. Is mórtionscadail athraithe iad sin, a théann i bhfeidhm ar gach cuid den ghnó agus, ar deireadh thiar, lena gcuirtear feabhas ar an ngnó.

Iompar Poiblí Sábháilte, Inbhuanaithe

Ós rud é go raibh mé i mo chathaoirleach ar Choiste an Bhoird um Shábháilteacht agus Inrochtaineacht, is féidir liom a rá go dearfa go bhfuil an tsábháilteacht fós ina príomhthosaíocht againn. Cé go bhfuil áthas orm a thuairisciú gur chuireamar feabhas nach beag ar ár bhfeidhmíocht sábháilteachta i dtaobh timpistí a tharlaíonn do phaisinéirí agus fostaithe, bhí an méid sin faoi scáth ag bás tragóideach Mark Wills, tiománaí dár gcuid, agus an Athar Con Cronin, coisí, i mBaile an Mhanaigh i gCorcaigh i mí Lúnasa 2021. Ghoill an tragóid sin go mór ar gach duine i mBus Éireann agus ar an bpobal. D'fhág sí gur neartaíodh an rún atá againn cabhrú leis an Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus cur go gníomhach léi, faoi stiúir an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá dlúthchaidreamh fós á chothú againn leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le geallsealbhóirí eile chun na caighdeáin sábháilteachta a fheabhsú go leanúnach agus chun feasacht ar shábháilteacht a chothú i measc na foirne, na gcustaiméirí agus na ndaoine go léir a úsáideann an bóthar.

Tá soláthar seirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe ag croílár an róil atá ag Bus Éireann. Ba bhliain shuntasach í 2021 nuair a d'fhoilsigh Bus Éireann a chéad straitéis inbhuanaitheachta, inar leagadh amach spriocanna chun tacú le baint amach na ngealltanais a rinneadh i gComhaontú Pháras agus faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Ní hé amháin go bhfuilimid dírithe ar dhícharbónú a dhéanamh ar ár seirbhísí iompair phoiblí agus ar fheidhmíocht feabhsaithe i dtaobh tionchar ar an gcomhshaol, ach tá sé i gceist againn anuas air sin an gnó a fheabhsú ar fud raon táscairí lena n-áirítear dramháil, uisce, éagsúlacht agus cuimsiú, cothromaíocht inscne agus oideachas.

Ba é Bus Éireann an chéad oibritheoir iompair phoiblí in Éirinn a d'fhoilsigh a leithéid de straitéis agus a bhunaigh fochoiste inbhuanaitheachta ar leibhéal an Bhoird, coiste a bhfuil Richard Manton ina chathaoirleach air. Tá dul chun cinn praiticiúil á dhéanamh againn freisin. Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, rinneamar an athnuachan is mó riamh ar ár bhflít feithiclí nuair a tugadh isteach 161 feithicil nua astaíochtaí ísle/saor ó astaíochtaí in aon bhliain amháin. Le seoladh busanna hibrideacha díosail, cinn leictreacha agus cinn breosla-chille hidrigine, tá an saol á athrú ó bhonn sna hiostaí agus dár

bhfoistaithe. Is infheistíocht mhór é sin agus fágfaidh an tionscnamh sin go mbeidh deiseanna ollmhóra le tapú i leith timpeallacht níos glaine agus níos glaise do na glúnta atá le teacht.

Ag Obair as Lámha a Chéile

Agus muid ag obair as lámha a chéile, is féidir linn dul chun cinn stuama a dhéanamh chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach agus táim ag tnúth le bheith i gceannas ar Bhus Éireann agus é ar an aistear nua spreagúil sin.

Ar feadh 2021, chomhoibrigh Bus Éireann go fairsing le príomh-gheallsealbhóirí – na ceardchumainn, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Iompair, an Roinn Oideachais agus CIÉ – chun leanúint ar aghaidh ag cur chun feidhme na comhairle a d’eisigh an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET) agus lena chinntiú go bhféadfaimis seirbhísí a choinneáil ag feidhmiú go sábháilte. A bhúiochas lenár gcomhghleacaithe i CIÉ agus le toiliú an Aire Iompair agus an Aire Caiteachais Phoiblí, rinneadh an gnó a athchaipitliú faoi dheireadh mhí na Nollag, rud a neartaigh na cúlchistí sa chlár comhardaithe, cúlchistí a bhí ídithe go mór mar gheall ar COVID-19. Fágann sé sin gur fearr an teacht aniar atá ionainn chun dul i ngleic le haon rud a tharlódh amach anseo agus go mbeimid dírithe go tréan ar theacht chugainn féin arís.

Chuidigh láidreacht ár gcomhoibrithe agus ár gcomhpháirtíochtaí linn cuspóirí sóisialta agus geilleagracha níos leithne a bhaint amach, ar nós cabhrú le pobail a choinneáil nasctha le chéile agus cabhrú le geilleagair áitiúla teacht chucu féin níos luaithe. Anois táimid dírithe ar a chinntiú go mbeidh ár ngnó fós sábháilte agus inbhuanaithe agus muid ag breathnú chun cinn.



Rialachas agus Dearbhú

Tá an Bord fós ag tabhairt tosaíochta do chur chuige i leith rialachas corparáideach atá bunaithe ar an deachleachtas agus ar rialacháin agus treochothaí atá ag teacht chun cinn. Is fianaise ar thiomantas ár stiúrtóirí agus na foirne feidhmiúcháin don obair mhaoirseachta é gur tionóladh os cionn 50 cruinniú, idir sceidealta agus speisialta, de chuid an Bhoird agus na gcoistí le linn 2021 chun dul i ngleic le gach dúshlán a bhí romhainn mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Gabhaim buíochas leis na stiúrtóirí go léir as a ndúthracht agus a ndíograis agus gabhaim buíochas go háirithe leo siúd a chuaigh ar scor ag deireadh 2021 – Deirdre Ashe Uasal, an tUasal Thomas O’Connor, an tUasal Gerard Ryan agus ar ndóigh an tUasal Aidan Murphy. A bhuí lena n-ionchur, tá an chuideachta níos sláine agus níos cobhsaí ná mar a bhí agus í ag díriú go tréan ar a straitéis *Destination 2023* a bhaint amach.

Tá áthas orm fáilte a chur roimh Brian Bowden agus Rhona Murphy, a cheap an tAire Iompair chuig an mBord in 2022.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Eamon Ryan TD, leis an Aire Norma Foley TD, leis an Roinn Iompair, leis an Roinn Oideachais, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus le CIÉ as a dtacaíocht leanúnach do Bhus Éireann le linn tréimhsí inar cuireadh ár ndúshlán, agus táimid ag tnúth le beartais agus pleananna nua an rialtais a chur i bhfeidhm in 2022 agus ina dhiaidh sin.

Miriam Hughes

Cathaoirleach

2. Athbhreithniú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



“Mar gheall ar an éiginnteacht agus na srianta a tháinig chun cinn de bharr COVID-19, bliain eile as an ngnáth a bhí againn in earnáil an iompair phoiblí, agus ag Bus Éireann. Fós féin, ní hé amháin gur éirigh linn ár seirbhísí riachtanacha a choinneáil ar an mbóthar agus a rith go sábháilte ar feadh na paidéime, dhíríomar go daingean in 2021 ar an saol atá romhainn agus rinneamar dul chun cinn maidir leis na spriocanna atá leagtha síos againn faoi Destination 2023. Tá lárphointe na straitéise sin bainte amach againn anois.”

Mar gheall ar an éiginnteacht agus na srianta a tháinig chun cinn de bharr COVID-19, bliain eile as an ngnáth a bhí againn in earnáil an iompair phoiblí, agus ag Bus Éireann. Fós féin, ní hé amháin gur éirigh linn ár seirbhísí riachtanacha a choinneáil ar an mbóthar agus a rith go sábháilte ar feadh na paidéime, dhíríomar go daingean in 2021 ar an saol atá romhainn agus rinneamar dul chun cinn maidir leis na spriocanna atá leagtha síos againn faoi Destination 2023. Tá lárphointe na straitéise sin bainte amach againn anois.

Dlús a chur leis an dul chun cinn

Bliain a bhí ann inar tugadh isteach beagnach 200 feithiclí nua inár bhflít, an t-imscaradh is mó riamh, in áit beagnach aon cheann amháin i gcúig cinn dár mbusanna agus dár gcóistí. Is díol suntais é gur áiríodh leis na feithiclí nua sin na chéad fheithiclí leictreacha breosla-chille hidrigine atá saor ó astaíochtaí a cuireadh i mbun seirbhís tráchtála in Éirinn, feithiclí hibrideacha astaíochtaí ísle a thóg áit na mbusanna go léir a bhíodh ar an mbóthar i gCathair na Gaillimhe, agus 30 cóiste úrscotchach Euro VI le haghaidh Expressway atá ag freastal ar chósta an iarthair. Ba í an chéad bhliain oibríochta freisin í do sheirbhísí nua OSP a tugadh isteach mar chuid de phacáiste spreagthaí an Rialtais faoinar cuireadh trí mhilliún ciliméadar breise nascachta leis an ngréasán faoi chonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Ba mhó ná riamh an leibhéal rannpháirtíochta i measc ár bhfostaithe in 2021: tháinig méadú ar rannpháirtíocht fostaithe go 79%, i bhfad chun tosaigh ar an sprioc atá leagtha síos againn faoi Destination 2023. Soláthraíodh éide nua dár bhfostaithe a bhíonn ag plé leis an bpobal – ceathrar as gach cúigear – agus is éide iad atá níos oiriúnaí d'fhaisean na linne agus atá níos praiticiúla. Cúis ríméid

againn go háirithe is ea gur mná iad duine as gach cúigear fostaithe nua a earcaíodh in 2021, méadú ó dhuine as gach ochtar in 2020.

Bhí muid ar cheann de na chéad chuideachtaí busiompair a thug isteach tástáil randamach i gcomhair alcóil agus drugaí, agus coinníodh leis an bhfeabhas ábhartha atá ag teacht ar an leibhéal foriomlán sábháilteachta. É sin ráite, briseadh croí a bhí ann dúinn nuair a cailleadh an tiománaí Mark Wills agus an tAthair Con Cronin in eachtra thragóideach i mBaile an Mhanaigh i gCorcaigh, tubaiste a gcuimhneoidh a gcomhghleacaithe agus muintir na háite uirthi go deo.

Fuaireamar formheas freisin le haghaidh bearta feabhsúcháin ag cúig cinn dár saoráidí: tá an obair thógála ag tosú ag losta Bhus Éireann i mBaile an Róistigh agus tá na pleananna á gcur isteach don chéad athchóiriú mór ar Bhusáras.

Maidir leis an scéim iompair scoile, atá á feidhmiú againn thar ceann na Roinne Oideachais, tháinig ardú ar an éileamh ar an tseirbhís luachmhar sin agus iompraíodh 122,000 scoláire fúithi. Tháinig méadú beagnach 20% ar an soláthar iompair do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

In ainneoin an tionchair ollmhóir a imríodh ar phríomhspreagthóirí margaidh lena n-áirítear oideachas tríú leibhéal agus Aerfort Bhaile Átha Cliath, rinneadh dul chun cinn an-mhaith maidir le Expressway a ullmhú chun filleadh ar mhargadh an-iomaíoch. Thugamar cothrom le dáta ár bplean tráchtála a comhaontaíodh ar dtús in 2020 chun an mhoill ar théarnamh de bharr COVID-19 a chur san áireamh agus gréasán Expressway a chuíchóiriú ina 14 bhealach.

Rinneamar infheistíocht thábhachtach €16 mhilliún inár seirbhís tráchtála idir-réigiúnach, Expressway, lena n-áirítear 30 cóiste úrscothach nua a chur ar an mbóthar agus ardán teicneolaíochta nua a sheoladh a chuireann feabhas mór ar eispéireas na gcustaiméirí agus ar féidir áirithintí ar líne a dhéanamh air, agus a chuireann leis an gcumas atá againn an gnó a bhainistiú ar bhonn gabháil níos fearr sonraí. I gcaitheamh tréimhse níos lú ná bliain mhéadaíomar íocaíochtaí neamhairgid ar líne ó níos lú ná 20% go 65% de na hidirbhearta ar Expressway. Is maith leis na custaiméirí íocaíochtaí ar líne, tá siad níos éifeachtaí don ghnó, laghdaíonn siad an t-am a thógann sé dul ar an mbus, rud a fheabhsaíonn poncúlacht, agus le linn na paidéime COVID-19 ba mhór ag tiománaíthe iad go háirithe mar bheart sláinte poiblí, toisc go laghdaítear an teagmháil dhíreach agus láimhseáil airgid dá mbarr.

Is deis iontach í an teicneolaíocht faisnéise do Bhus Éireann ó thaobh oibríochtaí a fheabhsú, próisis a chuíchóiriú, sonraí a fheabhsú agus go háirithe, eispéireas i bhfad níos fearr a bheith ag na custaiméirí. Tá easnaimh againn a bhaineann le tearc-infheistíocht roimhe seo agus tá muid ag tabhairt aghaidh orthu; ach tá áthas orm a rá go bhfuil ár gcórais slándála láidir agus go ndéantar measúnú rialta orthu.

Ní hiad an fheithicil agus an tiománaí amháin atá i gceist agus muid ag trácht ar chur le tarraingteacht an iompair phoiblí ar bhusanna. Baineann an-tábhacht le caighdeán na faisnéise agus an bhonneagair do chustaiméirí, lena n-áirítear stadanna, scáthlín agus tráthchláir. In 2021 bhunaíomar foireann nua um Fhaisnéis Taistil, atá lánchistithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair, chun an ghné sin d'eispéireas na gcustaiméirí a iniúchadh agus a fheabhsú. Tá athchóiriú déanta ar an mbonneagar bus ar fad san Uaimh agus, idir sin agus an tseirbhís baile nua a tugadh isteach i mí na Nollag 2020, tá méadú faoi cheathair tagtha ar líon na bpaisinéirí.



In anailís ar ár dtionchar geilleagrach agus sóisialta a rinne an gnólacht comhairleach KPMG, léiríodh arís eile an tábhacht mhór a bhaineann le seirbhísí Bhus Éireann do dhaoine aonair agus do phobail ar fud na tíre. Maidir le cóngaracht don ghréasán, tá beagnach leath na gcustaiméirí ag brath go huile is go hiomlán orainn le haghaidh iompair, deir níos mó ná 80% acu go gcuirimid seirbhís riachtanach ar fáil dóibh féin agus dá dteaghlach agus mholfadh triúr as gach ceathrar Bus Éireann. Léiríodh freisin san anailís sin an breisluach geilleagrach a bhaineann le Bus Éireann, go háirithe i gcathracha agus i mbailte réigiúnacha.¹

Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de

Gan tacaíocht ón Rialtas, ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ó CIÉ, ní fhéadfadh Bus Éireann teacht slán ó thionchar airgeadais an dá bhliain seo a chuaigh thart. Táimid buíoch díobh, agus dár ngeallsealbhóirí go léir, as a dtacaíocht agus as an athchaipitliú a rinneadh ar an gcuideachta amach sa bhliain 2021, lenar cuireadh an clár comhardaithe ina cheart tar éis thionchar na n-oibríochtaí leanúnacha in 2020, sula raibh tacaíochtaí airgeadais i bhfeidhm.

A bhuíochas lenár gcomhghleacaithe i CIÉ agus le toiliú an Aire Iompair agus an Aire Caiteachais Phoiblí, rinne an beart athchaipitlithe sin neartú ar na cúlchistí sa chlár comhardaithe, cúlchistí a bhí ídithe go mór mar gheall ar COVID-19. Tá brú iomaíoch ag teacht go mór chun solais sa mhórgheilleagar níos leithne agus tá sé ina thosaíocht againn féachaint chuige go mbeimid fós iomaíoch agus seirbhísí den scoth á soláthar againn.

Mar gheall ar an athchaipitliú sin agus toisc gur coinníodh leis na bearta tacaíochta ón Rialtas chun feabhas a chur ar sheirbhísí, fóirdheontas a thabhairt i leith cailteanas ioncaim agus fostaíocht a chosaint, mar aon leis an gcinneadh a rinneadh rialú costais a bhainistiú, ba é an toradh airgeadais a bhí againn ná cailteanas €1.6 milliún in 2021 agus staid glansócmaidhinní €33 milliún inár gclár comhardaithe.

¹ [buseireann.ie/kpmg](https://www.buseireann.ie/kpmg)

Paindéim COVID-19

Sna chéad chúig mhí den bhliain, acmhainneacht 25% a ceadaíodh ar sheirbhísí iompair, ansin 50%, ansin 75% ó mhí Iúil agus ar ais go dtí acmhainneacht 100% ón 1 Meán Fómhair 2021, rud ar chuireamar fáilte mhór roimhe tráth a raibh srianta i bhfeidhm le 18 mí anuas.

Cé go raibh an t-éileamh ó phaisinéirí fós íseal, agus líon na n-aistear a rinne paisinéirí 36% ní b'ísle ná mar a bhí in 2019, bhí an chuma air go raibh paisinéirí ag filleadh ar na seirbhísí iompair faoi dheireadh na bliana, go háirithe ar ár gcuid seirbhísí sna cathracha agus sna bailte. É sin ráite, tá tionchar na cianoibre ar phatrúin taistil fós le feiceáil, go háirithe i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

In 2021, d'éirigh linn 99% de na ciliméadair a bhí pleanáilte a chlúdach. Bhí an obair a bhain le srian a chur le haon chur isteach ar sheirbhísí le linn na bliana ollmhór agus níl aon amhras ann ach gur léirigh tiománaithe tiomantas den scoth do chustaiméirí arís is arís eile trí bheith ag obair ar a gcuid laethanta sosa nuair a bhí a gcomhghleacaithe ag féin-aonrú. Ar an drochuair, sa trídú babhta den ráig ghallair, tharla braisle cásanna in ionad oibre amháin dár gcuid i bPort Láirge. Tugadh aghaidh go tapa air sin agus cuireadh faoi smacht é trí úsáid a bhaint as tástáil antaiginí i gcomhairle le FSS, agus a bhúil le dlúthpháirtíocht agus tiomantas na bhfoistaithe go léir ag an iosta. Is cúis bhróin againn é go bhfuair ball foirne amháin dár gcuid bás de bharr COVID-19. In ionad oibre eile a bhí an té sin ag obair agus ní scaipeadh galair san ionad oibre a bhí i gceist leis an gcás.

Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Tharla forbairtí tábhachtacha dearfacha ó thaobh iompar poiblí in 2021. Tá deiseanna infheistíochta inár seirbhísí le tapú mar gheall ar an tiomantas d'iompar inbhuanaithe agus táimid i riocht maith anois leis an infheistíocht sin a dhéanamh.

Faoin straitéis Connecting Ireland [Éire á Nascadh] atá ag an Údarás Náisiúnta Iompair, beidh an t-iompar poiblí níos inrochtana ná riamh ar fud na gceantar tuaithe in Éirinn, agus déanfar gréasán Bhus Éireann a chomhtháthú tuilleadh le LocalLink.

Ba mhór an beart é seoladh BusConnects i gCorcaigh, tionscadal de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair, i mí na Samhna. Tá Corcaigh ar cheann de na timpeallachtaí oibriúcháin is dúshlánaí atá againn mar gheall ar an mbrú tráchta, agus faoi phlean BusConnects beidh seirbhís thaitneamhach, iontaofa mhinic ag muintir Chorcaí. Creidimid go daingean gurb é an busiompar an réiteach is tapa, is solúbtha agus is costéifeachtaí chun cur leis an úsáid a bhaintear as seirbhísí iompair phoiblí i gcathracha réigiúnacha na hÉireann.

Táimid ag tnúth leis na pleananna do Ghaillimh, Luimneach agus Port Láirge agus lenár bpáirt a ghlacadh chun iad a chur i bhfeidhm.



Cé go raibh an t-éileamh ó phaisinéirí fós íseal, agus go raibh líon na n-aistear a rinne paisinéirí 35% níos ísle ná mar a bhí in 2019, bhí comharthaí an-dearfach ann go raibh paisinéirí ag filleadh ar na seirbhísí iompair faoi dheireadh na bliana

Fágann cinne an Rialtais táillí ar bhealaí OSP a laghdú faoi 50% dóibh siúd idir 19 agus 24 bliain d'aois, agus ciorrú 20% a chur i bhfeidhm do gach duine le linn 2022, deis againn a léiriú an méid is féidir le hiompar poiblí a dhéanamh chun cabhrú leis an tsochaí aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin, idir ghníomhaíocht ar son na haeráide agus an t-ardú atá ag teacht ar chostais mhaireachála. Táimid ag tnúth le tuilleadh daoine a spreagadh chun triail a bhaint as seirbhísí iompair poiblí agus tosú á n-úsáid go rialta de bharr na ndreasachtaí sin, agus anuraidh d'éirigh linn táillí €1 a thairiscint leis an aip nua TFI Go de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair i mBaile Átha Luain, Corcaigh, Luimneach agus san Uaimh.

Ar an drochuair, de réir mar a d'fhill an tsochaí ar shlí mhaireachála atá athraithe, ach atá níos cosúla leis an seansaol a bhíodh againn, tháinig an brú tráchta ar ais freisin. Is é sin an bac is mó atá ar ár n-oibríochtaí agus ar aistriú córa iompair ó bheith ag brath ar charranna príobháideacha go córacha iompair inbhuanaithe lena n-áirítear seirbhísí iompair poiblí. Meastar i dtuarascáil SYSTRA Five Cities go gcosnóidh an brú tráchta €2 bhiliún sa bhliain ar Bhaile Átha Cliath as féin faoi 2033. Bainfear an bonn den infheistíocht mhór sa bhuisiompair poiblí mura mbunófar tionscnaimh chun déileáil le plódú tráchta agus chun úsáid carranna príobháideacha a dhídhreasú, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, táillí ar phlódú.

D'fhoilsigh Bus Éireann a chéad straitéis inbhuanaitheachta in 2021, inar glacadh léargas iomlánaíoch ar oibleagáidí na cuideachta chomh maith leis na deiseanna atá le tapú aici. Cruthaíodh ról nua chun tacú le hathrú ó bhonn a rachaidh i bhfeidhm ar gach gné dár n-oibríochtaí. Ghlacamar páirt in Business in the Community (Gnó sa Phobal) agus rinne siadsan cleachtadh tagarmharcála neamhspleách a léirigh go bhfuil ag éirí go maith linn ina lán réimsí agus inar sainaithníodh réimsí a ndíreofar orthu amach anseo. Tá ár dTuarascáil Bhliantúil Inbhuanaitheachta i leith 2021 ar fáil ag [buseireann.ie/sustainability](https://www.buseireann.ie/sustainability).

Bunaíodh cláir oiliúna nua chun tacú lenár gceardaithe agus iad ag aistriú chuig cothabháil feithiclí hibrídeacha agus leictreacha. Ní mór ár n-iostaí a athchumrú freisin chun freastal ar acmhainn luchtaithe. Táimid ar ár ndícheall ag iarraidh teacht ar na réitigh is oiriúnaí ar na saincheistanna casta sin.

Cé go raibh líon na ndaoine a úsáideann cathaoireacha rothaí agus a bhíonn ag taisteal linn níos ísle ná mar is gnách le linn 2021, d'éirigh linn 100% de na seirbhísí áirithe go léir a chur ar fáil. Ní gá áirithe a dhéanamh i gcomhair seirbhísí cathrach agus baile ach mar gheall ar dhúshláin ó thaobh bonneagair de agus feithiclí éagsúla a bheith i gceist tá gá le háirithe ar aistir réigiúnacha agus aistir idirchathrach. Chaith beirt dár n-ardcheannairí 24 uair an chloig ag baint úsáid as cathaoireacha rothaí lena n-áirítear ar ár seirbhísí agus ag ár saoráidí, rud a chuir go



Ag seoladh chéad straitéis inbhuanaitheachta Bhus Éireann bhí Stephen Kent, Príomhoifigeach Feidhmíocháin, Bus Éireann; Eamon Ryan, an tAire Iompair agus Stephanie Maher, Bainisteoir Fuinnimh Bhus Éireann.

mór leis an bhfeasacht ar an obair atá le déanamh againn chun bacainní taistil a laghdú. Rinneadh stáisiúin lán-inrochtana de cheithre stáisiún bhreise.

Comhoibriú

Ba mhór an dúshlán do chách na cúinsí neamhghnácha a tharla le linn 2021 agus bhí gá le dianteagmháil leanúnach le CIÉ, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le geallsealbhóirí eile, ar fud na seirbhísí OSP, na seirbhísí scoile agus seirbhísí Expressway. Bhíomar buíoch as an gcur chuige cuidiúil a léiríodar i leith na bhfadhbanna a bhí le sárú againn agus ar thugamar aghaidh orthu le chéile, agus as an bhfís chomhroinnte a bhí acu i dtaobh thábhacht Bhus Éireann mar chuideachta láidir a bhfuil teacht aniar inti, atá in ann rannchuidiú le cuspóirí náisiúnta chomh maith le seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí aonair ar fud na tíre.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go háirithe lenár n-iarChathaoirleach, Aidan Murphy, a stiúir an chuideachta i rith 2021 agus a bhí diongbháilte maidir leis an bhfís shoiléir a bhí aige. Ag an am céanna, cuirim fáilte mhór roimh Miriam Hughes mar Chathaoirleach nua. D'imir sise an-tionchar ina ról mar Chomhalta Boird de chuid Bhus Éireann ó 2019 i leith agus beidh meon úrnua aici agus muid ag tabhairt faoi na dúshláin agus na deiseanna atá amach romhainn.

Tá ardmheas ag an bhfoireann ardcheannaireachta ar an gcaidreamh dearfach oibre atá againn leis an Aire Iompair agus an Aire Oideachais, le hoifigigh sa Roinn Iompair, sa Roinn Oideachais, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le CIÉ agus lenár mBord. Is teist dóibh siúd, agus dár bhfostaithe chomh maith, go bhfuil súil againn go bhfuil an chuid is measa de phaindéim COVID-19 curtha dín againn anois agus gur maith an riocht ina bhfuilimid chun fás agus feabhas a bhaint amach. Tá súil agam go leanfaimid orainn ag cloí leis na meonta is tábhachtaí a threisíomar le tamall anuas – an teacht aniar atá ionainn, ár solúbthacht agus ár dtiomantas do sheirbhísí poiblí riachtanacha a sholáthar – agus muid ag féachaint chun cinn.



Stephen Kent

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

3. Athbhreithniú Airgeadais

Rinne Bus Éireann cailteanas €1.6m in 2021 tar éis míreanna eisceachtúla. Ba laghdú é sin ar shuim €9.2m na bliana 2020 i leith cailteanais tar éis míreanna eisceachtúla. Ba é an phríomhchúis a bhí leis an laghdú sin ná an tacaíocht leanúnach a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair faoin gConradh Dírdhámhachtana d'Oibritheoirí Busanna Tráchtála (CBO-DAC). Cinníodh leis an gcistiú sin gur coinníodh seirbhísí tráchtála ag imeacht le linn na srianta a bhí i bhfeidhm in 2021 mar gheall ar COVID-19. B'ionann an Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímhias agus Amúchadh (TRÚCDA) agus €3.0m, i gcomparáid le (€6.1m) in 2020.

Ghlac an chuideachta beart i rith na bliana chun fanacht i riocht sócmhainneach trí athchaipitliú €28.0m i mí na Nollag. Rinneadh neartú mór leis sin ar chlár comhardaithe na cuideachta: glansócmhainní €33.1m a bhí againn an 31 Nollaig 2021 i gcomparáid le €6.8 milliún in 2020, agus glansócmhainní reatha €59.2m (2020: €42.8 milliún).

Áirítear leis na glansócmhainní reatha dlíteanais neamhairgid €17.2m (2020: €18.9 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha agus ioncam iarchurtha i leith deontais chaipitil agus ioncam. Ní bhíonn ceangaltas airgid i gceist le deontais chaipitil agus úsáidtear iad i gcomhréir le dímhias na sócmhainne. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €76.4m (2020: €61.7m) ag an gcuideachta.

Tháinig méadú ar chostais phárolla agus costais ghaolmhara go €152.1m in 2021, tráth a raibh 2,761 fostaí againn ar an meán, i gcomparáid le €144.6m in 2020 agus meánlíon fostaíthe 2,702.

Thairis sin, fuair Bus Éireann €58.7m faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) a cuireadh in áit Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá i mí Mheán Fómhair 2020. Glantionchar €0.02m a bhí ag an bhfóirdheontas toisc go ndéantar an chuid is mó den fhóirdheontas a choigeartú i gcoinne na sreafaí cistithe ábhartha.

Ba bhliain dhúshlánach eile é 2021 do bhealaí Expressway a raibh laghdú eile ar ioncam an bhosca táillí agus mar thoradh air sin, leanadh ar aghaidh leis an tacaíocht shealadach faoin gConradh Dírdhámhachtana d'Oibritheoirí Busanna Tráchtála (CBO-DAC) ar feadh na bliana iomláine. Le linn 2021, cuireadh deireadh leis an tseirbhís ar bhealaí 8, 12 agus 20. Cistiú €4.9m a fuarthas faoin gconradh CBO-DAC in 2021 agus chabhraigh cistiú €8.76m ón Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) le gnó Expressway freisin.

Láimhdeachas Oibriúcháin

2021 2020
€228.7m €284.8m

Bliain	Seirbhísí Scoile agus Seirbhísí Tráchtála €m	OSP €m	Roimh Mhíreanna Eisceachtúla €m	Míreanna Eisceachtúla €m	Brabús/ (Cailteanas) €m
2021	(3.1)	1.5	1.6	(0.00)	(1.6)
2020	(11.2)	1.5	9.5	(0.04)	(9.2)

Brabús/(easnamh) don bhliain

2021 (€1.6m)	2020 (€9.2m)
-------------------------------	-------------------------------

Bhí Bus Éireann i mbun idirphlé gníomhach leis an Udarás Náisiúnta Iompair i rith 2021 maidir le ceanglais chistiúcháin OSP mar gheall ar bhearta sláinte poiblí COVID-19 a bheith fós i bhfeidhm agus choinnigh an tUdarás leis an gcistiú iomlán ar sheirbhísí OSP i gcomhair 2021. Tháinig ardú 32.9% ar an bhFóirdheontas Iomlán OSP in 2021 toisc gur aistríodh chuig Conradh Ollchostais. Bhí an fóirdheontas a íocadh glan ar chistiú €40.4m faoin Scéim EWSS do ghnó OSP Dírdhámhachtana.

Tháinig méadú 31.1% ar an ioncam ó na Seirbhísí Scoile in 2021, mar gheall ar sheirbhísí breise a bheith á soláthar chun scaradh sóisialta 50% a chur i bhfeidhm chun cloí leis na treoirlínte sláinte poiblí i leith COVID-19 agus toisc gur soláthraíodh seirbhísí breise mar bheart maolaithe sealadach chun freastal ar éileamh ó dhaltáí atá ag freastal ar an dara scoil is gaire dóibh mar thoradh ar chéim thosaigh an athbhreithnithe ar iompar scoile atá ar bun ag an Roinn Oideachais.

Tá an cailteanas (€1.6m) comhdhéanta de ghné brabúis réasúnta €1.5m atá inchurtha i leith gníomhaíocht OSP lena ndéantar fritháireamh ar chaillteanas (€3.1m) ar ghníomhaíocht seachas gníomhaíocht OSP.

Infheistíodh €16.8m in 2021 i gcomparáid le €3.1m in 2020. Rinneadh infheistíocht mhór inár bhflít feithicil agus sna seirbhísí custaiméara, fuarthas 30 feithicil nua Expressway in 2021 agus suiteáladh ardán ticéadaithe nua ar na busanna. Ní beag an méid airgid é sin agus rinneadh í ar bhonn próiseas cuimsitheach chun measúnú airgeadais a dhéanamh ar staid chaipitil na cuideachta. Rinneadh infheistíocht mhór freisin chun feabhas a chur ar shaoráidí i Luimneach agus ar fud na réigiúin in 2021, agus caitheadh €5m ar áitribh i gcomparáid le €1.7m in 2020. D'oibríomar go dlúth leis an NTA chun 161 feithicil cabhlaigh nua, le comhluch €87.7m, a sholáthar, a sheachadadh agus a chur i mbun seirbhíse i rith 2021.

Líon Iomlán na nAistear**57.5m****Rialachas Eiseamláireach a Chur chun Cinn**

Tá Bus Éireann lántiomanta do chloí leis na ceanglais atá orainn faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus leis an gCód Caiteachais Phoiblí. Le linn 2021, rinneadh forbairt leanúnach ar an gCód Comhlíontachta agus Rialachais Chorporáidigh sa chuideachta, lena n-áirítear béim níos mó ar dhearbhu a sholáthar maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha. Leis an Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh i leith 2021, a ndearna Bord Bhus Éireann é a fhormheas an 24 Eanáir 2022, soláthraíodh leibhéal dearbhairthe idir Sásúil agus Suntasach thar raon gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gCód Cleachtas, Acht na gCuideachtaí, agus an Cód Caiteachais Phoiblí. Ina theannta sin, chuir an chuideachta feabhas ar a próisis agus a córais chun déileáil le rialachas agus tuairiscíú i ndáil le rialú airgeadais agus cuntasáíochta agus comhlíonadh ginearálta reachtúil agus rialála.

Déanann Bus Éireann a dhícheall gach ceanglas soláthair a chomhlíonadh lena n-áirítear treoirlínte an rialtais, reachtaíocht soláthair infheidhmithe an Aontais Eorpaigh agus ceanglais rialála eile. I gcúinsí eisceachtúla nuair nár chomhlíon Bus Éireann na ceanglais soláthair, cuirtear é sin in iúl don Aire i dTuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh. De réir Bheartais agus Nósanna Imeachta Ghrúpa CIÉ tá sé de cheanglas go ndéanfaí maoluithe a thuairiscíú go bliantúil. Thug an chuideachta isteach doiciméad cuimsitheach maidir le Treoir i leith Soláthair in 2020 agus bhunaigh sí Leathanach Poiblí Sharepoint ina bhfuil Nósanna Imeachta Caihdeánacha Oibriúcháin, beartais agus nósanna imeachta. Leis sin, is féidir le Bus Éireann cuspóirí soláthair a bhaint amach i dtéarmaí luach ar airgead agus rochtain ar chonarthaí i gcás na bpáirtithe leasmhara go léir.

Ionchas Airgeadais

Cuireadh síneadh leis an gConradh Dírdhámhachtana d'Oibrítheoirí Busanna Tráchtála (CBO-DAC) ar feadh sé mhí eile ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2022. Cuirimid fáilte roimhe sin toisc nach bhfuil an líon paisinéirí ar ais fós chuig na leibhéil a bhíodh i gceist in 2019, roimh an bpaindéim.

Bhí tionchar an-mhór ag paindéim COVID-19 ar an éileamh ó phaisinéirí i rith na bliana 2022 agus tá an tionchar sin fós le sonrú in 2022. Chothaigh an phaindéim cúinsí dúshlánacha a bhfuil an chuideachta ag déileáil leo i dteannta ár bpríomh-gheallsealbhóirí go léir. Mionsonraítear an tionchar sa chuid 'Gnóthas Leantach' de Thuarascáil na Stiúrthóirí.

4. Athbhreithniú ar Oibríochtaí

4.1 Sábháilteacht

Is é an phríomhthosaíocht atá ag Bus Éireann ná sábháilteacht agus folláine ár bhfostaithe, ár gcustaiméirí agus úsáideoirí eile na mbóithre. Tá an sainchúram sábháilteachta atá ar an eagraíocht fós á threorú ag an bhFoireann Ardcheannaireachta agus ag Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird.

Tharla mórthimpiste amháin in 2021, agus ba thragóid é sin. An 3 Lúnasa tharla imbhuailtí ag Baile an Mhanaigh a bhfuair beirt bás mar gheall air: Mark Wills, tiománaí le Bus Éireann agus an tAthair Con Cronin, coisí. Cuireadh Plean Éigeandála na cuideachta i ngníomh mar fhreagra air sin.

Tháinig méadú 4% ar ráta na n-imbhuailtí in 2021 ar bhonn líon na gciliméadar a clúdaíodh, rud a bhí ag teacht leis an méadú tráchta. Tá plean gníomhaíochta i bhfeidhm ag an gcuideachta chun aghaidh a thabhairt ar an treocht sin. Tháinig laghdú 14% ar rátaí timpistí i measc paisinéirí ar bhonn gach milliún paisinéirí a iompraíodh ar bhusanna a d'oibrigh Bus Éireann féin. Tháinig laghdú 20% ar an ráta timpistí a tharla d'fhostaithe agus ar an líon laethanta oibre a chaill fostaithe, a bhí leis na córais shábháilte oibre atá i bhfeidhm sa cuideachta.

Chuir an cuideachta plean gníomhaíochta sábháilteachta i bhfeidhm i rith na bliana agus d'éirigh go maith le comhdháil sábháilteachta a tionóladh le linn 2021. D'fhreastail 180 fostaí ar an seimineár gréasáin agus labhair Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, an tUasal Sam Waide, lena linn.

Paindéim COVID-19

Bhí dúshlán mhóra oibríochta i gceist i rith na bliana mar gheall ar phaindéim COVID-19. Rinneadh comhordú ar réitigh ar fud ár 17 láthair agus ar fud an ghréasáin iompair scoile. Glacadh le beartais sábháilteachta éifeachtacha, agus cuireadh saoráidí fostaithe in oiriúint nuair ba ghá sin.

Bhí teagmháil leanúnach idir muid agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le beartas, cuairteanna iniúchóireachta ar láithreáin agus gearáin faoi chúrsaí sábháilteachta. Chuaigh an cuideachta i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair trí rannpháirtíocht i meitheal COVID-19 agus leis an bhfoireann Innealtóireachta maidir le feithiclí a chur in oiriúint. Chuir an cuideachta clinicí tástála antaiginí ar bun agus cuireadh feisteáin féintástála antaiginí ar fáil d'fhostaithe. Cuireadh socrúithe measúnaithe sábháilteachta i bhfeidhm freisin chun tacú le cianoibrithe. Bhí rannpháirtíocht agus comhoibriú le geallsealbhóirí iomadúla ina gcuid lárnach den fhreagairt, go háirithe leis an Roinn Oideachais, an Roinn Iompair agus an Údarás Náisiúnta Iompair, ach freisin leis an Roinn Sláinte, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Chuir Bus Éireann le Straitéis na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre le freagra mionsonraithe ar chomhairliúchán agus plean gníomhaíochta. Tá ionadaíocht ag an gcomhlacht ar an gcoiste stiúrtha anois. Ceann de na príomhréimsí ar dhíríomar air ná cur chuige bunaithe ar fhianaise a úsáid lena chur in iúl gur cóir iompair shábháilte é an bus go bunúsach.



D'fhógair Bus Éireann, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, seirbhís tointeála bus nua chun daoine a thabhairt chuig coinní i gcomhair vacsaíní COVID-19 ag Ionad Vacsaínithe Phort Láirge ag Aireine Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Sa phictiúr ag an seoladh tá Claire Tully, an tIonad Vacsaínithe, Aireine Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Bainisteoir Oibríochtaí, FSS agus Sinéad Hearne, Bainisteoir Oibríochtaí Daoine le Bus Éireann.

Plean Éigeandála

In 2021, cuireadh plean éigeandála Bhus Éireann i ngníomh faoi dhó, i leith imbhualadh i mBaile an Mhanaigh i mí Lúnasa agus i leith Stoirm Bharra i mí na Nollag. Mar chuid den phleanáil agus den ullmhúchán teagmhasach leanúnach i gcomhair éigeandála, cuireadh cás tástála amháin i leith phlean éigeandála na cuideachta ar bun i rith na bliana, cás a bhí bunaithe ar thine a d'fhéadfadh tarlú ag iosta.

Beartas nuashonraithe maidir le hAlcól agus Drugaí

Táimid tiomanta dá chinntiú go mbeidh an timpeallacht oibre saor ó alcól agus ó dhruaí. I rith na bliana thugamar cothrom le dáta ár mBeartas Alcól agus Drugaí do gach fostaí de chuid Bhus Éireann chun foráil a dhéanamh maidir le tástáil i gcomhair alcól agus drugaí ag an obair. Faoi gclár tástála feabhsaithe déantar tástáil randamach, tástáil le cúis réasúnach agus tástáil tar éis tionóiscí ar fhorais réasúnacha. Cuireadh tús le tástáil randamach ar fhostaithe i mí na Bealtaine 2021 agus rinneadh 98 tástáil dhiúltach i rith na bliana.

Gradaim maidir le Tiomáint Shábháilte

Tá teist maidir le tiomáint shábháilte ag níos mó ná 500 dár dtiománaithe a chlúdaíonn tréimhse 10 mbliana níos mó, agus níos mó ná 25 bliain i gcásanna áirithe. Leis na Gradaim um Thiomáint Shábháilte, tugtar aitheantas do thiománaithe nár tharla timpistí a bhféadfaí a sheachaint dóibh agus nár sháraigh an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 agus iad i bhfeighil feithicil chuideachta.

4.2 Eispéireas na gCustaiméirí

Tá sé ina sprioc ag Bus Éireann a bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn, agus ráta 90%+ a bheith seasta againn ó thaobh sásamh custaiméirí ar fud ár seirbhísí go léir. In 2021 léirigh ár Suirbhé ar Chustaiméirí ráta 86% maidir le sásamh custaiméirí, scór bhí an-dearfach le linn tréimhsí dúshlánacha in earnáil an iompair phoiblí. Le linn 2021, dhéileáil an fhoireann cúraim custaiméirí le níos mó ná 215,000 ceist ó chustaiméirí lena n-áirítear 153,000 glao gutháin agus 32,000 ceist ar na meáin shóisialta.

Chun an sprioc atá againn a bhaint amach, tá tús curtha ag Bus Éireann le clár mórathraithe faoina mbeidh gach rud a dhéanaimid dírithe ar an gcustaiméir. Cuireadh an cheardlann 'Delighting the Customer' ar bun do 1,700 tiománaí ag 200 seisiún lae ar fud na tíre. Ag na ceardlanna sin, d'inis ár dtiománaithe dúinn cad a dhéanann siad ó lá go lá chun díriú go tréan ar ár gcustaiméirí. Chuireamar an t-aiseolas sin i dtoll a chéile chun 'Gealltanais an Tiománaí' a ullmhú, inar léiríodh a dtiomantas sainiúil dár gcustaiméirí.

In 2021, d'fhorhmeas an Bord Cairt Custaiméirí nua, ina leagtar amach caighdeáin nach mór don chuideachta a chomhlíonadh agus na caighdeáin ar féidir lenár gcustaiméirí a bheith ag súil leo nuair a úsáideann siad ár seirbhísí. Tá an Chairt Custaiméirí ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, agus i bhformáid inrochtana lena n-áirítear leagan i gcló mór, leagan téacs agus leagan taifeadta.

Le linn 2021 thug Bus Éireann isteach éide nua do gach tiománaí, maoirseoir agus fostaí a bhíonn ag déileáil le custaiméirí. Tá an éide déanta as ábhar ó fhoinsí eiticíúla agus ábhar athchúrsáilte. An t-éadach san éide nua, is as buidéal phlaisteacha athchúrsáilte a dhéantar é agus le gach éide seachnaítear 20 buidéal plaisteach a chur isteach i líonadh talún. Bhí pacáistíocht níos glaise ar an éide freisin i gcomparáid le roghanna eile agus baineadh leas as ábhar in-athchúrsáilte i gcuid mhór di ina mbíodh ábhair eile roimhe sin.



Le linn 2021 thug Bus Éireann isteach éide nua do gach tiománaí, maoirseoir agus fostaí a bhíonn ag déileáil le custaiméirí.

Cuireadh an éide chuig teach gach tiománaí agus bhí treoir in éineacht léi maidir leis na hionchais a bhí ag gabháil léi. Sa bheartán freisin bhí an Chairt Custaiméirí, an leabhrán Destination 2023, achoimre ar an Straitéis um Eispéireas Custaiméirí, agus 'Gealltanais an Tiománaí'. Ba bhealach iontach é sin chun ár Straitéis Custaiméirí agus ár bhfís a thabhairt chomh fada le teach gach tiománaí.

Bhunaíomar foireann nua chun bonneagar na stadanna bus a fheabhsú i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Earcaíodh ceathrar don Fhoireann Faisnéis Taistil i rith na bliana chun an plean a comhaontaíodh leis an Údarás Náisiúnta Iompair a chur chun feidhme, rud a fheabhsóidh an bonneagar lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Áirítear ar na freagrachtaí atá orthu táirgeadh na dtráthchlár a fheabhsú agus uasghrádú a dhéanamh ar chuailí bus, timpealláin agus scáthláin bus. Bíonn an fhoireann ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le conraitheoirí áitiúla lena chinntiú go gcuirimid feabhas ar eispéireas an chustaiméara ag gach stad bus, le faisnéis chruinn shoiléir.



Leanamar leis an obair chun leas iomlán a bhaint as an gCárta JAM. Cabhraíonn an Cárta JAM le custaiméirí faoi mhíchumas folaithe a úsáideann an córas iompair phoiblí a n-aistear a bheith chomh héasca agus is féidir. Ó chlé go deas: Rhonda Byrne, Maoirseoir Seirbhíse Gníomhach le Bus Éireann, Anne Rabbitte, an tAire Stáit a bhfuil freagracht uirthi as Míchumas, agus Ciarán Delaney, Ambasadóir an Chárta JAM ag seoladh an Chárta JAM i mBaile Átha Cliath.

Inrochtaineacht

Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil ár bhfeithiclí, ár bhfoirgnimh, agus ár stáisiúin agus stadanna bainistithe oiriúnach do chathaoir rothaí chun seirbhís iompair atá cothrom agus cóir a sholáthar, agus tá sé sin ina bhunchloch sa Chairt Custaiméirí nua.

In 2021 chomhlíonamar 100% de na háirithintí do chathaoireacha rothaí agus rinneadh 304 aistear. Thugamar isteach 202 bus agus cóiste nua inrochtana i rith na bliana, rud a fhágann gur féidir le ceithre iosta – Baile Átha Luain, Béal an Átha, Sligeach agus Srath an Urláir – aistriú go hiomlán chuig flít feithiclí OSP a bhfuil urlár íseal iontu. Tá gach feithicil i bhflít Bhus Éireann inrochtana anois, agus i gcás ár seirbhísí cathrach agus baile tá urlár íseal sna feithiclí go léir agus tá siad lán-inrochtana trí dhoras tosaigh na feithicil. Lena chinntiú gur féidir seirbhís a sholáthar ar ár gcóistí agus le Expressway, ní mór do chustaiméirí a bheith ag taisteal i gcathaoir rothaí áirithint a dhéanamh 24 uair an chloig roimh thaisteal dóibh. I gcás Expressway is féidir na háirithintí sin a dhéanamh ar líne anois.

I rith na bliana chuireamar tionscadail inrochtaineachta custaiméara ar bun i gCill Airne, Ros Láir, Trá Lí agus i bPort Láirge agus tá tuilleadh oibreacha beartaithe do Thrá Mhór, Loch Garman, Béal an Átha agus Baile Átha Luain i mbliana, le tacaíocht ó chistiú beagnach €13 mhilliún ón Údarás Náisiúnta Iompair.

Lena chinntiú go leanfaimid ar aghaidh ag cur le hinrochtaineacht ár seirbhísí go léir, téann Bus Éireann i gcomhairle go rialta le geallsealbhóirí, lena n-áirítear cruinnithe rialta a thionól lenár nGrúpa Úsáideoirí faoi Míchumas. I mí Dheireadh Fómhair, ghlac daoine ónár bhfoireann ardcheannaireachta páirt sa dúshlán ‘Day in my Wheels’, a d’eagraigh Spinal Injuries Ireland, chun léargas a fháil ar eispéreas an chustaiméara. Tá oiliúint feasachta ar mhíchumas san áireamh inár n-oiliúint leanúnach do thiománaithe. Leanamar leis an obair

chun leas iomlán a bhaint as an gCárta JAM. Cabhraíonn an Cárta JAM le custaiméirí faoi mhíchumas folaithe a úsáideann an córas iompair phoiblí a n-aistear a bheith chomh héasca agus is féidir. Rinneadh soilsiú corcra ar an stáisiún bus ag Plás Parnell i gCorcaigh i gcomhair Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Míchumas.



Rinneadh soilsiú corcra ar an stáisiún bus ag Plás Parnell i gCorcaigh i gcomhair Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Míchumas.

Chun cuidiú le custaiméirí a bhfuil deacracht amhairc acu, tá feabhas curtha againn ar fhógraí fuaimne ‘an chéad stad eile’ ar fud an ghréasáin. Is cúnamh é sin do gach duine, agus is fusa a fhios a bheith ag daoine cá as a bhfuil an bus imithe agus cén chéad stad eile ag a stopfaidh an bus. Tá an obair tugtha i gcrích i gcás díreach os cionn leath na stadanna ar an ngréasán ar fud na tíre agus táthar ag súil go ndéanfar an obair ar na stadanna eile in 2022.

Sásamh Custaiméirí

86%



Rinneadh dul chun cinn mór nuair a athraíodh flít feithiclí ghréasán Chathair na Gaillimhe go busanna hibrideacha leictreacha dhá stór astaíochtaí ísle, agus chuaigh na chéad fheithiclí i mbun seirbhíse i mBealtaine 2021. Sin é an chéad chéim chun an flít busanna cathrach a athrú ó chinn díosail go dtí busanna a ritheann ar chumhacht leictreach agus le breosla-chealla. Ag an seoladh, ó chlé go deas, bhí Brian Connolly, Ard-Bhainisteoir Oibríochtaí le Bus Éireann san Iarthar, Hildegard Naughton, Aire Stáit sa Roinn Iompair agus Teachta Dála de chuid Gaillimh Thiar, le Tom McHale, Innealtóir Réigiúnach le Bus Éireann san Iarthar.

4.3 Athbhreithniú ar an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

I rith 2021, bhí an chuideachta fós ag streachailt le dúshlán nach bhfacthas a leithéid roimhe seo, dúshlán a d'escair as paindéim COVID-19 agus as oibríthe a bheith as láthair de bharr na paindéime. B'éigean seirbhísí a chur ar ceal dá bharr sin scaití in áiteanna éagsúla ar fud na tíre.

In ainneoin na ndúshlán mór sin, bhí an chuideachta, le tacaíocht ón Rialtas agus ón Údarás Náisiúnta Iompair, in ann leanúint ar aghaidh ag díriú ar fheabhsuithe mar chuid den Chlár Spreagtha Post, faoinar cuireadh trí mhíilliún ciliméadar, breis agus 100 post tiománaí agus breis is 20 feithicil lenár gcuid seirbhísí. Tugadh isteach bealach OSP nua idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath lena chinntiú go mbeadh freastal á dhéanamh ar phobail a bhíodh ag taisteal ar Expressway X8 roimhe sin. Gabhann Bealach 245X idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath trí Mhainistir Fhear Maí, Baile Mhístéala, an Chathair agus Caiseal.

Díríodh in 2021 ar na hathruithe sin a thabhairt i gcrích agus cur leis an úsáid a bhaintear as na seirbhísí OSP go léir. Chuireamar feabhas freisin ar bhealaí ar fud na tíre lena n-áirítear mórthionscadal faoina ndearnadh athbhreithniú ar thráthchlár ar fud an ghréasáin chun aird níos fearr a thabhairt ar dhálaí tráchta agus cur le poncúlacht agus iontaofacht na seirbhísí. Le cur i bhfeidhm bonneagar feabhsaithe stadanna bus san Uaimh, tacaíodh le Gréasán na hUaimhe atá tugtha isteach le gairid. Tá méadú faoi cheathair tagtha ar líon na bpaisinéirí ó tugadh isteach an tseirbhís sin.

Bhí áthas orainn a bheith ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus lena gcomhairleoirí chun togra nua BusConnects a fhorbairt do Chathair Chorcaí, agus aighneacht a dhéanamh faoin bplean Connecting Ireland [Éire á Nascadh] i leith an iompair phoiblí réigiúnaigh.

Tugadh isteach an aip TFI Go, lenar féidir íocaíochtaí fóin póca a dhéanamh, ar fud bhealaí comaitéireachta an oirthir agus i leith seirbhísí cathrach, seirbhísí baile agus cóistí i mBaile Átha Luain, Corcaigh, Ciarraí, Luimneach

agus san Uaimh. Déanfar an aip a leathadh amach chuig gach bealach ar fud na tíre le linn 2022. Mar gheall gur féidir airgead a chur leis an gCárta LEAP ar an iPhone anois, is fusa an cárta sin a úsáid ar sheirbhísí neamhuirbeacha.

Leis an Údarás Náisiúnta Iompair, d'fhreastalaíomar ar iarrataí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun seirbhísí tiomnaithe tointeála a chur ar bun chuig na hionaid vacsaínithe i Luimneach agus i bPort Láirge.

I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tugadh 161 feithicil nua isteach inár bhflít OSP, an líon is airde feithicil nua a tugadh isteach in aon bhliain amháin go dtí seo. Chuir na feithicilí nua sin go mór le heispéireas an chustaiméara ar bord lena n-áirítear feabhas ar inrochtaineacht na seirbhísí ina lán áiteanna sa tír. Ba chúnamh é sin freisin i leith ár straitéis inbhuanaitheachta: leis an laghdú astaíochtaí sin táimid ar an mbóthar chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Rinneadh dul chun cinn mór nuair a athraíodh flít feithiclí ghréasán Chathair na Gaillimhe go busanna hibrideacha leictreacha dhá stór astaíochtaí ísle, agus cuireadh na chéad fheithiclí ar an mbóthar i mí na Bealtaine 2021. Sin é an chéad chéim chun an flít busanna cathrach a athrú ó chinn díosail go dtí busanna a ritheann ar chumhacht leictreach agus le breosla-chealla.

In 2021, bhí torthaí dearfacha againn i leith an bhealaigh ó Bhaile Átha Cliath go Ráth Tó ó thaobh astaíochtaí carbóin a laghdú agus cur le héifeachtúlacht oibríochta nuair a cuireadh ar an mbóthar, den chéad uair in Éirinn, trí bhus cheallra-leictreacha breosla-chille hidrigine atá saor ó astaíochtaí.

Rinneadh obair mhór ullmhúcháin ar an tionscadal sin chun an chéad ghréasán baile sa tír a chur ar bun a bhfreastalaíonn feithicilí ceallra-leictreacha atá saor ó astaíochtaí air. Tá cistiú iomlán á sholáthar ag an Údarás Náisiúnta Iompair don obair chun 11 fheithicil cheallra-leictreach a chur ar an mbóthar i mBaile Átha Luain in 2022.



Feidhmíonn Bus Éireann an Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais. Is é ár bpríomhthosaíocht é níos mó ná 122,000 leanbh a iompar go sábháilte, leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag breis is 16,000 díobh

4.4 Athbhreithniú ar Sheirbhísí Iompair Scoile

Feidhmíonn Bus Éireann an Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais. Tá sé ina phríomhthosaíocht againn níos mó ná 122,000 leanbh a iompar go sábháilte, leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag breis is 16,000 díobh.

Cuirtear seirbhís iompair scoile ar fáil má tá cónaí ar leanaí níos mó ná 3.2km ón mbunscoil is gaire dóibh nó 4.8km ón ionad oideachais iar-bhunscoile is gaire dóibh. Cuireann Bus Éireann na seirbhísí iompair scoile amach ar conradh le soláthróirí áitiúla atá lonnaithe i bpobail ar fud na hÉireann. Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, tá seirbhís iompair scoile i bhfeidhm ag 44% de na bunscoileanna go léir. Gan Baile Átha Cliath san áireamh, fuarthas amach in anailís a rinne KPMG do Bhus Éireann gur ar bhus scoile a théann 13% de na daltaí bunscoile ar scoil.

Cuireadh breis is 33 milliún aistear ar bun faoin scéim iompair scoile. In 2021, bhí os cionn 6,800 feithicil i gceist leis an oibríocht thar 9,000 bealach gach lá scoile. Tháinig méadú 7% in 2021 ar líon na ndaltaí a iompraíodh ar an scéim iompair scoile. Chomh maith leis sin, tháinig méadú 24% ar líon na n-iarratas a fuarthas i leith leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

D'fhormheas an Roinn Oideachais breis agus 700 seirbhís nua in 2021 agus ceadáíodh 1,400 athrú ar na seirbhísí, lena n-áirítear uasghrádú a dhéanamh ar fheithicilí, aistir bhreise agus síneadh a chur le bealaí a bhí ann cheana. Bhí an chuid is mó de na hathruithe sin dírithe ar fhreastal ar éileamh méadaithe i leith leanaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus ar réitigh bhreise ar mhaithe le scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí iarbhunscoile, chun cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí.

Bunaíodh roinnt seirbhísí tiomnaithe iompair scoile freisin chun freastal ar leanaí incháilithe a bhíodh ag taisteal roimh sin ar sheirbhísí sceidealta. Bhí gá leo sin mar gheall ar an acmhainn laghdaithe a bhí ann ar sheirbhísí iompair phoiblí de bharr shrianta COVID-19.

I mí an Mheithimh 2021, chuir an Roinn Oideachais tús le próiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí mar chuid den athbhreithniú ar an scéim iomlán iompair scoile. San athbhreithniú, breathnaítear ar an scéim atá i bhfeidhm faoi láthair agus ar a héifeachtúlacht agus a hinbhuanaitheacht lena chinntiú go bhfreastalaíonn sí go cúí ar dhaltaí agus ar a dteaghlach. Tugadh i gcrích céim 1 den athbhreithniú in 2021 agus moladh an scéim a choinneáil ar bun mar atá sí faoi láthair go dtí go mbeidh toradh an athbhreithnithe iomláin ar fáil, ach bearta maolaithe sealadacha a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí na scéime iompair iar-bhunscoile. Faoi na bearta maolaithe sealadacha sin, féadfar cistí a leithdháileadh do na ceantair sin ina bhfuil líon mór daltaí iar-bhunscoile a dhéanann iarratas agus a íocann in am agus a chomhlíonann na critéir incháilitheachta maidir le fad achair ón scoil is gaire dóibh ach a bhí ag freastal ar an dara scoil is gaire dóibh. Déanfar breithniú níos leithne maidir le cuspóirí na scéime agus na critéir incháilitheachta sa chéad chéim eile den athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair.

D'fhág paidéim COVID-19 go raibh go leor dúshlán le sárú ó thaobh seirbhísí iompair scoile a rith agus bhí an soláthar seirbhísí bunaithe i gcónaí ar an gcomhairle sláinte poiblí a cuireadh ar fáil ag an am. Leanadh ar aghaidh leis an scaradh sóisialta ar sheirbhísí iarbhunscoile le hacmhainneacht 50% agus coinníodh i bhfeidhm gach beart eile chun COVID-19 a chosc, amhail díghalrán lámh a bheith ar na busanna, clúdaigh aghaidhe a chaitheamh, glantachán feabhsaithe agus suíocháin a bheith leithdháilte. Choinnigh an Roinn Oideachais an acmhainneacht 50% faoi athbhreithniú, de réir mar a

cuireadh an clár vacsaínithe do leanaí iar-bhunscoile i bhfeidhm agus de réir mar a cuireadh deireadh leis na srianta ar sheirbhísí iompair phoiblí. Tar éis bhriseadh lár téarma mhí Dheireadh Fómhair, cuireadh tús le pleananna chun seirbhísí iompair iar-bhunscoile a fheidhmiú ag acmhainneacht 100%, ag teacht le deireadh na srianta ar sheirbhísí iompair phoiblí.

Thar ceann na Roinne Oideachais, d'éisigh Bus Éireann €4.7 milliún in aisíocaíochtaí chuig breis is 40,000 teaghlach toisc go raibh na scoileanna dúnta tamall in 2021. Cuireadh 33,000 glao ar an gcóras náisiúnta teileafóin do chustaiméirí na seirbhíse Iompair Scoile i rith an tsamhraidh agus rinneadh 11,500 comhrá gréasáin le rátáil sástachta 93%. Bhain an chuid is mó de na fiosrúcháin le ticéid, éiginnteacht maidir le hathoscailt scoileanna agus prótacail sábháilteachta a bhí pleanáilte i leith COVID-19.

Phróiseáil Bus Éireann 27,000 áit do dhaltáí incháilithe a bhfuil cárta leighis acu, in ainneoin gur cuireadh isteach ar chórais FSS de bharr an chibearionsaithe.

Mar gheall ar dhúshlán a bhain le COVID-19 in 2020, cuireadh 40% de na bealaí amach ar tairiscint in 2021, sin thart ar 3,000 bealach. Dhá oiread an gnáthlón bealaí a chuirtear ar tairiscint ar bhonn bliantúil a bhí i gceist ansin.

Sábháilteacht

In 2021, tháinig laghdú ar líon na n-imbhuailtí agus na dtimpistí a tharla do phaisinéirí ar ár seirbhísí. Lean Bus Éireann ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go mbeidh an tsábháilteacht fós ina príomhthosaíocht i bhfeidhmiú na scéime iompair scoile. Bhí obair leanúnach ar bun leis na fostaithe lena chinntiú go raibh prótacail sábháilteachta i bhfeidhm i gcomhair thús na scoilbhliana nua lena n-áirítear acmhainneacht 50% ar bhealaí iar-bhunscoile, suíocháin réamhshannta, glanadh, prótacail sábháilteachta ar bord agus caitheamh clúdach aghaidhe i gcás scoláirí iar-bhunscoile.

Cosaint Leanáí, Grinnfhiosrúchán

Tá tiomantas láidir ag Bus Éireann do shábháilteacht agus leas leanaí ar ár seirbhísí agus inár n-áitreabh.

Cinntíonn Oifig Grinnfhiosrúcháin Bhus Éireann go gcomhlíontar forálacha reachtúla an Achta um an mBíúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016 agus comhoibríonn sí leis na páirtithe ábhartha chun cinntí tábhachtacha a dhéanamh maidir le tiománaithe oiriúnacha a fhostú.



D'fhorghas an Roinn Oideachais breis agus 700 seirbhís nua in 2021 agus ceadáidh 1,400 athrú ar na seirbhísí, lena n-áirítear uasghrádú a dhéanamh ar fheithiclí, aistir bhreise agus síneadh a chur le bealaí a bhí ann cheana.



Ag tosú in 2020 agus ag leanúint ar aghaidh in 2021, d'éirigh le breis agus 300 ball foirne agus tiománaí ábhartha i mBus Éireann tabhairt faoin gclár ríomhfhoghlama de chuid Tusla 'Introduction to Children First', lena bhfeabhsaítear feasacht ar chumhdach leanaí san eagraíocht seo.

In 2021, tháinig méadú 6% ar líon na n-iarratas grinnfhiosrúcháin go dtí thart ar 8,430. Ba é ba chúis leis an méadú sin seo ná go rabhthas ag teannadh le tosach feidhme Alt 20 den Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012-2016 maidir le hath-ghrinnfhiosrúchán, agus beart na Roinne Oideachais Iompar Scoile um scaradh sóisialta ar sheirbhísí iar-bhunscoile.

Sa chás ina ndéantar sárúithe a aithint agus a dheimhniú, cuirtear deireadh le conarthaí i gcomhréir leis an gcur chuige atá againn i dtaobh gan glacadh ar bith a bheith le tiománaithe nár éirigh leo sa ghrinnfhiosrúchán.

Chun comhlíonadh an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chinntiú, rinneadh athbhreithniú nach beag ar shraith doiciméad Bhus Éireann maidir le cosaint leanaí in 2021 tar éis taighde fairsing, anailís agus comhoibriú leis na baill foirne, Rannóg Dlí ClÉ, ár gcomhchuideachtaí, an Roinn Oideachais agus páirtithe seachtracha eile.

Is treoir thagartha phraiticiúil, thacúil é an Leabhrán faoin mBeartas um Chosaint Leanaí (Samhain 2021). Is doiciméad ceangailteach é a scaiptear ar gach ball foirne de chuid Bhus Éireann lena n-áirítear conraitheoirí agus a gcuid fostaithe/tiománaithe ainmnithe.

Ag tosú in 2020 agus ag leanúint ar aghaidh in 2021, d'éirigh le breis agus 300 ball foirne agus tiománaí ábhartha i mBus Éireann tabhairt faoin gclár ríomhfhoghlama de chuid Tusla 'Introduction to Children First', lena bhfeabhsaítear feasacht ar chumhdach leanaí san eagraíocht seo.

Iompar scoile

2021	2020
122,000	114,000



In 2021, rinne Bus Éireann infheistíocht €16 mhilliún, lena n-áirítear 30 cóiste nua Expressway le húsáid ar fud na tíre. Cuireadh na feithiclí nua go Port Láirge, Gaillimh, Luimneach, Srath an Urláir agus Sligeach, ag nascadh pobal feadh chósta an iarthair ar chuid de na bealaí is gnóthaí a bhfreastalaíonn Expressway orthu.

4.5 Athbhreithniú ar Expressway

Feidhmíonn Bus Éireann Expressway ar bhonn tráchtála, ar bhealaí atá ceadúnaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá ról tábhachtach seirbhíse poiblí ag Expressway maidir le naisc a choinneáil ar bun idir pobail lena n-áirítear pobail nach bhfuil seirbhís OSP acu. Lean Expressway ar aghaidh ag cur aistir riachtanacha ar bun agus cuireadh 98.8% de na seirbhísí a bhí pleanáilte ar an mbóthar le linn 2021, le tacaíocht airgeadais ón gConradh Dírdhámhachtana d'Oibrítheoirí Busanna Tráchtála (CBO DAC), tacaíocht a leathnaíodh chuig an earnáil busanna agus cóistí mar gheall ar an líon paisinéirí a bheith laghdaithe de bharr COVID-19. Deimhníodh go gcuirfeadh síneadh le CBO DAC go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2022.

Creideann an Chuideachta go mbeidh brabús á dhéanamh ag Expressway arís tar éis phaindéim COVID-19 de réir mar a thosóidh na patrúin taistil bhliantúla ag teannadh leo siúd a bhíodh i réim. Rinneamar infheistíocht leanúnach sna feithiclí agus i dteicneolaíocht nua, lena léirítear tiomantas fadtéarmach Bhus Éireann do Expressway a bheith inbhuanaithe agus brabús a bheith le déanamh air, agus an fonn atá orainn eispeireas den scoth a sholáthar do na custaiméirí.

In 2021, rinne Bus Éireann infheistíocht €16 mhilliún, lena n-áirítear 30 cóiste nua Expressway le húsáid ar fud na tíre. Cuireadh na feithiclí nua go Port Láirge, Gaillimh, Luimneach, Srath an Urláir agus Sligeach, ag nascadh pobal feadh chósta an iarthair ar chuid de na bealaí is gnóthaí a bhfreastalaíonn Expressway orthu. Comhlíonann na cóistí nua na caighdeáin astaíochtaí

íslé Euro VI is déanaí agus tacaíonn siad le tiomantas na cuideachta maidir le hastaíochtaí a laghdú: mar gheall orthu, is féidir laghdú 70% ar a laghad a bhaint amach i gcás astaíochtaí hidreacarbóin agus laghdú 88% ar a laghad i gcás ocsaíd nítrigine i gcomparáid leis na 30 feithicil ar thóg siad a n-áit.

Is é VDL a rinne na cóistí nua san Ísiltír agus tá suíocháin insínte leathair den scoth iontu ar féidir a dtaca cinn a chur in oiriúint don phaisinéir. Tá áiseanna luchtaithe, táblaí tráidire agus aerchóiriú ag gach suíochán. Tá Wi-Fi 4G iontu freisin. Tá na cóistí nua go léir oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus tá leithris iontu, rud a chabhraíonn Expressway a chur i láthair mar phríomhrogha an mhargaidh.

Tá an infheistíocht sin ar an gceann is mó a rinne Bus Éireann ina sheirbhís tráchtála Expressway le breis is deich mbliana anuas agus fágann sí gur meánaois níos lú ná cúig bliana atá ag an bhflít 170 feithicil anois.


Ina theannta sin, sheol Bus Éireann an córas ticéadaithe nua MyExpressway ar fud a sheirbhísí tráchtála Expressway. Le MyExpressway, is iomaí buntáiste a bheidh ar fáil do chustaiméirí lena n-áirítear feabhas ar an gcóras ticéadaithe ar líne, íocaíocht gan tadhall agus áirithintí suíocháin ráthaithe ar gach bealach. Fágann sé sin gur féidir le Bus Éireann an tseirbhís is fearr agus is féidir a thairiscint dár gcustaiméirí Expressway agus, taobh le roinnt tionscnaimh eile ar nós feithicil nua, cabhróidh sé le Bus Éireann a chinntiú go dtiocfaidh gréasán Expressway ar ais chuige féin go tapa sula fada. Ar nós gnólachtaí tráchtála eile, bhí sé buailte go dona ag an laghdú ioncam de bharr na paindéime.

Mar gheall ar chóras ticéad MyExpressway tá straitéis táillí agus ticéad ar leithligh ann i leith Expressway agus seirbhísí OSP. De bharr na dteicneolaíochtaí éagsúla a úsáidtear, níl ticéid a cheannaítear ar sheirbhísí Expressway ná OSP in-idirmhalartaithe a thuilleadh eatarthu agus níl siad bailí ach ar an tseirbhís a gceannaítear iad ina leith.

Tá ár bpróiseas áirithinte do chathaoireacha rothaí faoi athbhreithniú i gcónaí agus in 2021 rinneadh tuilleadh forbairtí chun eispéaras an chustaiméara a fheabhsú. Tá sé beartaithe againn cur le líon na stadanna bus atá inrochtana do chathaoireacha rothaí in 2022. Tugadh isteach próiseas áirithinte inrochtaineachta nua ar líne ar láithreán gréasáin Expressway ionas gur fusa ag custaiméirí a úsáideann cathaoireacha rothaí é suíochán a chur in áirithe ar líne.

I mí na Samhna, chuir Expressway tús le feachtas faoin bpas saorthaistil de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí, leis an mana 'book the easy way'. Tá sé i gceist leis an bhfeachtas sin a chur in iúl do chustaiméirí cé chomh héasca is atá sé suíochán a chur in áirithe ar láithreán gréasáin Expressway. Meabhraítear freisin do chustaiméirí gur féidir leo suíochán a chur in áirithe ar líne ar tháille bheag agus gur féidir leo taisteal gan áirithint freisin má tá spás ar an mbus.

Le linn 2021, rinneadh lán-fhormheas ar phlean inmharthana cúig bliana an Bhoird ó mhí Mheán Fómhair 2020. Cuireadh deireadh le Bealach X12 idir Luimneach agus Baile Átha Cliath i mí Eanáir, agus leis an 20/X20 idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath i mí Iúil. Go luath i mí Mheán Fómhair, tháinig deireadh le Bealach Expressway X8 idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas nascachta a aithníodh, tugadh isteach 245X, bealach nua OSP arna oibriú ag Bus Éireann le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair.



● Leictreachas ● Gás
● Ola Théite ● Breoslaí Iompar

Seirbhís Expressway

Feidhmíodh 98.8% de na seirbhísí beartaithe le linn 2021.

Líon na nAistear Custaiméirí agus na gCiliméadar Feithicle	2021 Miliún	2020 Miliún
Aistir custaiméirí		
Seirbhísí cathrach sna cúigí	14.7m	13,9m
Seirbhísí sceidealaithe eile	9.3m	9,3m
An scéim iompair scoile	34.6m	27,3m
	58.6m	50,5m
Vehicle Kilometres		
Provincial City Services	15.0m	14.0m
Other Services - Own	59.0m	63.1m
Other Services - Sub Contracted	123.9m	
	197.9m	77.2m

Inbhuanaitheacht

An Straitéis Inbhuanaitheachta atá againn, tá sí dírithe ar chuspóirí agus déantar comhtháthú léi ar spriocanna geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil chun cur chuige iomlánaíoch a chinntiú ar fud an Ghrúpa.





4.6 Inbhuanaitheacht

Ba í 2021 an bhunbhlain do Bhus Éireann agus muid ar an aistear chun bheith ar an oibritheoir iompair phoiblí is inbhuanaithe in Éirinn faoi 2030. I mí na Bealtaine 2021, sheolamar ár Straitéis Inbhuanaitheachta 'Driving Change'. Bunaíodh fochoiste Boird chun an dul chun cinn a threorú trí chéimeanna feidhmithe na straitéise.

Táimid ag díriú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Bhus Éireann a laghdú 50% faoi 2030, agus líon na bpaisinéirí a mhéadú 30% ag an am céanna. Is modh taistil níos inbhuanaithe go bunúsach é an t-iompar de bhus agus de chóiste ná an carr príobháideach, agus astaítear an cúigiú cuid den dé-ocsaíd charbóin in aghaidh an chiliméadair a chlúdaíonn paisinéir. I gcoillár an phlean seo tá an mhian ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach a théann chun a sochair dár gcustaiméirí agus dár bhfostaithe, agus ar bhealach a mbeidh dea-thionchar fiúntach aige ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí i gcoitinne. Leagtar amach sa straitéis pleannanna na cuideachta chun spriocanna dúshlánacha inbhuanaitheachta a bhaint amach idir seo agus 2030 i sé phríomhréimse:

- Gníomhaíocht ar son na hAeráide
- Tomhaltas agus Dramháil
- Cathracha agus Pobail
- Oideachas agus Comhionannas
- Obair Chuibhiúil, Shábháilte
- Comhpháirtíochtaí

63% den chabhlach ag astaíocht níos glaine EuroVI

Tá ár dTuarascáil Bhliantúil Inbhuanaitheachta i leith 2021 ar fáil ag [buseireann.ie/sustainability](https://www.buseireann.ie/sustainability)

Scaipeadh an straitéis ar na baill foirne trí láithreán gréasáin inmheánach, agus cuireadh geallsealbhóirí ar an eolas trínár láithreán gréasáin agus ar na meáin shóisialta. Is é an tAire Iompair, Eamon Ryan TD, a sheol an straitéis agus baineadh amach clúdach náisiúnta ina dhiaidh sin le feachtas forleathan sna meáin réigiúnacha.

Éifeachtúlacht Fuinnimh na bhFeithiclí

Ag obair dúinn i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair, rinneadh dul chun cinn mór in 2021 faoinár spriocanna um ghníomhaíocht aeráide. Tá 63% dár bhflít seirbhíse ag cloí leis an gcaighdeán Euro VI i leith inneall glan anois: sin méadú 8% ó 2020. Tá gealltanais tugtha ag an Údarás Náisiúnta Iompair nach gcuirfear aon bhusanna díosail nua leis na flíteanna uirbeacha.

Toisc gur gréasán fairsing, éagsúil iompair phoiblí atá ag Bus Éireann, beidh réitigh theicneolaíochta éagsúla ag teastáil chun an flít a dhíchárbónú. Chomh maith leis an teicneolaíocht hibrideach, tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag soláthar feithiclí ceallra-leictreacha saor ó astaíochtaí do sheirbhís Bhaile Átha Luain. Fágfaidh sé sin go mbeidh Baile Átha Luain ar an gcéad cheantar uirbeach a mbeidh seirbhís iomlán busanna ceallra-leictreacha aige. Beidh dea-thionchar aige sin i dtaobh astaíochtaí agus imreofar dea-thionchar freisin ar chaighdeán an aeir agus ar leibhéil torainn.





Nocht an tÚdarás Náisiúnta Iompair, i gcomhar le Bus Éireann, na chéad bhusanna dhá stór leictreacha breosla-chille hidrigine nua in Éirinn. Cuireadh na trí bhus sin ar an mbóthar ar bhealaí comaitéireachta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i lár mhí Iúil agus faoi lár mhí Dheireadh Fómhair bhí níos mó ná 20,000km clúdaithe acu gan astaíochtaí ar bith. Is ionann sin agus beagnach trí thona CO₂ in aghaidh an bhus a sheachaint gach uile mhí. Sa phictiúr, ó chlé go deas, ag an seoladh tá: Stephen Kent, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhus Éireann, Eamon Ryan, an tAire Iompair agus Anne Graham, Príomhfheidhmeannach an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Triail á baint as Busanna Hidrigine

Nocht an tÚdarás Náisiúnta Iompair, i gcomhar le Bus Éireann, na chéad bhusanna dhá stór leictreacha breosla-chille hidrigine nua in Éirinn. Cuireadh na trí bhus sin ar an mbóthar ar bhealaí comaitéireachta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i lár mhí Iúil agus faoi lár mhí Dheireadh Fómhair bhí níos mó ná 20,000km clúdaithe acu gan astaíochtaí ar bith. Is ionann sin agus beagnach trí thona CO₂ in aghaidh an bhus a sheachaint gach uile mhí.

Tá na busanna faoi réir meastóireachta inseirbhíse mar chuid de threoirscéim theicneolaíoch um breosla malartach atá ar bun ag an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhar le Bus Éireann. Infheistíocht thart ar €2.4m a rinne an stát sna busanna, lena n-áirítear cláir oiliúna. Is é an Wrightbus Streetdeck H2 FCEV an chéad bhus dhá stór hidrigine ar domhan, agus is féidir le gach bus freastal ar suas le 79 paisinéir.

Feithiclí Nua Expressway

Faoi láthair, níl aon roghanna inmharthana eile ann seachas feithiclí faoi thiomáint díosail do na bealaí Expressway is faide. Mar sin féin, is féidir tairbhí móra comhshaoil a bhaint amach trí theicneolaíochtaí nua a chur in ionad sean-innill díosail. I mbliana, d'infheistigh Bus Éireann €16 mhilliún ina sheirbhís idir-réigiúnach cóistí Expressway, i bhfeithiclí nua agus i gcóras ticéadaithe nua. Comhlíonann na cóistí nua na caighdeáin astaíochtaí ísle Euro VI is déanaí agus tacaíonn siad le tiomantas na cuideachta maidir le hastaíochtaí a laghdú: mar gheall orthu, is féidir laghdú 70% ar a laghad a bhaint amach i gcás astaíochtaí hidreacarbóin agus laghdú 88% ar a laghad i gcás ocsaíd nítrigine i gcomparáid leis na 30 feithicil ar thóg siad a n-áit.

Feidhmíocht fuinnimh feabhsaithe 22% ó 2009

Feithiclí Cuideachta

Táimid faoi lánseol ag aistriú go dtí carranna agus veaineanna leictreacha don chuideachta, atá saor ó astaíochtaí, agus tá 15 phointe luchtaithe dhúbailte suiteáilte ag 12 iosta ar fud na tíre. Tá 14 fheithicil lán-leictreacha ag an gcuideachta sa fhliú agus is é an sprioc atá againn flít iomlán ina mbeidh 120 feithicil leictreach a bheith againn faoi 2025.

Na Saoráidí a Athrú ó Bhonn

Agus feithiclí nua ar an mbealach, ní mór uasghrádú mór réamhphleanáilte a dhéanamh ar na hiostaí ar fud na tíre, ó thaobh soláthar cumhachta, acmhainneachta agus trealamh nua. Ag tosú i mBaile Átha Luain agus i Luimneach táimid ag infheistiú, le cúnamh ón Údarás Náisiúnta Iompair, i mbonneagar nua luchtaithe agus soláthair cumhachta inár gcuid saoráidí. Thosaíomar ag uasghrádú an iosta i mBaile an Róistigh i Luimneach i rith na bliana, ag baint leas as na teicneolaíochtaí is nuaí chun lorg carbóin an fhoirgnimh a laghdú, agus fuairamar cead pleanála don dara céim den tionscadal seo.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá sé ina sprioc thosaíochta againn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030. Tá sé beartaithe againn é sin a bhaint amach trínár bhflít a leictriú, an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú inár bhfoirgnimh agus an méid breosla iontaise atá á ídiú againn a laghdú.

In 2021, chuir Bus Éireann chun feidhme os cionn 20 tionscadal aonair éifeachtúlachta fuinnimh ar fud a láithreacha, agus uasghrádú ar shoilsiú agus ar chreatlaí foirgnimh ina measc. Mar gheall gur cuireadh soilse nua LED in ionad na soilse go léir in Iosta Thobar an Chaipín i gcathair Chorcaí, tháinig laghdú 14% ar an méid fuinnimh a ídítear agus baineadh amach deimhniú bainistíochta comhshaoil ISO14001 don láthair in 2021 – príomhghné eile dár straitéis inbhuanaitheachta.

D'ídigh an chuideachta 275,720 MW fuinnimh san iomlán in 2021, sin laghdú beag 0.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Is tomhas é Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh Bhus Éireann ar an bhfuinneamh iomlán a ídíonn an eagraíocht in aghaidh an chiliméadair i leith na suíochán atá ar fáil. Tháinig feabhas 22% air sin in 2021 i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2009 arna ainmniú ag SEAI.



Tá 14 fheithicil lán-leictreacha ag an gcuideachta sa fhliú agus is é an sprioc atá againn flít iomlán ina mbeidh 120 feithicil leictreach a bheith againn faoi 2025.



Thosaíomar ag uasghrádú an iosta i mBaile an Róistigh i Luimneach i rith na bliana, ag baint leas as na teicneolaíochtaí is nuaf chun lorg carbóin an fhoirgnimh a laghdú, agus fuairamar cead pleanála don dara céim den tionscadal seo.

Dramhaíl

Gineann Bus Éireann roinnt sruthanna dramhaíola lena n-áirítear dramhaíl chathrach tráchtála, dramhaíl in-athchúrsáilte tráchtála, dramhaíl chairtchláir i mburláin, dramhaíl in-bhithdhíghrádaithe orgánach, dramhthrealamh leictreach agus dramh-mhiotal. I rith 2021, bhailigh ár gconraitheoir dramhaíola ginearálta 623 tonna dramhaíola: caitheadh le 85% den dramhaíl mar dhramhaíl i leith fuinneamh agus rinneadh 15% di a athchúrsáil. Is é an sprioc atá againn ná líon na n-araidí athchúrsála tráchtála a mhéadú 20% ar a laghad in 2022.

D'fhorbair an chuideachta plean nua bainistíochta dramhaíola le linn 2021 a chlúdaíonn gach saoráid, ag díriú ar laghdú dramhaíola, athúsáid agus athchúrsáil. I rith 2021, d'athúsáid nó d'athchúrsáil ár soláthraí bonn níos mó ná 6,100 bonn de chuid Bhus Éireann.

**Ceannach páipéir
laghdaithe 28% ó 2019**

Comhpháirtíochtaí

Tá an comhoibriú i gcoirlár an dul chun cinn a dhéanann Bus Éireann gach bliain agus, chun saol níos inbhuanaithe a bhaint amach, tá an chuideachta meáite ar bheith ag obair i gcomhpháirtíocht lenár ngeallsealbhóirí, ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe, na gníomhaireachtaí maoinithe agus na ranna rialtais. Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Iompair agus an Roinn Oideachais, leanfaimid orainn ag infheistiú ar mhaithe le saol inbhuanaithe a bheith romhainn, i gcomhpháirtíocht le geallsealbhóirí lena n-áirítear Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus údaráis áitiúla.



4.7 Ceannaireacht agus Daoine

Destination 2023

Tá sé ina sprioc straitéiseach againn an cheannaireacht a fhorbairt ar gach leibhéal agus cultúr feidhmíochta a bhunú ionas gur áit iontach muid le bheith ag obair. Agus rannpháirtíocht na bhfostaithe á húsáid mar shlat tomhais againn, in 2021 bhaineamar amach scór rannpháirtíochta 79% agus dúirt 84% dár bhfostaithe linn gur cúis bhróid acu é a bheith ag obair le Bus Éireann.

I bhfianaise na ndúshlán ollmhór a bhí le sárú againn le dhá bhliain anuas, agus toisc gur seirbhísí túslíne a bhíonn á soláthar againn, is teist é an feabhas leanúnach atá ag teacht ar na tuairimí sin ó na fostaithe ar an obair a dhéantar ar fud an ghnólachta chun ár bhfostaithe a choinneáil slán sábháilte agus tacú leo agus muid ag obair chun muintir na hÉireann a choinneáil nasctha le chéile.

Struchtúr agus Cumas na hEagraíochta

Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta: Roghnaíodh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) chun an clár 'Managing for Success' a dhearadh agus a sholáthar. Clár forbartha bainisteoirí atá i gceist leis lena dtacófar le bainisteoirí chun pleananna eagraíochtúla agus cuspóirí straitéiseacha uailmhianacha Bhus Éireann a bhaint amach.

Athbhreithniú ar na Poist Chléireachais: I gcomhar le meitheal fostaithe cléireachais, tá cairt post nua, simplithe leagtha amach againn ina sonraítear ról, freagrachtaí agus leibhéal freagrachta chun creat fostaíochta a sholáthar ina bhfuil conairí soiléire gairme i mBus Éireann. Fágann an creat nua sin go mbeidh sé le feiceáil go soiléir ag fostaithe cé na deiseanna is féidir leo a thapú, agus go ndéanfar simpliú ar an bpróiseas earcaíochta chun bainisteoirí a fhostú.

GPS | Cultúr Feidhmíochta a Fhorbairt: Is é GPS (Growth, Performance, Success) clár bainistíochta agus forbartha feidhmíochta Bhus Éireann, a tugadh isteach i gcomhair na mbainisteoirí ar dtús in 2019. Creat is ea é chun cuspóirí daoine aonair a fhorbairt agus feidhmíocht a thomhas. In 2021 chuireamar na cléirigh san áireamh den chéad uair sa phróiseas.

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Fostaithe

Cuid thábhachtach dár straitéis cumarsáide le fostaithe in 2021 a bhí ann nuacht faoin ngnó a sholáthar, mar aon le comhairle ar bhearta sláinte poiblí a chur ar ár bhfostaithe, aitheantas a thabhairt dá gcuid iarrachtaí agus aird a thabhairt ar na rudaí a bhí ag déanamh imní dóibh. Ón gcéad lá riamh, gheallamar dár bhfostaithe go roinnfidimid aon eolas a bhí againn leo, chomh luath agus a d'fhéadfaí.

In 2021, tháinig feabhas leanúnach ar an leibhéal rannpháirtíochta le fostaithe arna thomhas sa suirbhé bliantúil a dhéanaimid ar thuairimí na bhfostaithe, Have Your Say: tháinig méadú 11 phointe go 81% ar chion na ndaoine a dúirt go bhfuil siad spreagtha chun níos mó a dhéanamh ná mar is gá dá gcomhghleacaithe agus dá custaiméirí. Baineadh leas as torthaí ó shuirbhé 2021 chun ár straitéis agus ár bpleananna acmhainní daonna i gcomhair 2022 a threorú agus a fhorbairt.

Mar aitheantas ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an rannpháirtíocht lenár bhfostaithe, bhí áthas orainn gur bronnadh gradam orainn as an 'Úsáid is Fearr á Baint as Cumarsáid Inmheánach' ag na Gradaim Acmhainní Daonna sa rannóg Ceannaireachta agus Bainistíochta.



I bhfianaise na ndúshlán ollmhór a bhí le sárú againn le dhá bhliain anuas, agus toisc gur seirbhísí túslíne a bhíonn á soláthar againn, is teist é an feabhas leanúnach atá ag teacht ar na tuairimí sin ó na fostaithe ar an obair a dhéantar ar fud an ghnólachta chun ár bhfostaithe a choinneáil slán sábháilte agus tacú leo agus muid ag obair chun muintir na hÉireann a choinneáil nasctha le chéile.

Is é BÉ Online ardán meán sóisialta inmheánach Bhus Éireann inar féidir le gach fostaí teacht ar nuacht shóisialta ón gcuideachta agus ó na fostaíthe, cibé áit a bhfuil siad ag obair. Bhí ról ríthábhachtach ag BÉ Online maidir le cur ar chumas na cuideachta agus na bhfostaíthe cur lena gcuid rannpháirtíochta, agus teachtaireachtaí tábhachtacha a chur i láthair na bhfostaíthe lena n-áirítear nuacht faoin ngnó agus faisnéis faoi COVID-19, chomh maith le míreanna rialta cosúil le nuacht ó fhostaithe faoi charthanachtaí, daoine ag dul ar scor agus fostaíthe nua. Le linn na bliana, d'fhanamar i dteagmháil lenár bhfostaíthe le nuacht i scríbhinn, físeáin, beochana agus comhráite beo.

Tráth a bhfuil níos mó ná 90% de na fostaíthe ag baint úsáid ghníomhach as ardán BÉOnline, tá sé fós ina chuid riachtanach den acmhainn atá againn i dtaobh teagmháil a dhéanamh leis na fostaíthe.

Rannpháirtíocht Fhíorúil

Reachtálar seimineár gréasáin sábháilteachta ar MS Teams i mí na Bealtaine, seimineár gréasáin deiridh bliana do na scoileanna i mí an Mheithimh agus ár gcomhdháil bainistíochta bhliantúil i mí na Samhna. Roimh COVID-19, bhíodh Príomhfheidhmeannach Bhus Éireann ag tabhairt cuairt rialta ar ionaid ar fud na tíre, ag tabhairt an scéala is nuáí d'fhostaithe i suíomh neamhfhoirmiúil. In 2021 bhogamar na seisiúin sin ar líne, chuig MS Teams, rud a chuir ar chumas an Phríomhfheidhmeannaigh nuacht na cuideachta a insint do na fostaíthe agus, rud is tábhachtaí, cloisteáil uathu féin.

GEM – Go the Extra Mile

Le gradaim Go the Extra Mile (GEM) Bhus Éireann, tugtar aitheantas don chion iontach a dhéanann fostaíthe i rith na bliana. In 2021, ainmníodh breis is 500 fostaí i gcomhair na ngradam. Roghnaigh ardbhainisteoirí réigiúnacha na buaiteoirí áitiúla agus ba í an Fhoireann Ardcheannaireachta a roghnaigh na buaiteoirí náisiúnta. Vótáil na fostaíthe ar son 'Laoch na Bliana' agus bronnadh an gradam sin é ar Fhoireann Freagartha Teagmhais Bhaile an Mhanaigh mar aitheantas ar an dúthracht agus ar an tiomantas a léirigh siad i gcúinsí an-deacair nuair a fuair beirt bás.

Bright Ideas

I bhfómhar na bliana 2021 sheolamar Bright Ideas, scéim faoina bhfuarthas moltaí ó fhostaithe de chuid Bhus Éireann. Rinneadh an scéim a thástáil ar dtús san iarthuaisceart, agus tá sé ar oscailt anois do gach fostaí agus déanann painéal réigiúnach athbhreithniú rialta ar smaointe agus moltaí.

Have Your Say

Tá ról tábhachtach ag ár suirbhé bliantúil ar thuairimí na bhfostaíthe, Have Your Say, maidir le haiseolas a bhailiú agus a thomhas i measc ár bhfostaíthe, rud a thugann léargas tábhachtach dúinn ar na fostaíthe, lena n-áirítear slata tomhais a úsáidimid chun baint amach an dara cuspóir straitéiseach dár gcuid a thomhas. Ba i mí Mheán Fómhair a rinneadh an suirbhé agus bhaineamar amach ráta rannpháirtíochta 60%.

In 2021, bhaineamar amach innéacs rannpháirtíochta fostaíthe 79%, sin méadú sé phointe ón mbliain roimhe sin. Díol suntais a bhí ansin mar gheall ar na dúshláin a bhain le gnó túslíne a fheidhmiú le linn na paindéime. Tháinig feabhas ar dhearcadh na bhfostaíthe i dtaobh beagnach gach ceann de na 35 cheist, agus feabhas mór a bhí i gceist go minic (breis is 10%).

Cianobair, Obair Sholúbtha agus Obair Hibrideach

Ba mar fhreagra ar riachtanais sláinte poiblí cianobair, obair sholúbtha agus obair hibrideach ach ar bhonn aiseolas dearfach ó fhostaithe, tá Bus Éireann fós ag tairiscint na roghanna sin d'fhostaithe ar féidir a gcuid post a dhéanamh lasmuigh den láthair.

Feabhsúcháin ar bhonn na teicneolaíochta

Thugamar i gcrích tionscadal mórathraithe lena chinntiú go léirítear i gceart inár gcóras acmhainní daonna struchtúr na cuideachta mar atá anois. Chuireamar feidhmiúlacht fheabhsaithe ar líne ar fáil dár bhfostaíthe freisin, ionas gur féidir leo sonraí pearsanta ar nós seoladh baile nó sonraí bainc a thabhairt cothrom le dáta. Tugadh isteach córas ar líne dár dtiománaithe i leith iarratais ar shaoire bhliantúil, rud a chuireann feabhas ar eispéireas an úsáideora nuair a dhéantar iarratas ar shaoire ar líne. Bíonn sé le feiceáil go soiléir cén líúntas saoire atá fós le tógáil.

Caidreamh Tionsclaíoch

Rinneadh dul chun cinn mór i rith na bliana ar roinnt saincheisteanna a mbaineann tábhacht leo don ghnó agus leanamar ag léiriú barr feabhais maidir le soláthar seirbhíse i rith na bliana a bhí le comhoibriú agus comhaontú ár bhfostaíthe agus ár gcomhpháirtithe sna ceardchumainn. Bhí sábháilteacht agus cosaint ár bhfostaíthe túslíne fós ina bpríomhthosaíocht againn i rith na bliana agus rinneadh comhaontú leis na ceardchumainn maidir le solúbthacht agus comhoibriú i dtaobh seirbhísí agus uainchlár, ar mhaithe le cloí le leibhéil seirbhíse. Thángthas ar chomhaontú eile lenár gcomhpháirtithe sna ceardchumainn maidir le hinmharthanacht Expressway agus coinníodh le cur chun feidhme na míreanna táirgiúlachta comhaontaithe faoi na comhaontuithe éagsúla pá agus táirgiúlachta.

Nuashonruithe Beartais

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá Bus Éireann meáite ar lucht saothair cuimsitheach a bheith againn, agus é á chinntiú de réir a sprice gur eagraíocht é a thugann aire do na fostaithe go léir agus a chothaíonn timpeallacht ina mbíonn muinín ag na fostaithe as a chéile. Sa suirbhé Have Your Say a rinneadh in 2021, dúirt 82% de na fostaithe go gcaitear leo go cóir agus go léirítear meas orthu ag an obair.

In 2021, bhí fostaithe ag an gCuideachta ó bhreis is 46 tír. Áiríodh leis na tionscnaimh éagsúlachta i rith na bliana beartas nua um Fhéiniúlacht Inscne a fhorbairt agus páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhain le Lá Idirnáisiúnta na mBan 2021.

Mná sa Lucht Oibre

Is croíphrionsabal é an comhionannas i straitéis inbhuanaitheachta nua Bhus Éireann agus tá an chuideachta ag cur roinnt tionscnamh chun cinn atá dírithe ar chothromaíocht inscne níos mó a bhaint amach san eagraíocht. In 2021, ba mhná bhí 10% de na fostaithe, agus bhí an céatadán sin níos airde i measc na mbainisteoirí (33%) agus an lucht ardbhainistíochta (31%). Is ábhar misnigh é gur bean is ea duine as gach cúigear a tháinig ag obair linn in 2021.

Chun spreagadh a thabhairt do gach duine cothromaíocht inscne a chothú agus a mhéadú, thugamar isteach scéim atreoraithe do phrintísigh mná chun cabhrú linn ár sprioc a bhaint amach maidir le líon na bprintíseach mná a mhéadú. Tháinig beirt bhán ag obair mar phrintísigh linn in 2021. Tá baint againn freisin le Clár Printíseachta na mBan de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, a bhfuil sé ina phríomhchuspóir leis cur le líon na mban a dhéanann printíseachtaí i réimse na ceardaíochta.

Lá Idirnáisiúnta na mBan

Gach bliain ar an 8 Márta, déantar Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh ar fud an domhain. In 2021, faoin téama #ChooseToChallenge, rinneamar sraith físeán do mhná ar fud an ghnólachta chun aird a dhíriú ar na dúshláin a bhí rompu agus na dúshláin a sháraigh siad, agus ar an tacaíocht a fuair siad ó chomhghleacaithe leo, idir fhir agus mhná.

Oiliúint d'Fhostaithe

Tá líonra náisiúnta teagascóirí oiliúna ag Bus Éireann a chinntíonn go gcomhlíontar ceanglais maidir le hoiliúint rialála agus go gcuirtear le scileanna na dtiománaithe agus na gceardaithe, agus a thacaíonn le hoiliúint i dtaobh scileanna boga. Rinneadh gach oiliúint rialála a bhí de dhíth in 2021. Cuireadh oiliúint ar na ceardaithe maidir le cigireacht a dhéanamh ar fheithiclí a ritheann ar bhreosla malartach, iad a chothabháil agus iad a dheisiú.

An Clár Oiliúna do Phrintísigh

In 2021, lean Bus Éireann ar aghaidh ag forbairt bealaí printíseachta inár bhfeidhmeanna Innealtóireachta agus Cothabhála nuair a tháinig 17 bprintíseach nua ag obair linn. Tugann gach printíseach faoi chlár oiliúna ceithre bliana, a chuirtear ar bun i gcomhar le SOLAS. Seacht gcéim atá sa chlár oiliúna do phrintísigh, trí chéim lasmuigh den láthair oibre agus ceithre cinn sa láthair oibre. Chuir ár bprintísigh i gcrích 208 seachtain oiliúna agus ansin bronnadh Sainteastas Leibhéal 6 (Dearbhú Cailíochta agus Cailíochtaí Éireann nó QQI) orthu sa Mheicnic Feithiclí Troma. In 2021, cúigear printíseach a fuair an teastas, agus cuireadh moill ar dhaoine eile de bharr COVID-19.

Leanamar lenár gcomhpháirtíocht le Coláiste na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar an gClár Rochtana ar Phrintíseacht a bhfuil sé ina aidhm leis tacú le daoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus iad ag tabhairt faoi scéim printíseachta.

4.8 Teicneolaíocht

Is príomhchumasóir í an teicneolaíocht chun cuidiú le Bus Éireann a mhisean a chomhlíonadh i roinnt réimsí éagsúla lena n-áirítear tús áite a thabhairt don chustaiméir, an fheidhmíocht a fheabhsú agus a chinntiú go mbeidh na caighdeáin sábháilteachta is airde seasta á gcomhlíonadh againn. Lean Bus Éireann ar aghaidh ag cur feabhas ar ghnéithe teicneolaíochta in 2021 ar mhaithe le soláthar seirbhíse feabhsaithe agus eispéireas custaiméirí níos fearr.

Ar na príomhthionscnaimh ar tugadh fúthu in 2021 bhí seoladh agus cur i bhfeidhm an chórais ticéadaithe leictreonaigh ilchainéil nua darb ainm MyExpressway dár seirbhísí tráchtála idirchathrach le híocaíocht cárta creidmheasa gan tadhall, comhtháthú le LEAP, áirithint ar líne, áirithint do chathaoireacha rothaí agus láithreán gréasáin chuige sin. Spreag an córas nua sin íocaíochtaí ar líne, íocaíochtaí cártaí creidmheasa agus íocaíochtaí nach le hairgead tirim iad ionas gur tháinig méadú orthu ó níos lú ná 20% go 65% laistigh de roinnt míonna.

Fuair Bus Éireann cistiú ar fiú na milliúin euro é ón Údarás Náisiúnta Iompair chun tionscadail thábhachtacha a chur i bhfeidhm atá dírithe ar fheidhmíocht oibriúcháin, iontaofacht agus eispéreas na gcustaiméirí a fheabhsú. Áirítear leo sin Uathoibriú Garáiste chun ár ngníomhaíochtaí cothabhála feithiclí a chuicóiriú, Córas Cinnteoireachta um Fheidhmíocht Ghréasáin chun feidhmiú agus feidhmíocht ár seirbhísí bus a fheabhsú agus clár faisnéise nua do chustaiméirí inár stáisiúin busanna.

Tá leithdháileadh curtha san áireamh ag an Roinn Oideachais i mbuiséid 2022 chun réitigh theicneolaíochta a chur chun cinn i dtrí phríomhréimse den scéim iompair



Inár gcéad fheachtas ina leith sin, cuireadh ar a súile do mhic léinn a áisiúla is atá sé an aip TFI Go ar a bhfón póca a úsáid chun ticéad 10 n-aistear a cheannach i gcomhair sheirbhísí Bus Éireann i gCorcaigh, Luimneach, Baile Átha Luain agus san Uaimh.

scoile. Áirítear orthu sin triail a bhaint as rómhthicéid mar chruthúnas coincheapa, ríomhchóras soláthair nua lenar féidir linn tairiscint a dhéanamh ar níos mó ná 1,500 bealach in aghaidh na bliana, agus cumas tuairiscithe feabhsaithe maidir le feidhmiú na scéime iompair scoile. Tá na tionscadail sin faoi réir formheas deiridh ón Roinn Oideachais maidir le gach cás gnó aonair.

Chun na tionscadail bhunathraithe sin a chur chun feidhme, in 2021 thugamar isteach modheolaíocht nua bainistíochta tionscadal, Oifig Bainistíochta Tionscadal agus Creat Seirbhísí Gairmiúla, agus thosaíomar ag obair le roinnt cuideachtaí TF chun cabhrú linn ár bpunann tionscadal a chur i bhfeidhm.

4.9 Saoráidí/Réadmhaoin

In 2021, tugadh 55 tionscadal chun críche faoinar cuireadh feabhas ar shaoráidí, lena n-áirítear athruithe chun tacú leis an bhfreagairt ar COVID-19 agus tionscnaimh a bhaineann le hinbhuanaitheacht. Bhain cuid de na tionscadail áitiúla le hoibreacha riachtanacha ionas go bhféadfaí tacú leis an scaradh sóisialta inár saoráidí agus chun tacú le leathnú seirbhíse faoin gConradh Dírdhámhachtana.

Ina theannta sin, chuir an chuideachta feabhas ar ghnéithe slándála ag stáisiúin busanna lena n-áirítear uaireanta breise slándála statacha agus córais CCTV fheabhsaithe sna stáisiúin. I rith 2021, tosaíodh ag tógáil iosta nua i mBaile an Róistigh i Luimneach, agus tá sé beartaithe an obair a bheith críochnaithe in 2022. Fuair an chuideachta cead pleanála d'fhorbairt chéim 2 ar an suíomh, lena gcuimseofar leathnú an tsuímh agus oibreacha ullmhachta comhshaoil. Cuireadh chun cinn tionscadail thábhachtacha um ullmhacht i gcomhair feithiclí leictreacha i mBaile Átha Luain agus i Luimneach chun freastal ar fheithiclí leictreacha nua, agus cuirfear tús leis an obair thógála in 2022.

Chuir Bus Éireann isteach ar chead pleanála le haghaidh obair athfhorbartha ag Busáras i mBaile Átha Cliath agus tá tuilleadh aighneachtaí á n-ullmhú againn le cur faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá dul chun cinn mór déanta freisin maidir le plean forbartha ag stáisiún busanna agus iarnróid Colbert i Luimneach agus táthar ag súil go dtosófar ag tógáil stáisiún bus nua le linn 2022. I rith 2021, leanadh leis an bhforbairt ar stáisiún bus agus iarnróid Cheannt na Gaillimhe go dtí céim an dearaidh mhionsonraithe i gcomhar le hOibreacha Nua Iarnróid Éireann agus cuirfear an obair sin ar tairiscint in 2022. Tugadh i gcrích an obair ar ceithre stáisiún bus inrochtana eile in 2021 i mBaile Átha Luain, Béal an Átha, Sligeach agus Srath an Urláir agus fuarthas cistiú le haghaidh feabhas leanúnach a chur ar stadanna bus agus ar stáisiúin busanna mar chuid de chlár cúig bliana arna chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

Tá Bus Éireann dírithe ar na himpleachtaí a bhaineann le flít feithiclí astaíochtaí ísle agus saor ó astaíochtaí a oibriú, lena n-áirítear an bonneagar atá sna hiostaí cheana. Tá measúnú á dhéanamh ar thosca amhail méid, suíomh agus soláthar leictreachais. I gcomhar le KPMG, chríochnaíomar staidéar féidearthachta i gcomhair iosta i leith Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath inar leagadh béim ar na príomhthosca maidir le saoráidí oibriúcháin, saoráidí soláthair seirbhíse agus cóiríocht d'fhostaithe a thógáil sa réigiún sin.

4.10 Margaíocht

In 2021 bhí an chumarsáid le custaiméirí chomh tábhachtach agus a bhí riamh, go háirithe maidir le bearta sláinte poiblí a bhí ag athrú. Le teicneolaíocht agus seirbhísí nua, chuir Bus Éireann i bhfeidhm feachtais éifeachtacha mhargaíochta agus faisnéise do chustaiméirí i rith na bliana, agus muid ag féachaint chuige gur soláthraíodh dóibh an fhaisnéis a bhí ag teastáil uathu chun a n-aistir a phleanáil agus taitneamh a bhaint astu.

I mí Mheán Fómhair, dhírigh Bus Éireann ar mhic léinn a fhreastalaíonn ar choláiste a spreagadh chun taisteal ar ár ngréasán OSP trí aird a dhíriú ar an teicneolaíocht nua lenar féidir ticéad a cheannach ar fhón póca. Inár gcéad fheachtas ina leith sin, cuireadh ar a súile do mhic léinn a áisiúla is atá sé an aip TFI Go ar a bhfón póca a úsáid chun ticéad 10 n-aistear a cheannach i gcomhair sheirbhísí Bus Éireann i gCorcaigh, Luimneach, Baile Átha Luain agus san Uaimh. Chuireamar in iúl freisin an buntáiste a bhaineann leis an aip TFI Go a íoslódáil agus a áisiúla atá sé a bheith in ann ticéad a cheannach ar an bhfón póca, agus 28 lá a bheith agat chun do thicéad a úsáid, rud atá an-tarraingteach agus mic léinn ag déanamh a mbealach tríd timpeallacht hibrideach sa bhaile agus ar an gcampas.

Bhí ár bhfeachtas náisiúnta Bus Éireann/TFI LEAP ar siúl ó Mheán Fómhair go Samhain ar fud na meán sóisialta agus ar ardáin dhigiteacha eile, ar scáthláin bus, ar stáisiúin raidió réigiúnacha, ar na busanna féin agus sna nuachtáin áitiúla chun cur leis an bhfeasacht ar chártaí LEAP TFI agus leis an úsáid a bhaintear astu agus chun cur le líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí Bhus Éireann sna cathracha agus sna bailte. Chuidigh an feachtas sin linn ardú 24% ar an meán a bhaint amach i dtaobh úsáid an chárta TFI LEAP ar ár ngréagán cathracha, bailte agus comaitéireachta.

Sheol Expressway an feachtas 'My Expressway, Take it Easy' i mí Iúil, faoinar díriodh aird ar an láithreán gréasáin agus ar an bhfeidhmiúlacht úrnua atá ar fáil dár gcustaiméirí. Tá gnéithe nua curtha i bhfeidhm amhail áirithint chasta a dhéanamh, tosaíocht maidir le dul ar an mbus, bealaí nua íocaíochta, íocaíocht gan tadhall, a bheith in ann ticéad saorthaistil a chur in áirithe ar líne agus táille áirithinte a íoc i leith suíocháin. A bhfuil leis na teachtaireachtaí éadroma greannmhara d'éirigh linn dul i dteagmháil le breis agus 10 milliún duine ar stáisiúin raidió náisiúnta, ar na meáin shóisialta, i bhformáid digiteacha ar nós Spotify agus YouTube agus ar chainéil bhisigh físeán ar éileamh.

Chun tacaíocht bhreise a thabhairt don láithreán gréasáin nua MyExpressway agus chun díriú ar mhargadh na Roinne Coimirce Sóisialaí, rinne Expressway urraíocht ar an bpodchraoladh Senior Times. Bhí sé ina aidhm againn ár bhfeidhmiúlacht áirithinte nua a chur ar a súile don dream sainiúil custaiméirí sin agus thapaigh an podchraoladh sin an deis dúinn chun cur le feasacht na ndaoine sin inár leith agus dul i bhfeidhm orthu. Rinne beagnach leathmhilliún duine an podchraoladh a íoslódáil agus éisteadh leis breis agus 920,000 uair. Chomh maith leis an bpodchraoladh, rinneamar físeán faoin ábhar céanna agus cuireadh chun cinn é ar na meáin shóisialta, ar ardáin dhigiteacha agus ar stáisiúin raidió áitiúla.

Mar aitheantas ar a dheacra a bhí an bhliain 2021, dhírigh Bus Éireann a fheachtais Nollag ar thacú le paisinéirí agus le pobail. Bhí na feachtais sin dírithe ar theachtairreachtaí agus athcheangal agus leagadh béim ar an gcaoi a gcabhraíonn Bus Éireann agus Expressway lenár gcustaiméirí é sin a dhéanamh gach uile lá agus, sa ról atá againn mar chuideachta náisiúnta busanna na hÉireann,

gurb é an cuspóir atá againn daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, rud a mbaineann tábhacht ar leith leis um Nollaig.

Lenár bhfeachtas faoi Aerfort Bhaile Átha Cliath, spreagadh feasacht ar an ngréasán Expressway agus ar na busanna a rithimid go hAerfort Bhaile Átha Cliath. Chonaic 2.5 milliún duine feachtais Expressway na Nollag agus an feachtas faoi Aerfort Bhaile Átha Cliath ar fud na mbealaí sóisialta agus digiteacha go léir.

4.11 Cumarsáid Chorparáideach agus Caidreamh Poiblí

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag cur bearta sláinte poiblí in iúl agus ag cur custaiméirí ar a suaimhneas maidir le taisteal ar ár gcuid seirbhísí i rith 2021. Thug an fhoireann cumarsáide seachtraí freagraí tráthúla ar fhiosrúcháin ó na meáin agus ar cheisteanna Dála i rith na bliana.

Choimisiúnaigh Bus Éireann KPMG chun anailís a dhéanamh ar an tionchar geilleagrach agus sóisialta na cuideachta, ag clúdach OSP, Expressway agus na seirbhísí scoile. Sonraíodh sa tuarascáil go ngineann Bus Éireann €578m in aschur tionsclaíochta agus go ngineann sé breisluach geilleagrach €267m do gheilleagar na hÉireann. Tá an breisluach sin scaipthe ar fud na réigiún agus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath atá dhá thrian de. Tacaíonn Bus Éireann le 8,800 post díreach agus indíreach ar fud na hÉireann agus tá cónaí ar 88% den daonra i bhfoisceacht 5km de sheirbhís de chuid Bhus Éireann. Breathnaíodh sa tuarascáil freisin ar spriocanna inbhuanaitheachta Bhus Éireann, a bhfuil sé ina aidhm aige an brú tráchta ar bhóithre na hÉireann a laghdú agus, ar deireadh, astaíochtaí CO₂ a laghdú ina fhliht feithiclí féin.

I mí na Bealtaine 2021, sheol Bus Éireann a chéad Straitéis Inbhuanaitheachta, Driving Change Sustainability Strategy 2021-2030, ina leagtar amach an tiomantas atá againn maidir le seirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe a sholáthar, agus muid ag díriú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Bhus Éireann a laghdú 50% faoi 2030, agus líon na bpaisinéirí a mhéadú 30% ag an am céanna. Ba é an tAire Eamon Ryan a sheol an straitéis agus tugadh an-aird uirthi sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha. Ghlac Bus Éireann páirt sa ghrúpa Business in the Community Ireland [Gnó sa Phobal] freisin agus rinne sé athbhreithniú bonnlíne ar a fheidhmíocht inbhuanaitheachta.

Sheolamar na chéad bhusanna leictreacha breosla-chille hidrigine in Éirinn i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair i mí Iúil, tráth ar réachtáladh imeacht mór do na meáin i bPáirc an Fhionnuisce. Bhí aistir ar na busanna féin ar fáil do lucht na meán. Tugadh an-aird ar an imeacht sin ar fud na tíre, rud a léirigh an leibhéal spéise atá ag daoine i gcóras iompair phoiblí na hÉireann amach anseo. An lá dár gcionn, thapaigh beagnach 40 ball den Oireachtas an deis chun triail a bhaint as na busanna, agus iad ag gabháil ar aistir timpeall Chearnóg Mhuirfean i rith an lae.

Mar is iondúil, cuireadh an-spéis i bhfaisnéis maidir le gach gné den scéim iompair scoile.

Tá láithreán gréasáin Bhus Éireann, a leathanach ar Facebook agus a chuntas Twitter fós ina mbealaí cumarsáide tábhachtacha ó thaobh faisnéis do chustaiméirí, fiosrúcháin ó chustaiméirí agus teachtaireachtaí corparáideacha. In ainneoin go raibh líon na bpaisinéirí níos ísle mar gheall ar shrianta COVID-19, ní dheachaigh sé sin i bhfeidhm ar líon na gcuaríteoirí orainn ná líon na leantóirí agus bhí rannpháirtíocht mhaith i gceist.

In 2021, den chéad uair riamh, bhain Bus Éireann scór ard amach sa suirbhé a dhéanann RepTrak ar chlú, agus rinneamar an-dul chun cinn sna rátálacha.

Cuireadh Bus Éireann ar an ngearrliosta le haghaidh sé ghradam de chuid Ghradam Lóistíochta agus Iompair na hÉireann, agus le haghaidh dhá ghradam inbhuanaitheachta in 2021, agus fógrófar na torthaí in 2022. Bhí áthas ar Bhus Éireann an gradam don Chumarsáid Inmheánach is Fearr a fháil ag na Gradaim Acmhainní Daonna i leith Ceannaireachta agus Bainistíochta.

Freagracht Shóisialta Chorporáideach

Tá sé ina chuspóir ag Bus Éireann daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudáí is ansa leo, chun feabhas a chur ar an saol dár bpaisinéirí agus dá bpobail. In 2021 bhíomar ag plé le 14 eagraíocht phobail agus dheonacha, in ainneoin na srianta ar ghníomhaíochtaí le linn na tréimhse fada dianghlasála.

Tá comhpháirtíocht taistil trí bliana ag Bus Éireann le Cluichí an Phobail, arna n-urrú ag Aldi, imeacht a bhfuil na luachanna céanna linne ag gabháil leis i dtaobh an phobail, nascachta agus uilechuimsitheachta. Ag na Cluichí Pobail bíonn an deis ag leanáí agus daoine óga idir 6 agus 16 bliana d'aois saol sláintiúil gníomhach a chothú i dtimpeallacht shábháilte trí ghníomhaíochtaí spóirt agus cultúrtha éagsúla.

Ba chúis bhróid againn tacú le Grow Mental Health in 2021. Rinneamar Lá Domhanda na Meabhairshláinte a cheiliúradh an 10 Deireadh Fómhair le suiteálacha 'Stories of Hope and Recovery' i mBusáras, a cuireadh ar camchuart ansin chuig ocht stáisiún de chuid Bhus Éireann i gCorcaigh, Droichead Átha, Dún Dealgan, Gaillimh, Leitir Ceanainn, Luimneach, Sligeach agus Port Láirge. Thacaigh Expressway leis an tSiúlóid Chásca a d'eagraigh Grow freisin. Ghlac níos mó ná 200 maoirseoir agus bainisteoir daoine de chuid Bhus Éireann páirt in oiliúint feasachta meabhairshláinte a d'eagraigh Grow.

I measc na n-eagraíochtaí eile ar thugamar tacaíocht dóibh bhí Cork Penny Dinners, Béalí ar Rothaí, Cumann Siondróm Down na hÉireann, Club na Leon de chuid Chill Mhantáin agus na Dúiche, Bród na Gaillimhe agus Luimnigh, Blood Bikes Phort Láirge, Banc Bia Phort Láirge, I Love Limerick, Music Generation Cork agus Playful Culture Trail Chorcaí.



Ba chúis bhróid againn tacú le Grow Mental Health in 2021. Rinneamar Lá Domhanda na Meabhairshláinte a cheiliúradh an 10 Deireadh Fómhair le suiteálacha 'Stories of Hope and Recovery' i mBusáras, a cuireadh ar camchuart ansin chuig ocht stáisiún de chuid Bhus Éireann ar fud na tíre.

5. Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

An Bord Stiúrthóirí

Miriam Hughes

Brian Bowden

Diarmuid Corry

Stephen Hannan

Dermot Healy

Brendan Lenihan

Richard Manton

Rhona Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Stephen Kent

Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Tom Delaney

An Chloch Leathan

Baile Átha Cliath 7 D07 X2AE

Láithreán Gréasáin:

buseireann.ie

expressway.ie

Uimhir Chláraithe:

119570

Cuideachta Faoi Theorainn Scaireanna

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014

Iniúcháirí Neamhspleácha

Mazars

Bóthar Fhearchair

Baile Átha Cliath 2 D02 A339

5.1 An Bord Stiúrthóirí



Miriam Hughes

Ceapadh an Cathaoirleach Miriam Hughes ar Bhord Bhus Éireann i mí Aibreáin 2019. D'fhóin sí mar Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird, mar chomhalta ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar an gCoiste Inbhuanaitheachta agus ar Choiste Straitéise an Bhoird. Cheap an tAire Eamon Ryan Miriam mar Chathaoirleach Ainmnithe i mí Feabhra 2022 agus bhí sí i láthair ag Comhchoiste an Oireachtais um Líonraí Iompair agus Cumarsáide an 5 Aibreán 2022. Athcheapadh í mar Stiúrthóir/Cathaoirleach an 6 Aibreán 2022.

Is Stiúrthóir Cairte í Miriam ó Institiúid na Stiúrthóirí, sainchomhairleoir gnó straitéiseach neamhspleách agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin.

Is iar-POF í Miriam ar cheann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éirinn DDFH&B. Le linn a tréimhse 17 mbliana ag DDFH&B rinne sí bainistíocht ar go leor éadálacha, samhlacha nua gnó agus cumasc. D'oibrigh sí le go leor cliant mór cosúil le Bord Gáis, an Crannchur Náisiúnta, Littlewoods, Irish Life agus SuperValu. Roimhe seo bhí sí ina Stiúrthóir Margaíochta ar Nestlé, ina Ceann Cumarsáide do Bhanc na hÉireann agus bhí ról mhargaíochta eile aici in Smith & Nephew agus in AIB.

D'fhóin Miriam mar chathaoirleach ar Bhord Barnardo's Ireland, tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Eir, ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Plútón, gníomhaireacht margaíochta agus tá sí ina meantóir ar Phainéal Fiontar Éireann.

Céimí de chuid UCD is ea Miriam agus tá BComm agus MBS i Margaíocht aici. Is iar-uachtarán í ar Institiúid Margaíochta na hÉireann, iar-chathaoirleach ar Chumann Fógróirí na hÉireann, iar-chomhalta comhairle ar Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath, iar-chomhalta boird ar Fhondúireacht Ospíse na hÉireann agus iar-chomhalta comhairle ar Institiúid Bainistíochta na hÉireann.



Diarmuid Corry

Ceapadh Diarmuid Corry ar Bhord Bhus Éireann in 2018 agus athcheapadh é in 2021. D'fhóin Diarmuid mar Chathaoirleach ar Choiste um Shábháilteacht, Inrochtaineacht agus Inrochtaineacht an Bhoird agus in 2021 rinneadh Cathaoirleach de Choiste Straitéise an Bhoird de.

Is comhairleoir é Diarmuid a bhíonn ag plé le dearadh córas leictreonach, agus go háirithe le haer agus spásárthaí. Bhunaigh sé ACRA Control Ltd., soláthraí uirlisí tástála eiltile don tionscal aeraspáis, agus bhíodh sé ina stiúrthóir ar an gcuideachta sin go dtí gur ceannaíodh í in 2011. Faoi láthair tá sé ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta le Réaltra Space Engineering, rannán de chuid Realtime Technologies Ltd. Tá céim mháistir ag Diarmuid san Innealtóireacht Leictreonach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá céim MBA bainte amach aige chomh maith.



Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan chuig Bord Bhus Éireann an 1 Nollaig 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Athcheapadh Stephen chuig an mBord i 2021.

Tiománaí bus le Bus Átha Cliath is ea é agus bíonn sé ag obair i nGaráiste na Rinne. Tá sé ina bhall de SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Bhíodh sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair agus ar an gCoiste Rannán, agus ina Ionadaí losta.

Tá Stephen ina chomhalta boird de chuid CIÉ agus tá sé ina Stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath freisin.



Dermot Healy

Ceapadh Dermot Healy ar Bhord Bhus Éireann an 1 Nollaig 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001.

Tá sé fostaithe mar thiománaí bus le Bus Éireann, atá lonnaithe in Iosta Roxboro i Luimneach. Thosaigh sé ag obair le CIÉ i 1983 agus bhí ról éagsúla aige lena n-áirítear cúntóir oifige agus stiúrthóir bus, sular ghlac sé lena phost reatha mar thiománaí bus i 1991. Tá sé gníomhach sa National Bus and Rail Union (NBRU) ó 1997 nuair a toghadh é den chéad uair ar a choiste craoibhe áitiúil. Bhí sé ina Leas - Chathaoirleach agus ina Chathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh é chuig an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta i 1999. Mar bhall d'fhoireann idirbheartaíochta náisiúnta an NBRU, tá taithí fhairsing aige ar shaincheistanna caidrimh thionsclaíoch lena n-áirítear idirbheartaíochtaí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus éisteachtaí na Cúirte Oibreachais.



Brendan Lenihan

Ceapadh Brendan Lenihan ina Chomhalta Boird de chuid Bhus Éireann i mí Aibreáin 2019. Tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird agus is comhalta é freisin de Choiste Cultúir, Daoine agus Custaiméirí an Bhoird. Athcheapadh Brendan chuig an mBord ar 5 Aibreáin 2022.

Tá Brendan ina Stiúrthóir Bainistíochta le Navigo Consulting agus is sainchomhairleoir é i réimse na straitéise, na pleanála gnó agus na comhairleoireachta faoi chúrsaí rialachais. Roimhe sin, bhíodh sé ina Ghrúp-Stiúrthóir Airgeadais le cuideachta mhór réadmhaoine agus ina Pháirtí le Andersen, a mbíodh sé ag obair leo in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe.

Is stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin é ar roinnt cuideachtaí príobháideacha, roinnt carthanachtaí agus ar FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte). Bhíodh Brendan ina Uachtarán ar Chuntasóirí Cairte Éireann.

Tá céim Baitsiléara Tráchtála ag Brendan ó UCC mar aon le Dioplóma Iarchéime sa Chuntasáocht Ghairmiúil ó UCD, is Cuntasóir Cairte é a bhfuil breis agus 25 bliain de thaithí iarcháilíochta aige, agus le déanaí bhronn Scoil Ghnó Smurfit in UCD Dioplóma Gairmiúil sa Rialachas Corparáideach air.



Richard Manton

Ceapadh Richard Manton ina Chomhalta Boird de chuid Bhus Éireann i mí Aibreáin 2019. Ceapadh é mar Chathaoirleach Coiste Inbhuanaitheachta an Bhoird i Márta 2021. Is ball é de Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird agus de Choiste Cultúir, Daoine agus Custaiméirí an Bhoird. Athcheapadh chuig an mBord é ar 5 Aibreáin 2022.

Tá Richard ina ardbhainisteoir le hInnealtóirí Éireann, agus is é atá freagrach as beartas, gnóthaí poiblí agus caighdeán acadúla. Roimhe seo bhí poist aige i mbun taighde agus teagaisc in OÉ Gaillimh agus bhí sé ina ionadaí pobail ar Choiste Beartais Straitéisigh Iompair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Is Innealtóir Cairte é Richard le hInnealtóirí Éireann agus leis an Institiúid Chairte um Mórbhealaí agus Iompar. Tá PhD aige san Innealtóireacht Shibhialta agus tá saineolas aige i dtaobh iompar inbhuanaithe.

Stiúrthóirí a chuaigh ar scor in 2021



Aidan Murphy (Cathaoirleach)

Ceapadh Aidan Murphy ina chomhalta de Bhord Bhus Éireann den chéad uair i 2013 agus ina Chathaoirleach ar an mbord i mí Iúil 2014. Athcheapadh Aidan ina Stiúrthóir agus ina Chathaoirleach le linn 2017 agus Nollaig 2020 agus athcheapadh é ar feadh bliain eile. Tháinig deireadh lena théarma oifige a 5 Nollaig 2021.

Tá taithí na mblianta ag Aidan ag obair mar ghairmí slabhra soláthair. Roimhe seo bhíodh sé ag feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach le Pulse Logistics, Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair le C&C Group, Bainisteoir Ginearálta le Wincanton Ireland agus Stiúrthóir Lóistíochta le Allegro Ltd. Ba é an príomhchainteoir ag roinnt imeachtaí slabhra soláthair san Eoraip lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus is comhalta é den Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn (CILT) agus iarUachtarán uirthi. Bhí Aidan ina chomhalta de Choiste Straitéise an Bhoird agus ina chomhalta Boird le Grúpa CIÉ. Bhí sé ina chomhalta de Choiste Straitéise Bhord CIÉ chomh maith, agus ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar M&M Walshe Group.



Deirdre Ashe

Ceapadh Deirdre Ashe ar an mBord in 2014 agus athcheapadh í in 2017 agus 2020. D'éirigh Deirdre as an mBord an 31 Deireadh Fómhair 2021. Le linn a tréimhse, bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) agus bhí sí ina ball de Choiste Straitéise an Bhoird agus den Choiste Cultúir, Daoine agus Custaiméirí.

Is Stiúrthóir Cairte í Deirdre agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í a bhfuil an-taithí aici sa ról sin. Bhíodh sí ina Stiúrthóir ar Aviva Health, Cumann Asma na hÉireann agus Life Sure. Tá an-taithí aici i réimse an árachais sa tír seo agus thar lear agus bhí sí i gceannas ar rannóga tomhaltóirí de chuid Liberty, Aviva agus Vivas Health sna margaí árachais ghinearálta agus sláinte. Is saineolaí í ar an digitiú agus tá sí i gceannas ar an gclár idirnáisiúnta um Athrú atá ag Liberty Insurance.



Thomas O'Connor

Ceapadh Thomas O'Connor ar bhord Bhus Éireann an 25 Iúil 2018 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Athcheapadh Thomas chuig an mBord le linn 2020 ar feadh tréimhse bliana agus chuaigh sé ar scor ón mBord ar 30 Samhain 2021.

Tá Thomas ina thiománaí bus le Bus Átha Cliath, i nGaráiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta d'Fheidhmeannas Náisiúnta an cheardchumainn sin agus is é atá ina Rúnaí ar Chraobh Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith.

Tá Thomás ina Chomhalta Boird de chuid CIÉ ó mhí na Nollag 2017 i leith agus tá sé ina Stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath freisin.



Gerard Ryan

Ceapadh Gerard Ryan ar an mBord in 2012, athcheapadh é le linn 2015 agus arís in 2018. Chuiagh Gerard ar scor ómhn mBord an 29 Iúil 2021. Le linn dó a bheith ar an mBord, bhí Gerard ina Chathaoirleach ar Choiste Straitéise an Bhoird agus bhí sé ina bhall den gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca agus de Choiste Inbhuanaitheachta an Bhoird.

Tá poist ardbhainistíochta ag Gerard le breis is 20 bliain anuas san earnáil seirbhísi airgeadais agus san earnáil TF in eagraíochtaí éagsúla. Tá sé ina Stiúrthóir Oibríochtaí le Acorn Life DAC, cuideachta Éireannach árachais saoil faoi úinéireacht phríobháideach, atá lonnaithe i nGaillimh. Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin is ea é le Acorn Insurance Ltd, bróicéir árachais ghinearálta atá ina chuid den mháthairchuideachta Acorn Group Ltd. Tá an-chuid oibre déanta aige i réimse na bainistíochta ginearálta, agus tá neart taithí aige ó thaobh bainistiú airgeadais agus costais, bainistiú agus measúnú tionscadail, athrú gnó, nuálaíocht ar bhonn na teicneolaíochta agus freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

Bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath Céim MBA air agus tá céim Baitsiléara Eolaíochta san Eolaíocht Ríomhaireachta aaige ó Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí Gerard ina chomhalta den Choiste Iníúcháireachta agus Riosca (CIR) agus ina Chathaoirleach ar Choiste Straitéise an Bhoird.

Stiúrthóirí a ceapadh in 2022



Brian Bowden

Is é Brian an Príomhoifigeach Daoine le hAer Lingus, post atá aige ó 2016. Sa ról seo, tá sé i gceannas ar an bhfeidhm Acmhainní Daonna don 4,800 san aerlíne atá freagrach as earcaíocht, forbairt tallainne, bainistíocht athraithe agus caidreamh tionsclaíoch. D'oibrigh sé roimhe seo i réimse post bainistíochta sinsearaí thar an speictream AD in Aer Lingus agus in áiteanna eile. Bhí róil shinsearacha ag Brian freisin i réimse na n-oibríochtaí – le freagracht as pleanáil, uainchlár agus imscaradh acmhainní foirne – agus sa limistéar pleanála tráchtála – le freagracht as forbairt líonra agus sceideal bealaí na haerlíne. Tá MA sa Stair ag Brian ó UCD ó 1988 agus MBS i Straitéis Acmhainní Daonna ó DCU ó 2001.



Rhona Murphy

Is comhairleoir meán domhanda neamhspleách í Rhona Murphy, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. D'athlonnigh sí ar ais go dtí a baile dúchais in 2015 ó Nua-Eabhrac, áit a raibh sí ina POF ar The Daily Beast agus ina POF Eatramhach ar Newsweek. Roimhe sin bhí sí ina Foilsitheoir Domhanda ar Newsweek agus roimhe sin d'oibrigh sí do Dow Jones agus The Wall Street Journal i Nua Eabhrac agus Singeapór.

Faoi láthair tá sí ina Cathaoirleach ar Chuibhreannas Idirnáisiúnta d'Iriseoirí Imscrúdaitheacha (ICIJ) a ndeachaigh sí ar bord in 2017. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar The Irish Times CGA ó 2016. Rinneadh Stiúrthóir Cairte di in 2019 (C.Dir., Institiúid na Stiúrthóirí, Londain).

Thosaigh sí a gairm sna meáin i Londain ag The Times agus Sunday Times tar éis di céim a bhaint amach ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Ceapadh Rhona ar an mBord i mí Aibreáin 2022.

5.2 An Fhoireann Ardbhainistíochta



Stephen Kent, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Sular ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach i mí na Samhna 2018, ceapadh Stephen Kent ina Phríomhfheidhmeannach gníomhach i bhfómhar na bliana 2018, tar éis dó a bheith ina Phríomhoifigeach Tráchtála roimhe sin ón uair a tháinig sé ag obair le Bus Éireann in 2013.

Tháinig Stephen chugainn ó C&C Group áit a mbíodh sé ina Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta, agus roimhe sin bhíodh sé ag obair i ról ardbhainistíochta éagsúla le Waterford Crystal agus Waterford Foods (atá ina chuid de Glanbia plc anois). Tá céim BBS ag Stephen ó Ollscoil Luimnigh, MBA ó Ollscoil Herriot Watt, agus is céimí de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann é.



Tom Delaney, Príomhoifigeach Airgeadais

Tá taithí níos mó ná 25 bliana ag Tom Delaney sa bhainistíocht shinsearach a fuair sé in Éirinn, in Oirthear na hEorpa agus sa Ríocht Aontaithe. D'oibrigh sé ar fud na hearnála poiblí agus príobháidí araon le heagraíochtaí lena n-áirítear Coca Cola, Glanbia, Eir, GBCN, Mazars agus Banc Shasana.

D'athlonnagh Tom go Baile Átha Cliath in 2018, chuaigh sé isteach i mBus Éireann mar CFO agus mar Rúnaí Cuideachta agus ghlac sé freagracht as soláthar, bainistíocht ábhar, riosca agus comhlíonadh. Is Cuntasóir Deimhnithe Cairte é Tom a bhfuil Máistreacht sa Dlí agus Rialú Airgeadais aige ó Queen Mary University, Londain. Tá sé ag infheistiú in ESG agus tá Teastas i mBainistíocht Inbhuanaitheachta Gnó déanta aige le hOllscoil Cambridge le déanaí.

Bhí Tom ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Chumann Rialachais Chorporáidigh na hÉireann ó 2018 go 2022.



Eleanor Farrell, Príomhoifigeach Tráchtála

Chuaigh Eleanor isteach i mBus Éireann in 2019. Is ardcheannaire í a bhfuil cuntas teiste láidir tráchtála aige agus an-taithí aici ar mhór-athrú agus nuálaíocht atá dírithe ar na custaiméirí, chomh maith le forbairt straitéise agus sármhaitheas i dtaobh oibríocháin.

Le déanaí, bhí ról ceannaireachta domhanda ag Eleanor le Google mar Cheannaire Domhanda Oibríochtaí agus Straitéise i dtaobh Custaiméirí Nua. Tháinig Eleanor chuig Google ó Vodafone Ireland áit a raibh sí ina Ceannaire ar Bhainistíocht Luacha Custaiméirí agus, roimhe sin, ina Ceannaire ar Straitéis agus Pleanáil Tráchtála.

Roimhe sin arís bhí sí ina comhairleoir bainistíochta le McKinsey and Company, áit a raibh sí i gceannas ar roinnt cláir ríthábhachtacha straitéise agus athraithe.

Tá MBA ag Eleanor ó Choláiste Gnó Iarchéime Michael Smurfit UCD agus tá MSc sa Ríomhaireacht aici. Tá sí ina Cathaoirleach ar Samaritans Ireland (na Samáraig) agus ina comhalta de Bhord na Samárach sa Ríocht Aontaithe.



Miriam Flynn, Príomhoifigeach na Scoileanna

Thosaigh Miriam Flynn i ról Phríomhoifigeach na Scoileanna i mí Feabhra 2018 agus ghlac sí freagracht as feidhmiú agus riar na Scéime Iompair Scoile atá á reáchtáil ag Bus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Bhíodh Miriam ag obair i ról éagsúla sa Chuideachta roimhe sin, amhail Seirbhís do Chustaiméirí, Díolachán agus Margaíocht, Forbairt Gnó agus Oibríochtaí. Chaith sí an tréimhse 15 bliana roimhe sin i ról an Bhainisteora Réigiúnaigh, áit a raibh freagracht fhoriomlán uirthi as oibríochtaí Bhus Éireann an iardheiscirt.

Bhain sí céim Baitsiléara Tráchtála amach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus tá Dioplóma Iarchéime sa Mhargaíocht aici ó Scoil Ghnó Smurfit, UCD, áit a ndearna sí clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin le Grúpa CIÉ freisin.

Is comhalta í den Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn agus tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aici in Oibríochtaí Iompair Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar Bóthar.



Sinéad Kilkelly, Príomhoifigeach Daoine

Chuaigh Sinéad Kilkelly isteach i mBus Éireann mar Phríomhoifigeach Daoine i mí Lúnasa 2018 tar éis naoi mbliana a chaitheamh ag obair leis an Etihad Aviation Group in Abú Daibí, áit a raibh sí ina Leas-Uachtarán ar Sheirbhísí na bhFostaithe. Sa ról sin, bhí Sinéad i gceannas ar shraith clár maidir le mórathrú ar an eagraíocht agus bhí freagracht uirthi freisin as straitéis agus feidhmíocht i leith na nAcmhainní Daonna agus as teicneolaíocht agus seirbhísí Acmhainní Daonna, chomh maith leis an earcaíocht agus an anailísíocht i leith na bhfostaithe sa Ghrúpa (25,000 duine).

Sula ndeachaigh sí ag obair le Etihad, bhí poist ag Sinéad le RBS, Grúpa Bhanc Uladh agus Intel Ireland. Bhíodh cónaí uirthi san Astráil san am atá caite freisin.

Tá MBA ag Sinéad ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus is Comhalta Cairte í den Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha (CIPD). D'fhág Sinéad Bus Éireann i 2022.



Rory Leahy, Príomhoifigeach Sábháilteachta agus Inbhuanaitheachta

Ceapadh Rory Leahy ina Phríomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta i 2018 agus bhí ról aige mar Phríomhoifigeach Sábháilteachta agus Inbhuanaitheachta.

Tá Rory freagrach as beartas agus straitéis sábháilteachta na cuideachta, straitéis agus polasaí inbhuanaitheachta, bainistíocht riosca, maoin agus feidhmíocht fuinnimh. Tar éis dó seal a chaitheamh ag obair le hlarnród Éireann, tháinig Rory go Bus Éireann agus bhí ról éagsúla aige ag plé le forbairt ghnó, oibríochtaí agus bainistíocht ghinearálta réigiúnach.

Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta ag Rory ó UCD agus tá dioplóma iarchéime sa Bhainistíocht Chomhshaoil aige ó Choláiste na Tríonóide, chomh maith le céim Mháistir sa Bhainistíocht Oibríochtaí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla sa Bhainistíocht Oibríochtaí i réimse an Iompair Paisinéir ar Bóthar (Idirnáisiúnta) aige freisin.



Seán Loughman, Príomhoifigeach Faisnéise

Tá réimse leathan eolais agus saineolas teicneolaíochta ag Seán Loughman a chuidíonn leis i ról an Phríomhoifigigh Faisnéise. Tá taithí oibre aige i réimse na straitéise, na forbartha agus an tsoláthair, agus ar anailísíocht dhigiteach, anailísíocht sonraí agus nuálaíocht.

Agus é ag obair le Eir, bhí ról shuntasacha stiúrtóra ag Seán i réimsí an athraithe teicneolaíochta agus na forbartha táirgí. Ba é an post is déanaí a bhí aige ná Stiúrthóir Straitéise TF, Ailtireachta agus Réiteach.

Roimhe sin bhí roinnt ról shinsearach ag Seán sa chomhlacht Sualannach Ericsson, in Éirinn agus thar lear.

Tá Céim Baitsiléara san Innealtóireacht Leictreonach ag Seán ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Allen Parker, Príomhoifigeach Custaiméirí

Thosaigh Allen Parker ag obair i ról nua an Phríomhoifigigh Custaiméirí i mí na Bealtaine 2018. Tá taithí beagnach 30 bliain ag Allen sa mhargadh busiompair in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Le blianta beaga anuas bhí Allen ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aircoach (fochuideachta de chuid First Group plc).

Thosaigh Allen ar a ghairm bheatha san iompar poiblí le Bus Éireann sna 1990idí sular thug sé faoi phost le Comfort Delgro in Éirinn, lena n-áirítear post mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Citylink, cuideachta a ritheann cóistí idirchathrach. Ina dhiaidh sin chuaigh sé ag obair le First Group plc i ról shinsearach éagsúla.

Ina ról mar Phríomhoifigeach Custaiméirí, tá Allen lánfhreagrach as gach gné den soláthar seirbhíse agus as feabhsú leanúnach a spreagadh maidir le heispéireas taistil na gcustaiméirí. Cuimsítear sa ról feidhmíocht agus pleanáil, oibríochtaí, innealtóireacht agus gach gné d'eispéireas taistil na gcustaiméirí, cumarsáid, faisnéis agus inrochtaineacht. Tá sé freagrach as oibleagáidí conartha uile an Údaráis Iompair Náisiúnta a bhainistiú freisin.

Tá BSc (Onóracha) sa Teicneolaíocht Iompair ó Ollscoil Uladh ag Allen.

6. Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na Stiúrthóirí i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021.

Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a príomhghníomhaíochtaí gréasán comhtháite seirbhísí a bhainistiú agus a phleanáil, trí úsáid a bhaint as a cuid acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí. Áirítear sa ghréasán comhtháite sin seirbhísí cóiste cianiompair agus seirbhísí bus áitiúla, tuaithe, comaitéireachta, cathracha, cúigeacha agus baile. Chomh maith leis sin, tá an chuideachta freagrach as an Scéim Iompar Scoile náisiúnta a bhainistiú agus a sholáthar thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Is é Córas Iompair Éireann, ar fochuideachta de chuid Bhus Éireann é, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Oibríochtaí, Airgeadais agus Innealtóireachta

Mar chuid den fhaireachán a dhéantar ar fheidhmíocht na Cuideachta déanann foireann bainistíochta agus Stiúrthóirí na Cuideachta athbhreithniú rialta ar phríomhtháscairí oibríocháin agus feidhmíochta airgeadais.

Thaifead an Chuideachta cailteanas €1.5m in 2021 tar éis míreanna eisceachtúla (2020: €9.2m). Tá íocaíochtaí €122.9m (2020: €93.8m) i leith na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) san áireamh ansin. Ba €288.7m an ioncam oibríocháin (2020: €284.8m). An 31 Nollaig 2021 tá glansócmhainní reatha €59.2m (2020: €42.8m) ar chlár comhardaithe na cuideachta agus luach €33.1m atá ar na glansócmhainní, méadú ó €6.8m in 2020, go príomha de bharr athchaipitliú de €28.0m. Tháinig méadú 15.2% go 59m in 2021 ar líon na bpaisinéirí.

Díbhinní

Ní dhearnadh aon díbhinní a mholadh, a dhearbhu ná a íoc i rith na bliana 2021 (2020: €nialas).

Cúlchistí

B'ionann na cailteanais charntha ag deireadh 2021 agus €61.1m i gcomparáid le €59.4m in 2020.

Príomhrioscaí agus Príomhábhair Neamhchinnteachta

Tá an chuideachta meáite ar rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach agus iad a choinneáil faoi smacht. Déantar na príomhrioscaí agus na príomhábhair neamhchinnteachta a shainnithint agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí ag an gcuideachta a ndéantar nuashonrú leanúnach air lena athbhreithniú ag na stiúrthóirí agus ag an bhfoireann ardbhainistíochta. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar na príomhrioscaí le tacaíocht ó Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird, Coiste Straitéise an Bhoird agus Coiste Cultúir, Coiste bhFostaithe agus Custaiméirí, agus Coiste Inbhuanaitheachta an Bhoird. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) athbhreithniú agus faireachán ar rioscaí rialaithe inmheánaigh agus rioscaí iniúcháireachta freisin.

Tá an chuideachta ag brath ar dhálaí dearfacha seasmhacha sa mhargadh dá cuid seirbhísí go léir. Choinnigh an chuideachta leis an dianfhaireachán ar a hioncam agus costais go dtí 2021 agus ina dhiaidh sin trí dhul i ndlúthchomhairle lena geallsealbhóirí go léir.

Cuirtear rioscaí agus deiseanna airgeadais agus geilleagracha faoi bhráid CIR agus Bhoird Bhus Éireann ar bhonn rialta. Bíonn an chuideachta ag brath ar chistiú leordhóthanach do sheirbhísí poiblí agus do sheirbhísí bus scoile ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais faoi seach. Ceanglaítear ar an gcuideachta cloí le téarmaí agus coinníollacha an chonartha seirbhíse poiblí dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus leis an gconradh ar bhonn tairisceana iomaíoch i leith Sheirbhísí Phort Láirge agus leis an gconradh dírdhámhachtana d'Oibritheoirí Busanna Tráchtála a rinneadh in 2020 agus 2021 ag eascairt as tionchar phaindeim COVID-19.

Déantar bainistiú daingean ar an leachtacht ar fud Ghrúpa CIÉ. Tá foireann thiomanta againn a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cisteáin, mar aon le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach ó bhainc a chinntiú ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag feidhmiú. B'éigean díriú go tréan ar leachtacht le linn 2021 mar gheall ar COVID-19 agus rinneadh an cuideachta a athchaipitliú ar 23 Nollaig 2021.

Infheistíocht Chaipitiúil

B'ionann an caiteachas caipitiúil agus €16.8m in 2021 (2020: €3.1m), lena n-áirítear feithicilí Expressway. In 2021 fuair an cuideachta cistiú caipitiúil €2m (2020: €8.8m, lena n-áirítear ceannach thar barr amach dhliteanais ag an NTA de €7.8m) i leith seirbhísí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear deontais €0.9m (2020: €0.0) i leith na talún agus na bhfoirgneamh atá i seilbh CIÉ, rud a chuir ar a cumas don cuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá custaiméirí.

Scairchaipiteal agus Cúlchistí

Leagtar amach i nóta 16 sonraí i dtaobh scairchaipiteal na cuideachta.

Níl fochuideachta ar bith ag an gcuideachta ná níl infheistíocht ar bith aici i gcuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe seo.

Suim €61.1m atá sna cúlchistí ioncain (caillteanais charntha) anois ag deireadh 2021 (2018: €59.4m).

Cruinnithe na Scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta a thionól uair amháin gach bliain féilire cibé tráth (nach faide ná 15 mhí tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin) agus cibé áit a leagfaidh na stiúrthóirí síos. Féadfaidh na stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den cuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann. Cuireadh moill ar chruinniú ginearálta bliantúil Bhus Éireann in 2020 mar gheall ar phaindeim COVID-19 ach tionóladh é an 19 Samhain 2020. Tionóladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil an 21 Aibreán 2021. Tionóladh dhá Chruinniú Ginearálta Urghnácha an 1 Meitheamh 2021 agus an 23 Nollaig 2021.

An Bord

Is tríd an mbord stiúrthóirí atá an chuideachta á rialú. Thionóil comhaltaí an bhoird 16 chruinniú in 2021 (13 in 2020) agus is ann do sceideal míreanna ar leith do chinneadh bhoird. Cuimsítear sa bhord Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin amháin, a raibh beirt acu ina Stiúrthóir is oibrí ag deireadh na bliana. Níl aon stiúrthóirí feidhmiúcháin ar an mbord.

Cheap an tAire Eamon Ryan Miriam Hughes mar Chathaoirleach Ainmnithe i mí Feabhra 2022 agus bhí sí i láthair ag Comhchoiste an Oireachtais um Líonraí Iompair agus Cumarsáide an 5 Aibreán 2022. Athcheapadh í mar Stiúrthóir/Cathaoirleach an 6 Aibreán 2022.

Ghlac an Bord leis na moltaí ó athbhreithniú rialachais ar fho-choistí an Bhoird atá dírithe ar a dtéarmaí tagartha agus ar chúrsaí atá forchoimeáda don Bhord. Le linn thréimhse an athbhreithnithe go luath in 2021 cuireadh gach ábhar ábhartha ar a shúile don Bhord iomlán.

Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú

Amhail an 31 Nollaig 2020, bean amháin (17%) agus cúigear fear (83%) a bhí ar an mBord, agus trí fholúntas. Mar sin ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag fir agus mná araon ar na Boird Stáit. In 2022, ceapadh beirt stiúrthóirí eile ar bean duine acu.

Sa ról atá aige mar chuideachta náisiúnta busanna tá Bus Éireann tiomanta d'ionad oibre a chruthú ina gcuirtear éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú chun cinn do chách. Comhoibríonn Bus Éireann go hiomlán leis an Roinn Iompair lena chinntiú go bhfanann an Bord go hiomlán an pobal ar a bhfreastalaíonn an cuideachta ar, agus creidimid go gcuidíonn Bord ilghnéitheach cothromaithe go mór le neart cumais fhoriomláin an Bhoird a shainchúram dúshlánach a chomhlíonadh.

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar leanúint)

Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Anseo thíos tá sonraí maidir le tinreamh na stiúrthóirí ag cruinnithe Boird/Coiste a réachtáladh in 2020:

	Bord	Coiste Iniúcháireachta & Riosca	Coiste Sábháilteachta & Inrochtaineachta	Coiste Straitéise	Coiste Cultúir, Daoine & Custaiméirí	Coiste Inbhuanaitheachta
Aidan Murphy	16/16			7/7		4/4
Diarmuid Corry	16/16		4/4	7/7		4/4
Gerard Ryan	7/7	4/5		5/5		2/2
Deirdre Ashe	11/11			5/6	3/3	3/3
Thomas O'Connor	15/16		3/4			4/4
Stephen Hannon	16/16		4/4			
Brendan Lenihan	16/16	8/8			6/6	3/4
Miriam Hughes	16/16	8/8	4/4			0/1
Richard Manton	16/16		4/4		6/6	4/4
Dermot Healy						

- Chuaigh Gerard Ryan ar scor ó Bhord Bhus Éireann ar 29 Iúil 2021.
- Athcheapadh Diarmuid Corry ar Bhord Bhus Éireann ar 2 Lúnasa 2021.
- Chuaigh Deirdre Ashe ar scor ó Bhord Bhus Éireann ar 31 Deireadh Fómhair 2021.
- Chuaigh Thomas O'Connor ar scor ó Bhord Bhus Éireann ar 30 Samhain 2021.
- Athcheapadh Stephen Hannon ar Bhord Bhus Éireann ar 1 Nollaig 2021.
- Ceapadh Dermot Healy ar Bhord Bhus Éireann ar 1 Nollaig 2021.
- Chuaigh Aidan Murphy ar scor ó Bhord Bhus Éireann ar 5 Nollaig 2021.
- Chuaigh Miriam Hughes ar scor ar 4 Aibreán 2022 agus athcheapadh í ar 6 Aibreán 2022.
- Athcheapadh Brian Lenihan ar an mBord ar 5 Aibreán 2022.
- Athcheapadh Richard Manton ar an mBord ar 5 Aibreán 2022.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Bhí na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR):

Brendan Lenihan	(Cathaoirleach)
Gerard Ryan	(Chuaigh ar scor ar 29 Iúil 2021)
Miriam Hughes	

Tháinig CIR le chéile ocht n-uaire le linn 2021 (2020: 13 huairé).

Tá ról ar leith ag CIR, ag gníomhú go neamhspleách ar an lucht feidhmiúcháin, lena chinntiú go ndéanfar leasanna an scairshealbhóra agus na ngeallsealbhóirí eile a chosaint i gceart maidir le maoirseacht ar thuairisciú airgeadais, rialú inmheánach, iniúchadh inmheánach agus seachtrach, athbhreithniú ar riosca agus rialachas corparáideach chomh maith le córais lena chinntiú go ndéantar calaois agus éagóir fhéideartha a fhiosrú.

Pléann CIR cineál agus raon feidhme an iniúchta agus a cuid torthaí leis an iniúchóir seachtrach. Chomh maith leis sin, déanann CIR faireachán ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an gcuideachta.

Déanann CIR athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca na cuideachta tríd an eolas is déanaí a fháil go rialta ó rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus ón bhfoireann ardbhainistíochta.

Tar éis dó gach caidreamh idir an Chuideachta agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí a mheas, ní dóigh le CIR go ndéanann an caidreamh sin dochar do bhreithiúnas ná neamhspleáchas an iniúcháora.

Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird

Tháinig Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta Bhord Bhus Éireann le chéile ceithre huairé in 2021 (sé huairé in 2020). Déanann an Coiste sin faireachán ar fheidhmíocht sábháilteachta na cuideachta bunaithe ar phlean bliantúil sábháilteachta, mar aon lena spreagadh go mbeidh an oiread rannpháirtíochta agus is féidir i bhfeasacht sábháilteachta agus i gcosc timpistí ar fud na cuideachta.

Bhí na stiúrthóirí seo a leanas ar an gcoiste in 2021:

Diarmuid Corry	(Cathaoirleach go dtí 23 Lúnasa 2021)
Diarmuid Corry	Ceaptha ar an gCoiste ar 24 Eanáir 2022
Miriam Hughes	(Ceaptha ar an gCoiste agus athcheaptha mar Chathaoirleach ar 23 Lúnasa 2021)
Richard Manton	
Stephen Hannan	
Thomas O'Connor	(Chuaigh ar scor ar 30 Samhain 2021)

Coiste Straitéise an Bhoird

Tugann an Coiste seo aghaidh ar chúig réimse ar leith, eadhon forbairt fiontraíochta, nuálaíocht teicneolaíochta, margáíocht agus taighde agus pleanáil beartais agus straitéise. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uairé le linn 2021 (16 in 2020).

Bhí an Coiste Straitéise comhdhéanta de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas le linn 2021:

Gerard Ryan	(Cathaoirleach chuaigh ar scor ar 29 Iúil 2021)
Aidan Murphy	(Chuaigh ar scor ar 5 Nollaig 2021)
Deirdre Ashe	(Chuaigh ar scor ar 31 Deireadh Fómhair 2021)
Diarmuid Corry	(Athcheaptha 2 Lúnasa 2021, ceaptha mar Chathaoirleach ar 23 Lúnasa 2021)
Miriam Hughes	(Ceaptha ar an gCoiste 29 Samhain 2021)

An Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméirí

Bhunagh an Bord an Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméirí an 24 Meitheamh 2019. Is é is cuspóir leis measúnú agus tuairisciú a dhéanamh don Bhord ar réimse straitéise Bhus Éireann i ndáil le cultúr, daoine agus custaiméirí, agus treoir agus moltaí a thabhairt ina leith sin. Tháinig an Coiste le chéile sé huairé in 2021 (2020: ocht n-uairé)

Bhí na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gCoiste Straitéise in 2021:

Deirdre Ashe	(Cathaoirleach, chuaigh ar scor ar 31 Deireadh Fómhair 2021)
Brendan Lenihan	
Richard Manton	

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar leanúint)

Coiste Inbhuanaitheachta Boird

Bhunaigh an Bord an Coiste Inbhuanaitheachta Boird an 29 Márta 2021. Bunaíodh é chun straitéis inbhuanaitheachta Bhus Éireann a mheas, a threorú, a thuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Bhoird ina leith. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé in 2021.

Bhí an Coiste comhdhéanta de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas le linn 2021:

Richard Manton	(Cathaoirleach)
Aidan Murphy	(Chuaigh ar scor ar 5 Nollaig 2021)
Brendan Lenihan	
Deirdre Ashe	(Chuaigh ar scor ar 31 Deireadh Fómhair 2021)
Diarmuid Corry	
Gerard Ryan	(Chuaigh ar scor ar 29 Iúil 2021)
Miriam Hughes	(Ceaptha ar an gCoiste 23 Lúnasa 2021)
Thomas O'Connor	(Chuaigh ar scor ar 20 Samhain 2021)

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Chuideachta tiomanta d'fholláine a fostaithe a chinntiú trí ionad oibre sábháilte a choimeád ar bun agus an reachtaíocht fostaíochta ábhartha a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Déantar faireachán ar an rialachas ar shláinte agus sábháilteacht trí Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an chuideachta an fhreagracht atá uirthi i dtaobh féachaint chuige go gcomhlíonfar forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, i ngach gné ábhartha. Is é beartas íocaíochta na Cuideachta é ceangaltais an Rialacháin a chomhlíonadh.

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáid na cuideachta i

dtaobh leabhair chuntais chuí a choimeád de réir Alt 281 go dtí Alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Is ag Bus Éireann, an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7, atá na leabhair chuntais á gcoimeád.

Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair a cheapann Stiúrthóirí na cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020. D'fhóin siad mar stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir mura luaitear a mhalairt.

Aidan Murphy,	Cathaoirleach chuaigh ar scor 5 Nollaig 2021
Deirdre Ashe	chuaigh ar scor 31 Deireadh Fómhair 2021
Diarmuid Corry	athcheaptha 2 Lúnasa 2021
Stephen Hannan	athcheaptha 1 Nollaig 2021
Dermot Healy	ceaptha 1 Nollaig 2021
Miriam Hughes	chuaigh ar scor 4 Aibreáin 2022 agus athcheaptha mar Stiúrthóir/Cathaoirleach 6 Aibreáin 2022
Brendan Lenihan	athcheaptha 5 Aibreáin 2022
Richard Manton	athcheaptha 5 Aibreáin 2022
Thomas O'Connor	chuaigh ar scor 30 Samhain 2021
Gerard Ryan	chuaigh ar scor 29 Iúil 2021

Chuaigh Aidan Murphy ar scor mar Chathaoirleach an Bhoird an 5 Nollaig 2021. Ceapadh Miriam Hughes ina Cathaoirleach Ainmnithe chuig an mBord an 14 Feabhra 2022. Bhí Miriam i láthair ag an gComhchoiste Oireachtais um Líonraí Iompair agus Cumarsáide ar an 5 Aibreán 2022. Athcheapadh í mar Stiúrthóir/Cathaoirleach an 6 Aibreán 2022.

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná na rúnaithe a d'fhóin i rith na bliana in aon scair ná binitíur de chuid na cuideachta, dá cuideachta sealbháíochta ná dá comhfhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóirí i dtaca le gnó na Cuideachta.

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord lántiomanta do chloí leis na ceanglais atá air faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Is é tuairim an Bhoird, le tacaíocht ó obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, go raibh rialuithe imleora i bhfeidhm ag Bus Éireann in 2021 chun na rioscaí a bhain le cuspóirí straitéiseacha na cuideachta a bhainistiú, agus go raibh na rialuithe sin á gcur chun feidhme. Sa chás inar aithníodh easnaimh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, rinne lucht bainistíochta Bhus Éireann na bearta ba ghá chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Raon Feidhme na Freagrachta

Admhaíonn Bord Bhus Éireann agus an Cathaoirleach go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh Bhus Éireann. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tugann an Bord ar aird freisin nach féidir le córas dá leithéid ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha.

Tuairisc ar na Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Deimhníonn Bord Bhus Éireann go ndearnadh athbhreithniú bliantúil ar Éifeachtúlacht na gCóras Rialaithe Inmheánaigh idir mí na Samhna agus mí na Nollag 2021. D'fhormheas Bord Bhus Éireann an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh an 24 Eanáir 2022.

Tá príomhnósanna imeachta rialaithe curtha i bhfeidhm lena léirítear méid agus castacht Bhus Éireann, chun tuiscint iomlán a sholáthar ar na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm ar iarraidh ó Bhord Bhus Éireann, chun soláthar a dhéanamh do rialú inmheánach éifeachtach.

Ní raibh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais a d'fhág gurbh ann do chailteanais, teagmhais nó ábhair neamhchinnteachta ábhartha ar ghá iad a nochtadh i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2021 nó i dTuarascáil an Iniúcháora.

Ba cheart na hábhair neamhchomhlíontacha seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Bhí caiteachas neamhchomhlíontach €2.8m ag Bus Éireann in 2021 arb ionann é agus 0.9% den chaiteachas soláthair incháilithe (€5.5m nó 2.2% i 2020).
- Rinneadh anailís ar na réimsí seo a leanas maidir le dearbhú cáilíochta in 2021, agus cuireadh pleananna ceartúcháin i bhfeidhm:
 - Gnéithe tuairiscithe gnó agus airgeadais Chód Cleachtais 2016
 - An Chairt Custaiméirí i gcomhréir le Cód Cleachtais 2016
 - Oibleagáidí i leith na Gaeilge i gcomhréir le Teangacha Oifigiúla

Oibleagáidí faoin gCód Caiteachais Phoiblí

Rinne an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach le tacaíocht ó CIR agus ó Choistí Boird eile an 24 Eanáir 2022 lena chinntiú gur léiriú cruinn é ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe i leith 2021.

Rinne Mazars, na hiniúcháirí seachtracha, athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh lena dheimhniú go léirítear ann comhlíonadh cheanglais an Chóid Cleachtais (ailt 1.20 agus 2.7) agus go bhfuil sé ag teacht leis an méid atá ar eolas acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus i gcás nach amhlaidh an cás, ba cheart don iniúcháir seachtrach tuairisc a thabhairt air sin sa tuarascáil iniúcháora ar an ráiteas airgeadais ábhartha.

Ba iad seo a leanas na céimeanna a glacadh chun timpeallacht rialaithe chú a chinntiú i mBus Éireann agus na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- **Struchtúr eagraíochtúil** atá sainithe go soiléir a ghlacadh, ar struchtúr é lena ngabhann teorainneacha údaráis i scríbhinn, leithscaradh cuí dualgas agus modhanna tuairiscithe do lucht bainistíochta Bhus Éireann, do Bhord Bhus Éireann agus do Choistí an Bhoird agus do Bhord agus Coistí Boird CIÉ.
- **Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála** ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhair i

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar leanúint)

gcomparáid leis an mbuiséad formheasta ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha.

Scaiptear na tuarascálacha sin ar gach cruinniú de chuid Bhord Bhus Éireann agus ar Choistí an Bhoird lena n-athbhreithniú. Tacaítear leis an bpróiseas sin trí nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais na mór-rioscaí gnó.

- Treoirlínte soiléire chun an caiteachas caipitiúil a fhorghas agus a rialú. Áirítear leo sin: ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitiúil a dhéanann an Bord a fhorghas i gcomhairle le CIÉ, leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, staidéir mhionsonraithe indéantachta agus breithmheasanna ar mhórtionscadail chaipitiúla aonair sula ndéanann an leibhéal cuí údaráis iad a fhorghas (lena n-áirítear an Roinn Iompair agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair i gcás tionscadail mhóra) agus ullmhú tuairiscí rialta ar an dul chun cinn lena gcur faoi bhráid an lucht bainistíochta. Ní mór páipéar clabhsúir foirmiúil a chur i gcrích i leith gach mórtionscadail chaipitiúil. Déanann an Grúpa Stiúrtha Caipitil maoirseacht ar thionscadail Chaiteachais Caipitil. Ní mór páipéar foirmiúil clabhsúir a chur i gcrích le haghaidh gach tionscadal suntasach caipitil. Déanann Grúpa Stiúrtha Caipitiúil inmheánach an próiseas Caiteachais Caipitiúil a mhaoirsiú laistigh de Bhus Éireann.
- Athbhreithniú córasach a dhéanann Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ ar rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar Ráiteas Géilliúntais na Stiúrthóirí.
- Creat Bainistíochta Riosca agus Córas Bainistíochta Riosca, lena soláthraítear ardán iniúchta chun rioscaí a thaifeadadh agus a thuairiscí. Ansin déanann an lucht bainistíochta measúnú agus athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta chun déileáil leo faoi bhráid an Bhoird gach ráithe tar éis do CIR iad a mheas.
- Nósanna imeachta chun déileáil le comhlíonadh soláthair i gcomhréir le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar, rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Ghrúpa CIÉ agus Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Bhus Éireann.
- Tabhairt chun críche an Iniúchta Airgeadais Sheachtraigh (Mazars) lena n-áirítear athbhreithniú ar an Ráiteas ar na Córais rialaithe inmheánaigh. Thuairisc

Mazars nach meastar gur moltaí bunúsacha iad aon cheann dá gcuid moltaí maidir leis an rialú inmheánach. Is é an sainmhíniú atá ag na hiniúcháirí ar rialú bunúsach ná ceann atá riachtanach chun timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil ar bun sa Chuideachta.

- Creat Comhlíontachta agus Rialála nua i mBus Éireann chun cabhrú le cosaint an chéad agus an dara líne maidir le faireachán ar chomhlíonadh agus athbhreithnithe ar dhearbhu cáilíochta. Eisítear tuarascáil ar chomhlíonadh agus tuarascáil ar rialachas corparáideach chuig an mBord gach ráithe tar éis don CIR í a bhreithniú.
- Anailís agus athbhreithniú neamhspleách eile ar na córais rialaithe inmheánaigh in 2020, lena n-áirítear:
 - Féinmheastóireacht bhliantúil inmheánach bliantúil ar an mBord agus ar na Coistí in 2021 de réir cheanglais an Chóid Chleachtais.
 - Athbhreithniú seachtrach ar Chúrsaí Rialachais Chorporáidigh a rinne Rialachas Éireann i R3 2021.
 - Athbhreithniú seachtrach ar an gCreat Bainistíochta Riosca a rinne Mazars i R4 2021.
 - Athbhreithnithe éagsúla ar Dhearbhú Cáilíochta chun faireachán a dhéanamh ar an éifeachtacht i dtaobh chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, Acht na gCuideachtaí, 2014 agus an Chóid Caiteachais Phoiblí.
 - Measúnuithe seachtracha maidir le cineálacha éagsúla cur chuige cuntasáochta:
 - Bainistíocht Éileamh (PWC)
 - Cur Chuige Cuntasáochta i leith Busanna (Deloitte)
 - Athbhreithniú ar Phlean Inmharthanachta Expressway (Grant Thornton)
 - Creat Beartais agus Rialachais Comhlíonta PCI-DSS (Rits Information Security)
 - Athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Beartais ag RITS Information Technology i R4 2021

Rinne Bord Bhus Éireann, le tacaíocht ó CIR agus ó Choistí Boird eile, athbhreithniú ar éifeachtacht na gcórais rialaithe inmheánaigh a bhaineann le Bus Éireann do 2021 trí:

- Athbhreithniú agus formheas ar chlár na hiniúcháireachta inmheánaí i leith 2021 (arna ullmhú tar éis an phróisis um measúnú riosca

iniúcháireachta) agus breithniú ar na mórthorthaí.

- Breithniú leanúnach ar phríomhthorthaí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil na n-iniúcháirí seachtracha, ina bhfuil sonraí ar aon saincheistanna rialaithe ábhartha a d'eascair as an iniúchadh a rinne siad ar na ráitis airgeadais.
- Measúnú leanúnach ar thuarascálacha rialta Iniúcháirí Inmheánaigh an Ghrúpa, a thug tuairisc rialta freisin ar stádas na saincheistanna a ardaíodh roimhe seo óna thuarascálacha féin.
- Athbhreithniú ar na Príomhrioscaí a sainathnódh sa Chreat Bainistíochta Riosca agus sa Chóras Bainistíochta Riosca lena soláthraítear ardán iniúchta chun rioscaí a thaifeadadh agus a thuairisciú. Ansin déanann an lucht bainistíochta measúnú agus athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta chun déileáil leo faoi bhráid an Bhoird gach ráithe. Tuairiscítear na príomhrioscaí dóibh seo a leanas: an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, Bord Bhus Éireann, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Bhord CIÉ agus Bord CIÉ.
- Athbhreithniú ar an bhfaireachán ráithiúil ar chomhlíonadh a fhaightear ar leibhéal an Bhoird.

Ag teacht leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), d'fhaomh Bord Bhus Éireann an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh an 24 Eanáir 2022. Aithníonn Bord Bhus Éireann agus an Cathaoirleach go bhfuil sé freagrach as córas rialaithe inmheánaigh Bhus Éireann

Ní raibh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais a d'fhág gurbh ann do chailteanais, teagmhais nó ábhair neamhchinnteachta ábhartha ar ghá iad a nochtadh i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2020 nó i dTuarascáil an Iniúcháir.

Is deimhin leis an mBord go bhfuil an chuideachta ag forbairt agus ag feabhsú a córas rialuithe inmheánacha chun dearbhú éifeachtachta níos fearr a sholáthar maidir le Comhlíonadh, Riosca agus Rialachas Corparáideach chun tacú leis na gníomhaíochtaí bainistíochta rialaithe agus riosca ag an gcéad líne agus ag an dara líne chosanta laistigh den chuideachta.

Rinneadh anailís ar na réimsí seo a leanas maidir le dearbhú cáilíochta in 2021, agus cuireadh pleananna ceartúcháin i bhfeidhm:

- **Gnéithe tuairiscithe gnó agus airgeadais den Chód Cleachtas 2016:** Glacadh le cur chuige nua maidir le comhlíonadh an Chóid Chleachtas um thuairisciú gnó agus airgeadais i mí Feabhra 2020 agus rinneadh athbhreithniú air i mí Dheireadh Fómhair 2021.
- **Cairt Chustaiméirí ar aon dul leis an gCód Cleachtas 2016:** I gcomhréir leis an gCód Cleachtas 2016, sheol Bus Éireann Cairt agus Gníomh Custaiméirí nua le déanaí.
- **Dualgais teanga i leith na Gaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla:** Rinneadh athbhreithniú ar Scéim Gaeilge Bhus Éireann don bhliain 2020 i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- **Oibleagáidí maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí:** Tá nósanna imeachta nua á nglacadh ag Bus Éireann lena chinntiú go gcloítear leis an gCód Caiteachais Phoiblí athbhreithnithe chun feabhas a chur ar na leibhéil chomhlíonta atá ann leis an gCód.

Soláthar

Deimhníonn an Bord go gcomhlíonann Bus Éireann iad seo a leanas: Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar, rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Ghrúpa CIÉ agus Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Bhus Éireann, cé is moite de chaiteachas neamhchomhlíontach €2.8m in 2021 arb ionann é agus 0.9% den chaiteachas incháilithe ar sholáthar. Tá straitéis soláthair i bhfeidhm anois a bhfuil sé ina aidhm léi a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní agus scileanna cuí ag an rannóg soláthair.

Is é an dearcadh atá ag Bord Bhus Éireann, le tacaíocht ó obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ó Choistí Boird eile, go raibh rialuithe imleora i bhfeidhm ag Bus Éireann in 2021 chun na rioscaí a bhain le cuspóirí straitéiseacha na cuideachta a bhainistiú, agus go raibh na rialuithe sin á gcur chun feidhme. Sa chás inar aithníodh easnaimh nó bearta feabhsúcháin maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, bhí na bearta ba ghá á ndéanamh ag lucht bainistíochta Bhus Éireann chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar leanúint)

Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Chun críocha alt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ("an tAcht"), déanaimid, na Stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

1. Admhaímid go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí cuí mar a shainítear in alt 225 (1) den Acht ('na hoibleagáidí cuí'); agus
2. Deimhnímid:
 - (i) Gur ullmhaíodh ráiteas comhlíontachta (mar a mhínítear in alt 225 (3) (a) den Acht) ina leagtar amach beartais na Cuideachta (a mheasaimid atá iomchuí don Chuideachta) maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí cuí ag an gCuideachta;
 - (ii) Gur cuireadh i bhfeidhm socruithe cuí nó struchtúir chuí, a mheasaimid atá ceaptha lena chinntiú go gcomhlíonfar go hábhartha oibleagáidí cuí na Cuideachta; agus
 - (iii) Go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo.

Thug Bus Éireann agus cuideachtaí eile de chuid Ghrúpa CIÉ faoi phróiseas mionsonraithe dearbhaithe cáilíochta ionas go mbeidís ag cloí go hiomlán le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 i ndáil le Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí. Choimisiúnaigh Grúpa CIÉ an t-athbhreithniú sin thar ceann na gcuideachtaí oibríochta go léir atá i nGrúpa CIÉ agus is é Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ a bhí ina bhun. Eisíodh tuarascáil chuimsitheach agus rinne Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhus Éireann athbhreithniú mionsonraithe uirthi. Dearbhaíodh sa tuarascáil go raibh Bus Éireann ag cloí go hiomlán leis na ceanglais a bhaineann le Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí i leith 2021.

Stádas na Cuideachta

Cláraíodh an chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe, mar a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, an 1 Feabhra 2016.

Saoráil Faisnéise

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 anonn sa bhliain 2014 ionas gur cuid den dlí é. Le linn 2015, den chéad uair, tháinig codanna áirithe de ghnó Bhus Éireann faoi fhorálacha an Achta sin. Leathnaíodh an tAcht ionas go gclúdófaí faoi na gníomhaíochtaí riaracháin arna ndéanamh ag rannóga de chuid na Cuideachta. Baineann na gníomhaíochtaí sin freisin le soláthar seirbhísí Iompair Scoile don Roinn Oideachais. Faoin Acht, tá Bus Éireann faoi réir ag iarratais um Shaoráil Faisnéise tríd an Roinn Oideachais maidir le taifid arna gcruthú ón 21 Aibreán 2008.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhus Éireann i leith na bliana 2021 ar bhonn gnóthas leantach. Le bonn gnóthais leantaigh, glactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais seo.

Tá ionchas réasúnach ag Stiúrthóirí Bhus Éireann go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ag feidhmiú ar bhonn oibríochtaí ar feadh 12 mhí ar a laghad ó dháta formheasta na ráiteas airgeadais seo, agus measann siad gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an gnóthais leantaigh.

Leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Athchaipitliú ar Bhus Éireann

Cuid lárnach de straitéis Bhus Éireann ba ea an clár comhardaithe a thabhairt ar ais chuig sócmhainneacht le linn 2021. Rinneadh an chuideachta a athchaipitliú ag candam €28m ag CGU an 23 Nollaig 2021.

Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Ar an 24 Feabhra 2022, thosaigh an Rúis cogadh ar an Úcráin. Tá méadú tagtha ar rioscaí gnó mar thoradh ar na hiarmhairtí eacnamaíocha, agus bhí a bhformhór le feiceáil roimh mhí Feabhra, ach tá cuid acu níos éiginnte anois faoina dóchúlacht agus faoina dtionchar.

I measc na rioscáí gnó seo tá:

1. Cur isteach féideartha ar sholáthar fuinnimh, amhábhair a stóráil, agus praghsanna a mhéadú go mór
2. Méaduithe breise ar chostas maireachtála agus laghdú féideartha ar chaiteachas tomhaltóirí agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch
3. Luaineacht sa mhargadh airgeadais
4. Bagairt mhéadaithe cibearionsaithe

Leanfaidh an Chuideachta le measúnú a dhéanamh ar thionchar airgeadais agus le bainistiú a dhéanamh ar mhéid na rioscáí gnó a bhaineann leo.

Chinn an Chuideachta gur imeacht iarchláir comhardaithe neamhchoigeartaithe é sin. Dá réir sin, ní gá aon choigeartú a dhéanamh ar an staid airgeadais agus ar thorthaí na n-oibríochtaí amhail an 31 Nollaig 2021 i leith na bliana dar chríoch ar an dáta sin.

Iníúcháirí

Tar éis próiseas soláthair, roghnaíodh Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iníúcháireachta Reachtúla mar iníúcháirí seachtracha nua do Ghrúpa CIÉ in 2019 faoi réir thoilú an Aire Iompair. Thug na hiniúcháirí, Mazars, Cuntasóirí Cairte agus an Gnólacht Iníúcháireachta Reachtúla faoin iniúchadh le haghaidh 2021 le toiliú an Aire Iompair de réir Alt 383(2) den Acht na gCuideachtaí 2014.

Nochtadh Faisnéise do na hIníúcháirí

A mhéid is eol do gach duine de na Stiúrthóirí a bhí in oifig ar an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhorghnas:


níl aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas fúithi; agus

tá gach beart déanta ag na Stiúrthóirí ar cheart dóibh a bheith déanta acu i gcáil Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ar bith agus lena chinntiú go bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann an Bhoird



Miriam Hughes
Cathaoirleach



Brendan Lenihan
Stiúrthóir

6 Aibreán 2022

7. Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fórcheart iontu ar shócmhainní, dlíteanas agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus cailteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ansin
- Bbreithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- A shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na Cuideachta a mhíniú agus a thairfeadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dlíteanas, staid airgeadais agus brabús agus cailteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an Chuideachta an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na cuideachta.

8. Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha

Do Chomhaltaí Bhus Éireann

Tuarascáil ar iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá ráitis airgeadais Bhus Éireann (an Chuideachta) iniúchta againn a chuimsíonn an Cuntas Brabúis agus Cailteanais, an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas faoi Shreabha Airgid agus nótaí na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh chun feidhme agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102).

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadaisa leanas:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar an easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus,
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar níos mó cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid *'Na Freagrachtaí atá ar an Iniúcháir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais'* den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil do Iniúcháirí arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairéamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an HFA leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúcháora uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuairéamar le linn an iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha (ar lean)

Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go dtuairiscimid:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme;
- ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart; agus
- réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile atá riachtanach, chun an eolais agus an chreidimh atá againn, chun críocha ár n-iniúchta.

Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíríteas ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014 orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon cheann d'Ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit má tá an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorporáidigh i dtuarascáil na Stiúrthóirí nach léiríonn comhlíonadh na gcuideachtaí le mír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Freagrachtaí Faoi Seach

Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa ráitis ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an creatlach tuairiscithe airgeadais infheidhme a thugann léargas fíor agus cóir agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh an bhainistíocht is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag bainistíocht an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

Na Freagrachtaí atá ar an n-íúcháir as an iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus rátháíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8fa98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

Aidhm ár gcuid oibre iniúchta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dúinn

Tá ár dtuarascáil á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúcháireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchára agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar tháingamar.



Tommy Doherty

Ar son agus thar ceann Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla

Ionad Fhearchair, Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

6 Aibreán 2022

9.1 Cuntas Brabúis agus Cailteanais

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Ioncam			
Láimhdeachas oibriúcháin		288,728	284,786
Deontas ioncaim	14(c)	58,699	18,684
Fáltais ó na conarthaí Dírdhámhachtana Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Oibrítheoirí Bus Trachtála		122,941	93,833
Ioncam iomlán	3	470,368	397,303
Costais			
An párolla agus costais ghaolmhara	4(a)	(152,108)	(144,566)
Ábhair agus seirbhísí	5(a)	(315,271)	(258,865)
Iomlán na gcostas		(467,379)	(403,431)
TRÚCDA roimh chostais agus ioncaim eisceachtúla		2,989	(6,128)
Costais agus ioncaim (glan) eisceachtúla	5(c)	35	298
Dímheas agus amúchadh (glan)	5(d)	(4,267)	(3,582)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		1	244
(Easnamh) roimh ús agus cháin		(1,242)	(9,168)
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	6	(404)	(140)
(Easnamh) don bhliain roimh cháin		(1,646)	(9,308)
Cáin ar an (easnamh)/brabús i leith na bliana	7	0	70
(Easnamh) don bhliain tar éis cánach		(1,646)	(9,238)

9.2 Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021

	2021 €'000	2020 €'000
(Easnamh) tar éis cánach don bhliain	(1,646)	(9,238)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain	-	-
(Caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain	(1,646)	(9,238)

9.3 Clár Comhardaithe


31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	8	4,863	2,770
Sócmhainní seasta inláimhsithe	9	58,071	58,553
		62,934	61,323
Sócmhainní reatha			
Stoic	10	4,276	4,390
Féichiúnaithe	11	144,406	141,853
Airgead sa bhanc agus ar láimh		717	589
		149,399	146,832
Creidiúnaithe (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	12	(90,192)	(104,067)
Glan sócmhainní reatha		59,207	42,765
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		122,141	104,088
Soláthairtí in aghaidh dliteanas	13	(59,654)	(60,590)
Ioncam iarchurtha	14(a)	(29,352)	(36,717)
		(89,006)	(97,307)
Glan sócmhainní		33,135	6,781
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	15	94,212	66,212
Cuntas brabúis agus cailteanais - iarmhéid tosaigh		(59,431)	(50,193)
Brabús/easnamh don bhliain		(1,646)	(9,238)
Caipiteal gnáthscaireanna iomlán		33,135	6,781

Thar ceann an Bhoird



Miriam Highes
Cathaoirleach



Brendan Lenihan
Stiúrthóir

6 Aibreán 2022

9.4 Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	Scair- chaipiteal glaote €'000	Cuntas brabúis agus caill- teanais €'000	Iomlán €'000
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2020			(50,193)	16,019
loncam cuimsitheach iomlán don bhliain		-	(9,238)	(9,238)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2020		66,212	(59,431)	6,781
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2021		66,212	(59,431)	6,781
Méadú i scairchaipiteal glaoite	15	28,000		28,000
loncam cuimsitheach iomlán don bhliain			(1,646)	(1,646)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2021		94,212	(61,077)	33,135

9.5 Ráiteas um Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Airgead ó oibríochtaí			
Airgead glan/(úsáidte i) ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	16	(5,832)	23,189
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Breiseanna leis na sócmhainní seasta doláimhsithe		(3,097)	(2,870)
Breiseanna leis na sócmhainní seasta inláimhsithe		(13,740)	(266)
Fáltais díolacháin ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		1	244
Deontais chaipitil a fuarthas		1,598	8,804
Méadú i scairchaipiteal glaoite		28,000	-
(Méadú) ar chomhardú leis an máthair chuideachta		(6,398)	(29,788)
Ús a d'íoc an mháthair chuideachta agus a ghearr sí		(404)	(140)
Airgead glan ginte ó/(úsáidte i) ngníomhaíochtaí infheistíochta		5,960	(24,016)
Glan méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid		128	(827)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		589	1,416
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		717	589

9.6 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na uideachta ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

Is é CIÉ, ar fochuideachta de é Bus Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann seirbhísí iompair phoiblí de thalamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Is Cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán comhtháite seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí bus scoile a sholáthar, trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí.

Is Cuideachta Tráchtála Stáit é Bus Éireann, an Chuideachta, agus tá sé ina chuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is 119570 uimhir cláraithe an Cuideachta agus tá sé cláraithe i mBaile Átha Cliath le hoifig cláraithe ar an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Baineann ráitis airgeadais na Cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Éireann agus leo sin amháin.

Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus cailteanais oiriúnaithe ag na Stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál ghnó na Cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímhéas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndéontas caipitil arna bhfáil.

(a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as boinn tuisceana thábhachtacha áirithe i leith na todhcháí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanfaidh Stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (v) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfaidh boinn tuisceana agus meastacháin choigeartú ábhartha ar shuim ghlánluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadáitear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintitis incháilithe. Eintiteas incháilithe is ea an Chuideachta ach níor bhain sí leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe.

(b) Gnóthas leantach

Tá súil réasúnach ag na Stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Déantar an deimhniú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trádála sa todhcháí, pleananna caiteachais caipitil agus infhaighteacht leachtachta. Bhreithnigh na Stiúrthóirí rioscaí agus neamhchinnteachtaí sa ghnó chomh maith leis an bhfaisnéis phoiblí a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(c) Airgeadra eachtrach

(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe

Mura luaitear a mhalairt, is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€'. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair ina mílte ('000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus cailleanais a aithnítear gnóthachain agus cailleanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus cailleanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus cailleanais faoi 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear gach gnóthachan agus cailleanas airgid eachtraigh eile i láthair sa chuntas brabúis agus cailleanais lastigh de chostais 'ábhair agus seirbhísí'.

(d) Láimhdeachas

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim:

Aithnítear ioncam airgid ar bhus agus ioncam ón gcóras ticéadaithe chomhtháite an lá a soláthraítear an tseirbhís. Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar thréimhse an táirge ábhartha.

Aithnítear ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé.

(e) Íocaíochtaí agus Deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí

(i) Íocaíochtaí conarthaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) agus Dírdhámhachtana Oibritheoirí Bus Trachtála (CBO DAC)

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP agus CBO DAC arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus cailleanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

Ó 1 Eanáir 2021, taifeadann Bus Éireann ioncam a ghintear faoin gconradh dhámhachtana díri OSP ar bhonn ollchostais. Íoctar luach saothair le Bus Éireann bunaithe ar chostas na seirbhísí a sholáthraítear. Déantar gach bosca táillí agus ioncam eile paisinéirí (ar nós Tax saver agus ioncam DSP) a fhaightear ón bpaisinéir iompair phoiblí a dháileadh ar an NTA agus ní aithnítear é a thuilleadh i gcuntas brabúis agus cailleanais Bhus Éireann. Cuireann Bus Éireann sonrasc isteach ar bhonn tréimhsiúil chun seirbhísí a sholáthar faoin gconradh OSP a íoctar leis an gCuideachta ar feadh tréimhse amháin i riaráiste.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(ii) Deontais ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste

Déantar deontais ón Aontas Eorpach (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitiúil a chur chun sochair don ioncam iarchurtha nuair a bhíonn siad infhála. Déanann Bus Éireann taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhráithe de réir mhír 24 de FRS102. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus cailteanais ag an am céanna is a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

(iii) Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS) agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra (EWSS)

Scéim tacaíochta shealadach rialtais COVID-19 a bhí sa Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS) a d'oibrigh ó Mhárta go Lúnasa 2020 agus a cuireadh in ionad an EWSS (Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta). Tá fóirdheontas aitheanta ag an gCuideachta a fuarthas laistigh de dheontais ioncaim i Nóta 14 (c).

(f) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Éireann ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus cailteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(g) Ús infhála/ús iníoctha

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

(h) Costais eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus cailteanais Bhus Éireann, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a measaimid nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Chuideachta go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le nithe den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an Chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus cailteanais na Cuideachta agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

(i) Cáin

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus cailteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chaipiteal gnáthscaireanna leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascaíniú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha i leith an bhrabúis inchánaigh don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabúis inchánacha agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachais sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear cailteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabúis eile inchánacha sa todhchaí.

(j) Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Fo Chuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Éireann. Nochtann Bus Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

(k) Sócmhainní seasta doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothrom. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosa amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

(l) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe is infheidhme.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

(i) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, thar a saol úsáideach tuartha, ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

Tosaíonn an dímheas ar na sócmhainní sin nuair a chuirtear chun seirbhíse iad sa fhliú den chéad uair. Tar éis mionathbhreithniú le linn 2020 rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach fhliú le linn 2021.

Gléasra agus innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Tar éis mionathbhreithniú rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach ghléasra agus innealra le linn 2021.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Tá sonraí i dtaobh shaol úsáideach tuartha na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, ag deireadh gach bliana airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

(ii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don Chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

(iii) Dí-aithint

Déantar sócmhainní inlámhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Tráth na diúscairthe, déantar an difríocht idir an glanfáltas diúscairthe agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus cailleanais.

(m) Sócmhainní léasaithe

(i) Léasanna oibriúcháin

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear iomlán an riosca agus luach saothair a ghabhann le húinéireacht chuig an léasaí. Aithnítear fócaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailleanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

(ii) Dreasachtaí léasa

Déantar dreasachtaí a fuarthas chun dul i mbun léas oibriúcháin a aithint mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

(iii) Sócmhainní ar Léas an NTA

Aithnítear dreasachtaí a fuarthas chun dul isteach i léas oibríochta mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse an léasa.

(n) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh.

Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhath airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas lagaithe sa chuntas brabús nó cailteanais.

(o) Stoc

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an luach ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar cailteanas a thairneadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

(p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, tascí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

(q) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní airgeadais

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúp Chuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá tar tairfead leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tagtha ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear cailteanas lagaithe sa chuntas brabús nó cailteanais. Is ionann an cailteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chailteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an cailteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an cailteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(ii) Dlíteanais airgeadais

Ar an gcaoi chéanna, déantar roinnt ionstraimí airgeadais bunúsacha atá san áireamh sna dlíteanais reatha, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí agus iasachtaí ó ghrúp Chuideachtaí eile, a aithint den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an dliteanas airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascaíniú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúp Chuideachtaí eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar shuimeanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbheart agus déantar iad a thomhais ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

(r) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar soláthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaíne mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus cailteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an Cuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Cuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin. Ní dhéantar soláthar i gcoinne cailteanais oibriúcháin sa todhchaí.

(s) Dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(t) Sochair d'fhostaithe

Cuireann an Chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearach agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh.

Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsin faoi seach.

Plean pinsin le sochar sainithe

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Sainítear i bplean le sochar sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean le sochar sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanas na scéime pinsin le sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ. Glacann na fo Chuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 18.

(u) Caipiteal gnáthscaireanna

Déantar gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach i nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(v) Meastacháin agus boinn tuisceana ríthábhachtacha cuntasaíochta

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus tagann siad ar bhoinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. De réir sainmhínte, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhrí a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na boinn tuisceana lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus neamhláimhsithe

Braitheann an muirear dímheasa agus amúchta bliantúil i gcás sócmhainní inláimhsithe agus neamhláimhsithe ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus ríocht fisiciúil na sócmhainní. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní doláimhsithe, an fhearais agus an trealamh, agus saol eacnamaíoch úsáideach maidir le gach aicme sócmhainní leagtha amach i nóta 8 agus nóta 9.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(ii) Soláthar i dtaobh éileamh um dhliteanas trío páirtí agus dhliteanas fostóirí, agus aisghabhálacha gaolmhara

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íochta ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chúí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 13 a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(iii) Scéim pinsin le sochar sainithe

Tá sé d'oibleagáid ar ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaire ar bhannaí corparáideacha. Leagtar síos ar shlí níos mionsonraithe i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais nithe a bhaineann le costais pinsean agus scéimeanna pinsin.

2. Gnóthas Leantach

Bus Éireann – Seasamh Airgeadais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2021 Bus Éireann ar bhun gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tá mionbhreithniúchán déanta ag na Stiúrthóirí ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh ag an am seo agus tá siad sásta go bhfuil sé cúí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2021 ar an bhun seo.

I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

Stad Airgeadais na Cuideachta ag 31.12.20

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá glansócmhainní dar luach €33.1 milliún (2020: €6.8 milliún) agus glansócmhainní reatha dar luach €59.2 milliún (2020: €42.8 milliún) ag an gCuideachta.

Mar chuid de na glansócmhainní reatha áirítear dliteanas neamh-airgid dar luach €17.2 milliún (2020: €18.9 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha agus ioncam iarchurtha maidir le hioncam agus deontais chaipitil, níl gealltanais i gceist le deontais chaipitil agus úsáidtear iad de réir dímheas an socmháinne. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamh-airgid sin san áireamh, bhí glansócmhainní ag an gCuideachta dar luach €76.4 milliún (2020: €61.7 milliún).

Conarthaí Dírdhámhachtana Díreach PSO Bhus Éireann

In 2022 leanann an chuideachta ag feidhmiú faoi chonradh OSP ollchostais agus is ar an NTA atá an fhreagracht as an mbosca táille OSP agus as ioncam máthar paisinéirí arís. Dheimhnigh an NTA go bhfuil sé ar intinn aige leanúint de mhaoiniú OSP a chur ar fáil de réir Chonradh OSP in 2022. Lean Bus Éireann ag oibriú seirbhísí OSP de réir Chonradh na Dámhachtana Díre le linn 2021. In 2021 d'aistrigh Bus Éireann go conradh ollchostais agus mar sin níl sé faoi réir riosca ioncaim agus níl sé faoi réir buiséid a thuilleadh d'ioncam OSP. Bhí Bus Éireann i mbun idirphlé gníomhach leis an NTA an bhliain ar fad maidir leis na ceanglais mhaoinithe OSP mar thoradh ar bhearta leanúnacha sláinte poiblí COVID-19. Tá an cistiú go léir a theastaíonn do 2021 curtha ar fáil ag an NTA agus cé go bhfuil maoiniú ASC 2022 go fóill le cur i gcríoch, léiríonn dréachtuimhreacha a chuir an NTA ar fáil go gcuirfear maoiniú leordhóthanach ar fáil chun riachtanais OSP CGA a chlúdach in 2022.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Iompar Scoile

